Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0257(NLE)**

**11485/23**
**ADD 2**

**LIMITE**

**COLAC 81**
**POLCOM 146**
**SERVICES 27**
**FDI 15**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 431 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 431 final - IARSCRÍBHINN 1 – CUID 2/4..

---

Faoi iamh: COM(2023) 431 final - IARSCRÍBHINN 1 – CUID 2/4.

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 5.7.2023
COM(2023) 431 final

ANNEX 1 – PART 2/4

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann le***

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus maidir le cur i bhfeidhm sealadach, an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile**

CUID III

TRÁDÁIL AGUS ÁBHAIR A BHAINEANN LE TRÁDÁIL

CAIBIDIL 8

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS INSTITIÚIDEACHA

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 8.1

Bunú limistéir saorthrádála

Leis seo, bunaíonn na Páirtithe limistéar saorthrádála, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994 agus le hAirteagal V de GATS.

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.2

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCuid seo den Chomhaontú seo:

(a) trádáil earraí a leathnú agus a éagsúlú, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de GATT 1994, idir na Páirtithe trí bhacainní taraife agus bacainní neamhtharaife ar thrádáil a laghdú nó a dhíothú;

(b) trádáil earraí a éascú, go háirithe trí na forálacha maidir le custaim agus éascú trádála, caighdeáin, rialacháin theicniúla, nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, agus bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus caomhnú a dhéanamh ag an am céanna ar cheart gach Páirtí chun rialáil d'fhonn cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach;

(c) léirscaoileadh na trádála i seirbhísí, i gcomhréir le hAirteagal V de GATS;

(d) cúinsí eacnamaíochta a fhorbairt a bheidh fabhrach do shreafaí infheistíochta méadaithe, feabhas a chur ar na coinníollacha bunaíochta ar bhonn phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus, ag an am céanna, caomhnú a dhéanamh ar an gceart atá ag gach Páirtí maidir leis na bearta is gá a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú chun cuspóirí beartais dlisteanacha a shaothrú;

(e) trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe a éascú, lena n- áirítear trí aistriú saor íocaíochtaí reatha agus gluaiseachtaí caipitil;

PUBLIC

(f) timpeallacht a fhorbairt atá fabhrach d'infheistíocht trí rialacha trédhearcacha, cobhsaí agus intuartha a sholáthar lena ráthaítear cóir chothrom d'infheisteoirí agus córas cúirte a bhunú chun díospóidí idir infheisteoirí agus an stát a réiteach ar bhealach éifeachtach, cothrom agus intuartha;

(g) margaí soláthair phoiblí na bPáirtithe a oscailt go héifeachtach agus go cómhalartach;

(h) an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chur chun cinn trí chosaint leordhóthanach agus éifeachtach ceart maoine intleachtúla a áirithiú i gcomhréir leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme idir na Páirtithe;

(i) coinníollacha a chur chun cinn lena gcothaítear iomaíocht neamhshaofa, go háirithe maidir le trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe;

(j) trádáil idirnáisiúnta a fhorbairt ar bhealach a chuireann le forbairt inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de; agus

(k) sásra um réiteach díospóidí a bheadh éifeachtach, cóir agus intuartha a bhunú chun díospóidí maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú seo a réiteach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.3

Sainmhínithe a bhfuil feidhm ghinearálta acu

Chun críocha na Coda seo den Chomhaontú seo, maidir le hIarscríbhinní 9, 10-A go 10-E, 13-A go 13-H, 15-A, 15-B, 16-A, 16-B, 16-C, 17-A go 17-I, 19-A, 19-B, 19-C, 21-A, 21-B, 25, 28-A, 28-B, 29, 32-A, 32-B, 32-C, 38-A agus 38-B agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht' an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(b) ciallaíonn 'Comhaontú Frithdhumpála' an Comhaontú maidir le hAirteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil a Chur chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(c) ciallaíonn 'dleacht chustaim' aon dleacht nó muirear d'aon chineál a fhorchuirtear ar allmhairiú earra nó i ndáil leis an allmhairiú sin, nach bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leis:

   (i) muirear atá coibhéiseach le cáin inmheánach arna forchur i gcomhréir le hAirteagal 9.4 den Chomhaontú seo;

   (ii) dleacht frithdhumpála, dleacht choimirce speisialta, dleacht frithchúitimh nó dleacht choimirce arna gcur i bhfeidhm i gcomhréir le GATT 1994, leis an gComhaontú Frithdhumpála, leis an gComhaontú maidir le Talmhaíocht, leis an gComhaontú SCM agus leis an gComhaontú maidir le Bearta Cosanta, de réir mar is iomchuí; agus

   (iii) táille nó muirear eile a fhorchuirtear ar allmhairiú, nó i ndáil le hallmhairiú, a bhfuil teorainn lena mhéid le neaschostas na seirbhísí a tugadh;

(d) ciallaíonn ‘CPC’ an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta Idirnáisiúnta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991);

(e) ciallaíonn ‘laethanta’ laethanta féilire, lena n- áirítear an deireadh seachtaine agus laethanta saoire;

(f) ciallaíonn ‘atá ann cheana’ a mbeidh éifeacht aige ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;

(g) ciallaíonn ‘GATS’ an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí, atá in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú EDT;

(h) ciallaíonn ‘GATT 1994’ an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(i) ciallaíonn ‘earraí de chuid Páirtí’ earra intíre mar a thuigtear in GATT 1994, lena n-áirítear earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí sin;

(j) ciallaíonn ‘Córas Comhchuibhithe’ nó ‘CC’ an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, lena n- áirítear na Rialacha Ginearálta um Léirmhíniú, na Nótaí Roinne, na Nótaí Caibidle agus na Nótaí Fo- cheannteidil, arna bhforbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim;

(k) ciallaíonn ‘ceannteideal’ na chéad cheithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;



PUBLIC

(l) ciallaíonn ‘duine dlítheanach’ aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht phoiblí, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(m) ciallaíonn ‘beart’ aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, cinnidh, gnímh riaracháin, ceanglais nó cleachtais, nó aon fhoirm eile;

(n) ciallaíonn ‘beart de chuid Páirtí’ aon bheart arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun ag:[1]

(i) rialtais agus údaráis ar gach leibhéal;

(ii) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis ar gach leibhéal[2]; nó

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le ‘beart’ neamhghníomhartha Páirtí maidir le bearta a dhéanamh, ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh.

[2] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, beidh feidhm ag oibleagáidí Páirtí faoin gComhaontú seo maidir le fiontar faoi úinéireacht Stáit nó maidir le duine eile nuair a fheidhmíonn sé aon údarás rialála nó riaracháin nó aon údarás rialtasach eile arna tharmligean chuige ag an bPáirtí sin, amhail an t-údarás chun ceadúnais a dhíshealbhú, a eisiúint, chun idirbhearta tráchtála a fhormheas nó chun cuótaí, táillí nó muirir eile a fhorchur.



PUBLIC

(iii) aon eintiteas atá ag gníomhú ar threoracha ó Pháirtí nó faoi stiúir nó faoi rialú Páirtí maidir leis an mbeart[1];

(o) ciallaíonn duine nádúrtha:

(i) i gcás an Pháirtí AE, náisiúnach de Bhallstát, de réir a dhlí[2]; agus

(ii) i gcás na Sile, náisiúnach den tSile, de réir a dlí;

(p) ciallaíonn 'earra tionscnaimh' earra atá incháilithe faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 10;

(q) ciallaíonn 'duine' duine nádúrtha nó duine dlítheanach;

PUBLIC

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, má mhaíonn Páirtí go bhfuil eintiteas ag gníomhú faoi mar a thagraítear i bhfomhír (iii), is ar an bPáirtí sin atá an dualgas cruthúnais agus ní mór dó comharthaí nithiúla a sholáthar ar a laghad.

2 Chun críocha Chaibidlí 17 go 27, áirítear leis an sainmhíniú ar 'dhuine nádúrtha' duine nádúrtha a bhfuil buanchónaí air i bPoblacht na Laitvia nach saoránach de Phoblacht na Laitvia nó d'aon Stát eile é ach atá i dteideal, faoi dhlíthe Phoblacht na Laitvia, pas neamhshaoránaigh a fháil.

(r) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha atá aitheanta nó inaitheanta;

(s) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Bearta Cosanta' an Comhaontú maidir le Bearta Cosanta atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(t) ciallaíonn 'beart sláintíochta nó fíteashláintíochta' aon bheart dá dtagraítear i mír 1 d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS;

(u) ciallaíonn 'Comhaontú SCM' an Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(v) ciallaíonn 'Comhaontú SPS' an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(w) ciallaíonn 'Comhaontú BTT' an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú EDT;

(x) ciallaíonn 'Comhaontú TRIPS' an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú EDT; agus

(y) ciallaíonn 'Comhaontú EDT' Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh an 15 Aibreán 1994.

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.4

Baint le Comhaontú EDT agus le comhaontuithe eile atá ann cheana
a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo

1. Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú WTO agus faoi chomhaontuithe eile atá ann faoi láthair a bhfuil siad ina bpáirtí iontu agus a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo.

2. Ní fhorléireofar aon ní dá bhfuil sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir lena oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.

3. I gcás aon neamhréireacht idir an Comhaontú seo agus aon chomhaontú atá ann faoi láthair seachas Comhaontú EDT ar páirtí iad an dá Pháirtí ann agus a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú seo, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle lena chéile láithreach d’fhonn réiteach sásúil a fháil don dá thaobh.

PUBLIC

ROINN B

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.5

Cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí ag gníomhú di i gcumraíocht trádála

1. Agus an Chomhairle Chomhpháirteach arna bunú de bhun Airteagal 40.1 ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú, [1] féadfaidh sí:

(a) cinntí a ghlacadh chun an méid seo a leanas a leasú:

(i) na sceidil taraife i bhFoscríbhínní 9-1 agus 9-2 chun dlús a chur le díothú taraifí;

(ii) Caibidil 10 agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E;

(iii) Iarscríbhinní 13-F agus 13-G agus Foscríbhinn 13-E-1;

(iv) Iarscríbhinní 16-A, 16-D, 16-E, agus mír 1 d'Iarscríbhinn 16-B;

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuirfidh an tSile chun feidhme aon chinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach ag gníomhú di i gcumraíocht trádála trí *acuerdos de ejecución* (comhaontuithe feidhmiúcháin), i gcomhréir le dlí na Sile.

(v) Iarscríbhinn 21-B;

(vi) Iarscríbhinn 29;

(vii) an sainmhíniú ar 'fhóirdheontas' in Airteagal 31.2(1) a mhéid a bhaineann sé le fiontair a sholáthraíonn seirbhísí, d'fhonn toradh an phlé a dhéanfar amach anseo in EDT nó fóraim ilpháirtithe ghaolmhara ar an ábhar sin a ionchorprú;

(viii) Iarscríbhinn 32-A a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme sna Páirtithe;

(ix) Iarscríbhinn 32-B a mhéid a bhaineann leis na critéir atá le háireamh sa nós imeachta freasúra;

(x) Iarscríbhinn 32-C a mhéid a bhaineann leis na tásca geografacha;

(xi) Iarscríbhinní 38-A agus 38-B; agus

(xii) aon fhoráil, iarscríbhinn, foscríbhinn nó prótacal eile, i gcás ina ndéantar foráil maidir lena leasú sa Chuid seo den Chomhaontú;

(b) cinntí a ghlacadh chun léirmhínithe ar fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú seo a eisiúint, a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe agus ar na comhlachtaí uile a bhunaítear faoin gCuid seo den Chomhaontú agus ar na painéil dá dtagraítear i gCaibidlí 33 agus 38;

PUBLIC

(c) fochoistí breise agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú de bhun Airteagal 40.3(3) a bhunú; agus

(d) má mheasann sí gurb iomchuí sin, rialacha nós imeachta na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8 agus de bhun fhomhír (c) den mhír seo a bhunú.

2. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú clár oibre cruinnithe den Chomhairle Chomhpháirteach ag gníomhú di i gcumraíocht trádála, de bhun Airteagal 8.7(2).

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.6

Cúraimí sonracha an Chomhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála

1. Agus an Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 40.2 ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú, [1] déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh sé cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach le feidhmiú a feidhmeanna maidir le hábhair trádála agus infheistíochta;

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuirfidh an tSile chun feidhme aon chinneadh a ghlacfaidh an Comhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála trí *acuerdos de ejecución* (comhaontuithe feidhmiúcháin), i gcomhréir le dlí na Sile.

(b) beidh sé freagrach as an gCuid seo den Chomhaontú a chur chun feidhme go cuí; maidir leis sin, agus gan dochar do na cearta arna mbunú faoi Chaibidil 38, féadfaidh Páirtí aon saincheist a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú na Coda seo a tharchur lena plé laistigh den Chomhchoiste;

(c) déanfaidh sé formhaoirseacht ar fhorbairt bhreise ar fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú de réir mar is gá agus déanfaidh sé meastóireacht ar na torthaí a fhaightear óna cur i bhfeidhm;

(d) lorgóidh sé bealaí iomchuí chun fadhbanna a chosc agus a réiteach, ar fadhbanna iad a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar bhealach eile i réimsí a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú;

(e) déanfaidh sé maoirseacht ar obair na bhFochoistí uile a bhunaítear faoi Airteagal 8.8 agus na bhFochoistí a bhunaítear faoi Airteagal 40.3(3) agus a dhéanann cúraimí a bhaineann go sonrach le Cuid III den Chomhaontú seo; agus

(f) déanfaidh sé scrúdú ar aon éifeacht ar an gCuid seo den Chomhaontú a bhaineann le haontachas Ballstáit nua leis an Aontas Eorpach.

2. Féadfaidh an Comhchoiste, ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) fochoistí breise agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú de bhun Airteagal 40.3(3) a bhunú;

PUBLIC

(b) cinntí a ghlacadh chun an Chuid seo den Chomhaontú a leasú de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1) agus chun na léirithe dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 8.5(1) a eisiúint idir cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí, nuair nach féidir leis an gComhairle Chomhpháirteach teacht le chéile nó de réir mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo; agus

(c) rialacha nós imeachta na bhFochoistí agus na gcomhlachtaí eile a bhunú, má mheasann sé gurb iomchuí sin, ar fochoistí agus comhlachtaí iad a bunaítear de bhun Airteagal 8.8 agus de bhun fhomhír (a) den mhír seo.

3. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú clár oibre cruinnithe den Chomhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála, de bhun Airteagal 8.7(2).

AIRTEAGAL 8.7

Comhordaitheoirí don Chuid seo den Chomhaontú

1. Ceapfaidh gach Páirtí comhordaitheoir don Chuid seo den Chomhaontú, laistigh de 60 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi shonraí teagmhála an chomhordaitheora sin.

2. Déanfaidh na comhordaitheoirí an clár oibre a bhunú go comhpháirteach agus déanfaidh siad gach ullmhúchán eile is gá le haghaidh chruinnithe na Comhairle Comhpháirtí, an Chomhchoiste, agus na bhFochoistí agus comhlachtaí eile a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8 nó a bhunaítear faoi Airteagal 40.3(3) agus a dhéanann cúraimí a bhaineann go sonrach le Cuid III den Chomhaontú seo. Déanfaidh na comhordaitheoirí obair leantach maidir leis na cinntí ón gComhairle Chomhpháirteach agus ón gComhchoiste, ag gníomhú dóibh i gcumraíocht trádála, agus maidir leis na cinntí ó na Fochoistí sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 17.39 agus Airteagal 25.20, de réir mar is iomchuí.

PUBLIC

AIRTEAGAL 8.8

Fochoistí agus comhlachtaí eile a bhaineann go sonrach leis an gCuid seo den Chomhaontú

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo na Fochoistí seo a leanas:

(a) an Fochoiste in aghaidh Éilliú sa Trádáil agus san Infheistíocht;

(b) an Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh;

(c) an Fochoiste um Sheirbhísí Airgeadais;

(d) an Fochoiste um Maoin Intleachtúil;

(e) an Fochoiste um Sholáthar Poiblí;

(f) an Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta;

(g) an Fochoiste um Sheirbhísí agus Infheistíocht;

(h) an Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe;

(i) an Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil;

PUBLIC

(j) an Fochoiste um Thrádáil in Earraí; agus

(k) an Fochoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

2. Bunóidh comhordaitheoirí na Coda seo den Chomhaontú clár oibre chruinnithe na bhFochoistí agus comhlachtaí eile atá freagrach as ábhair a thagann faoi raon feidhme na Coda seo den Chomhaontú, de bhun Airteagal 8.7(2).

CAIBIDIL 9

TRÁDÁIL EARRAÍ

AIRTEAGAL 9.1

Cuspóir

Déanfaidh na Páirtithe trádáil earraí a léirscaoileadh de réir a chéile agus ar bhonn cómhalartach i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.2

Raon feidhme

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo, tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an trádáil in earraí de chuid Páirtí.

AIRTEAGAL 9.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 9:

(a) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí' an Comhaontú maidir le nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(b) ciallaíonn 'idirbhearta consalachta' an nós imeachta chun sonrasc consalach nó víosa chonsalach le haghaidh sonrasc tráchtála, deimhniú tionscnaimh, lastliosta, dearbhú onnmhairiúcháin loingseora nó aon doiciméadacht chustaim eile i ndáil le hearra a allmhairiú, a fháil ó chonsal an Pháirtí is allmhaireoir i gcríoch an Pháirtí is onnmhaireoir, nó i gcríoch tríú páirtí;

(c) ciallaíonn 'Comhaontú maidir le Luacháil Custaim' an Comhaontú maidir le hAirteagal VII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 a Chur Chun Feidhme, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(d) ciallaíonn 'nós imeachta um cheadúnú onnmhairí' nós imeachta riaracháin lena n-éilítear iarratas nó doiciméadacht eile seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críoch imréitigh custaim a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll onnmhairiúcháin ó chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir;

(e) ciallaíonn 'nós imeachta um cheadúnú allmhairí' nós imeachta riaracháin lena n- éilítear iarratas nó doiciméadacht eile, seachas iarratais nó doiciméadacht a éilítear go ginearálta chun críocha imréitigh custaim, a chur faoi bhráid an chomhlachta nó na gcomhlachtaí riaracháin ábhartha mar réamhchoinníoll allmhairiúcháin isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;

(f) ciallaíonn 'earra athmhonaraithe' earra a aicmítear i gCaibidlí CC 84 go 90 nó faoi cheannteideal 94.02, seachas earra atá aicmithe faoi cheannteidil CC 84.18, 85.09, 85.10, 85.16 agus 87.03 nó faoi fho-cheannteidil 8414.51, 8450.11, 8450.12, 8508.1 agus 8517.11, ar earra é:

  (i) atá comhdhéanta go hiomlán nó i bpáirt de pháirteanna a fuarthas ó earraí a úsáideadh roimhe;

  (ii) a bhfuil coinníollacha feidhmíochta agus oibre aige atá comhchosúil leis an earra coibhéiseach agus riocht nua air; agus

  (iii) a dtugtar an barántas céanna dó agus a thabharfaí don earra coibhéiseach agus riocht nua air;

PUBLIC

(g) ciallaíonn 'deisiú' aon oibríocht phróiseála arna déanamh ar earra chun lochtanna oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t- earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t- earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó; áirítear le hearraí a dheisiú athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht nó próiseas:

(i) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra, nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(ii) lena dtiontaítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(iii) a úsáidtear chun feidhmíocht theicniúil earra a fheabhsú nó a uasghrádú;

(h) ciallaíonn 'catagóir chéimnithe' an tráthchlár chun dleachtanna custaim a dhíothú, is é sin idir 0 bhliain agus 7 mbliana, a mbeidh earraí saor ó dhleacht chustaim ina dhiaidh sin, mura sonraítear a mhalairt sna sceidil in Iarscríbhinn 9.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.4

Cóir náisiúnta ar chánachas inmheánach agus rialáil

Tabharfaidh gach Páirtí cóir náisiúnta d'earraí an Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de GATT 1994 , lena n-  áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.5

Laghdú nó díothú dleachtanna custaim

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí de thionscnamh an Pháirtí eile a laghdú nó a dhíothú i gcomhréir lena sceideal in Iarscríbhinn 9.

2. Chun críocha mhír 1, is é a bheidh i mbonnráta na ndleachtanna custaim an bonnráta a shonraítear do gach earra sna sceidil in Iarscríbhinn 9.

3.	Má laghdaíonn Páirtí a ráta dleachta custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir lena náisiún barrfhabhair (‘ráta NBF’), beidh feidhm ag an sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí sin maidir leis na rátaí laghdaithe. Má laghdaíonn Páirtí a ráta NBF a chuirtear i bhfeidhm go dtí leibhéal atá faoi bhun an bhonnráta i ndáil le líne taraife áirithe, ríomhfaidh an Páirtí sin an ráta fabhrach is infheidhme lena ndéantar an laghdú taraife ar an ráta íslithe NBF a chuirtear i bhfeidhm, agus coinneoidh sé an corrlach fabhair coibhneasta le haghaidh na líne taraife áirithe sin fad is a bheidh an ráta NBF a chuirfear i bhfeidhm níos ísle ná an bonnráta. Comhfhreagraíonn an corrlach fabhair coibhneasta d’aon líne taraife ar leith i ngach tréimhse chéimnithe don difríocht idir an bonnráta a leagtar amach sa sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí sin agus an ráta dleachta arna chur i bhfeidhm le haghaidh na líne taraife sin i gcomhréir leis an sceideal sin, arna roinnt ar an mbonnráta sin, agus arna shloinneadh i dtéarmaí céatadáin.

4.	Arna iarraidh sin do Pháirtí, rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile chun breithniú a dhéanamh ar dhlús a chur le laghdú nó díothú dleachtanna custaim a leagtar amach sna sceidil in Iarscríbhinn 9. Ag féachaint don chomhairliúchán sin, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 9 a leasú chun dlús a chur leis an laghdú nó an díothú taraife sin.

AIRTEAGAL 9.6

Neamhghníomhaíocht

1.	Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo, ní mhéadóidh Páirtí aon dleacht chustaim arna shocrú mar an mbonnráta in Iarscríbhinn 9 ná ní ghlacfaidh sé aon dleacht chustaim nua ar earra de thionscnamh an Pháirtí eile.



PUBLIC

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí dleacht chustaim a ardú go dtí an leibhéal a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 don tréimhse chéimnithe faoi seach tar éis laghdú aontaobhach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.7

Dleachtanna ar onnmhairí, cánacha nó muirir eile

1. Maidir le haon dleacht, cáin nó muirear eile d'aon chineál a fhorchuirfear ar onnmhairiú earra, nó i ndáil le honnmhairiú earra, chuig an bPáirtí eile, ní fhéadfaidh Páirtí é sin a ghlacadh ná a choinneáil ar bun; nó aon cháin inmheánach nó muirear eile ar earra a onnmhaireofar chuig an bPáirtí eile a bheidh níos mó ná an cháin nó an muirear a d'fhorchuirfí ar earraí comhchosúla nuair a bheadh sé beartaithe lena dtomhaltas intíre.

2. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo cosc ar Pháirtí táille nó muirear a cheadaítear de bhun Airteagal 9.8 a fhorchur ar earra a onnmhairítear.

AIRTEAGAL 9.8

Táillí agus foirmiúlachtaí

1. Na táillí agus na muirir eile a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú nó onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i ndáil leis sin, déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a soláthraíodh, agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná cánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní thoibheoidh Páirtí táillí ná muirir eile ar allmhairiú nó ar onnmhairiú, nó i dtaca leis sin, ar bhonn *ad valorem*.

3. Ní fhéadfaidh gach Páirtí muirir a fhorchur ná costais a ghnóthú ach amháin i gcás ina dtugtar seirbhísí sonracha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach nó le faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim;

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim; nó

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh siad riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear a fhorchuirfidh sé i ndáil le hallmhairiú nó le honnmhairiú ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.

PUBLIC

5. Ní beidh idirbhearta consalacha de dhíth ar Pháirtí, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra de chuid an Pháirtí eile a allmhairiú.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 9.9

### Earraí deisithe

1. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm ar earra, beag beann ar a thionscnamh, a thiocfaidh isteach arís i gcríoch chustaim an Pháirtí tar éis an t-earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chustaim go dtí críoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.

3. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.[1]

[1] San Aontas Eorpach, úsáidtear an nós imeachta um próiseáil isteach mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 chun críocha na míre seo.

AIRTEAGAL 9.10

Earraí athmhonaraithe

1. Ní thabharfaidh Páirtí cóir is lú fabhar d'earraí athmhonaraithe an Pháirtí eile ná mar a thugann sé d'earraí comhchosúla a bhfuil riocht nua orthu, mura ndéantar foráil dá mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú seo.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag Airteagal 9.11 maidir le toirmisc nó srianta ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí athmhonaraithe. Má ghlacann Páirtí toirmisc nó srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar earraí úsáidte, nó má choinníonn sé ar bun iad, ní chuirfidh sé na bearta sin i bhfeidhm maidir le hearraí athmhonaraithe.

3. Féadfaidh Páirtí a éileamh go ndéanfar earraí athmhonaraithe a shainaithint amhlaidh lena ndáileadh nó lena ndíol ina chríoch agus go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas teicniúil is infheidhme a bhfuil feidhm acu maidir le hearraí comhchosúla a bhfuil riocht nua orthu.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.11

Srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú

Chuige sin, déantar Airteagal XI de GATT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chuid seo den Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chuid seo den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*. Ní ghlacfaidh Páirtí aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú aon earra de chuid an Pháirtí eile nó ar onnmhairiú nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú aon earra atá ceaptha do chríoch an Pháirtí eile, ná ní choinneoidh sé an méid sin ar bun, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal XI de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha.

AIRTEAGAL 9.12

Comhartha tionscnaimh

Má chuireann an tSile ceanglais shainordaitheacha maidir le marcáil tíre tionscnaimh i bhfeidhm maidir le hearraí de chuid an Pháirtí AE, féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh go gcomhlíonann earraí a bhfuil marcáil 'Déanta san Aontas Eorpach' orthu, nó ar a bhfuil marcáil chomhchosúil sa teanga áitiúil, na ceanglais sin nuair a allmhairítear isteach sa tSile iad. Ní dhéanann an tAirteagal seo difear do cheart ceachtar Páirtí cineál na dtáirgí a shonrú a bhfuil ceanglais maidir le marcáil na tíre tionscnaimh sainordaitheach ina leith. Níl feidhm ag Caibidil 10 maidir leis an Airteagal seo.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.13

Nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí

1. Maidir leis na nósanna imeachta uile um cheadúnú allmhairí is infheidhme maidir le trádáil earraí idir na Páirtithe, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta sin neodrach agus iad á gcur i bhfeidhm, agus go riarfar iad ar mhodh cóir cothrom neamh-idirdhealaitheach trédhearcach.

2. Ní déanfaidh Páirtí nósanna imeachta um ceadúnú allmhairí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun mar choinníoll le hallmhairiú isteach chuig a chríoch ó chríoch an Pháirtí eile, ach amháin mura bhfuil nósanna imeachta iomchuí eile ar fáil go réasúnach chun cuspóir riaracháin a bhaint amach.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí aon nós imeachta neamh-uathoibríoch um cheadúnú allmhairí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun mar choinníoll le hallmhairiú isteach ina chríoch ó chríoch an Pháirtí eile ach amháin más gá beart atá i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo a chur chun feidhme. Aon Pháirtí a ghlacfaidh nós imeachta neamh-uathoibríoch um cheadúnú allmhairí, cuirfidh sé in iúl go soiléir an beart atá á chur chun feidhme tríd an nós imeachta sin.

4. Glacfaidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú allmhairí i gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 3 den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí agus déanfaidh sé na nósanna imeachta sin a riar. Chuige sin, déantar Airteagail 1, 2 agus 3 den Chomhaontú maidir le Ceadúnú Allmhairí a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid de, *mutatis mutandis*.

PUBLIC

5. Páirtí a ghlacann nósanna imeachta nua um cheadúnú allmhairí, nó a dhéanann modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile laistigh de 60 lá ó dháta foilsithe na nósanna imeachta nua sin um cheadúnú allmhairí nó na modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana. Áireofar an fhaisnéis a shonraítear i mír 3 den Airteagal seo agus in Airteagal 5(2) den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairiú san fhógra. Measfar go bhfuil Páirtí i gcomhréir leis an oibleagáid sin má thugann sé fógra faoi nós imeachta nua um cheadúnú allmhairí, nó faoi mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana, do Choiste um Cheadúnú Allmhairiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 4 den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí, lena n- áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú sin.

6. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile aon fhaisnéis ábhartha go pras, lena n- áirítear an fhaisnéis a shonraítear in Airteagal 5(2) den Chomhaontú maidir le Nósanna Imeachta um Cheadúnú Allmhairí, maidir le haon nós imeachta um cheadúnú allmhairí a bheartaíonn sé a ghlacadh, atá glactha aige nó a choinníonn sé ar bun chomh maith le haon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú allmhairí atá ann cheana.

## AIRTEAGAL 9.14

### Nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí

1. Foilseoidh gach Páirtí aon nós imeachta um cheadúnú onnmhairí, nó aon mhodhnú ar nós imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana ar bhealach lena bhféadfaidh rialtais, trádálaithe agus páirtithe leasmhara eile eolas a fháil orthu. Déanfar foilseachán den sórt sin, nuair is indéanta, 30 lá sula dtiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó modhnú, agus in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta a thiocfaidh éifeacht leis an nós imeachta nó leis an modhnú.

PUBLIC

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh i bhfoilseachán na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí:

(a) téacs na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí, nó téacs aon mhodhnuithe a dhéanfaidh sé ar na nósanna imeachta sin;

(b) na hearraí atá faoi réir gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí;

(c) i gcás gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí, tuairisc ar an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas agus ar aon chritéar nach mór d'iarratasóir a chomhlíonadh le bheith cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas, amhail ceadúnas gníomhaíochta a bheith aige, infheistíocht a bhunú nó a choinneáil ar bun, nó oibriú trí chineál áirithe bunaíochta i gcríoch Pháirtí;

(d) pointe nó pointí teagmhála óna bhféadfaidh daoine leasmhara tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na coinníollacha a bhaineann le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil;

(e) an comhlacht nó na comhlachtaí riaracháin ar cheart iarratas nó doiciméadacht ábhartha eile a chur faoina bhráid;

(f) tuairisc ar aon bheart nó ar aon bhearta a bhfuil an nós imeachta um cheadúnú onnmhairí ceaptha iad a chur chun feidhme;

(g) an tréimhse a mbeidh gach nós imeachta um cheadúnú onnmhairí i bhfeidhm lena linn, mura bhfanfaidh an nós imeachta i bhfeidhm go dtí go ndéanfar é a tharraingt siar nó a athbhreithniú i bhfoilseachán nua;

PUBLIC

(h) má bheartaíonn an Páirtí nós imeachta um ceadúnú onnmhairí a úsáid chun cuóta onnmhairiúcháin a riar, cainníocht fhoriomlán agus, más infheidhme, luach an chuóta agus dátaí oscailte agus dúnta an chuóta; agus

(i) aon díolúine nó eisceacht a chuirtear in ionad an cheanglais maidir le ceadúnas onnmhairiúcháin a fháil, conas na díolúintí nó na heisceachtaí sin a iarraidh nó a úsáid, agus na critéir chun iad a dheonú.

3. Laistigh de 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi na nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá aige cheana. Páirtí a ghlacann nósanna imeachta nua um cheadúnú onnmhairí, nó a dhéanann modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile laistigh de 60 lá ó dháta foilsithe na nósanna imeachta nua sin um cheadúnú onnmhairí nó na modhnuithe ar nósanna imeachta um cheadúnú onnmhairí atá ann cheana. Áireofar leis an bhfógra sin an tagairt don fhoinse nó do na foinsí ina bhfoilsítear an fhaisnéis a éilítear de bhun mhír 2 agus más iomchuí, beidh seoladh an tsuímh nó na suíomhanna gréasáin rialtais ábhartha san áireamh freisin.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear de cheangal ar Pháirtí le haon ní san Airteagal seo ceadúnas onnmhairiúcháin a dheonú, ná ní choisceann sé ar Pháirtí a oibleagáidí nó a ghealltanais a chur chun feidhme faoi Rúin de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nó faoi chórais iltaobhacha neamhleata agus faoi shocruithe maidir le rialú onnmhairí.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.15

Luacháil custaim

Cinnfidh gach Páirtí luach custaim earraí an Pháirtí eile a allmhairítear isteach chuig a chríoch i gcomhréir le hAirteagal VII de GATT 1994 agus leis an gComhaontú maidir le Luacháil Custaim. Chuige sin, déantar Airteagal VII de GATT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, agus Airteagal 1 go hAirteagal 17 den Chomhaontú maidir le Luacháil Custaim, lena n-áirítear na Nótaí Léiritheacha, a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo iad *mutatis mutandis*.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.16

Úsáid fabhair

1. Chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na Coda seo den Chomhaontú seo agus chun rátaí úsáide tosaíochta a ríomh, malartóidh na Páirtithe staidreamh cuimsitheach allmhairiúcháin go bliantúil ar feadh tréimhse a thosóidh 1 bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo go dtí 10 mbliana tar éis críoch a chur leis an díothú taraifí le haghaidh gach earra i gcomhréir leis na sceidil in Iarscríbhinn 9. Mura gcinnfidh an Comhchoiste a mhalairt, cuirfear síneadh leis an tréimhse sin go huathoibríoch go ceann 5 bliana, agus ina dhiaidh sin féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh síneadh breise a chur léi.

2. Cumhdófar leis an malartú staidrimh allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1 sonraí a bhaineann leis an mbliain is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear luach agus, i gcás inarb infheidhme, méid, ar leibhéal na líne taraife i gcás allmhairí earraí an Pháirtí eile a thairbhíonn de chóir fhabhrach dleachta faoin gCuid seo den Chomhaontú seo agus i gcás allmhairí na n-earraí sin a fuair cóir neamhfhabhrach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.17

Bearta sonracha maidir le bainistíocht na córa fabhraí

1. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun sáruithe ar an reachtaíocht chustaim a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo a chosc, a bhrath agus a chomhrac i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoi Chaibidil 10 agus faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

2. Féadfaidh Páirtí, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 3, cóir fhabhrach ábhartha na n-earraí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach nuair a chinnfidh an Páirtí sin, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, láidir agus infhíoraithe, go ndearna an Páirtí eile sáruithe córasacha mórscála ar an reachtaíocht chustaim chun an chóir fhabhrach a deonaíodh faoin gCaibidil seo a fháil, agus nuair a chinnfidh sé:

(a) easpa córasach gníomhaíochta nó gníomhaíocht leordhóthanach ag an bPáirtí eile chun stádas tionscnaimh na n-earraí a fhíorú agus chun na ceanglais eile sa Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim a chomhlíonadh, agus sárú na rialacha tionscnaimh á aithint nó á chosc;

(b) diúltú córasach ag an bPáirtí eile chun fíorú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an gcruthúnas tionscnaimh arna iarraidh sin don Pháirtí eile nó chun torthaí an fhíoraithe sin a chur in iúl in am, nó moill mhíchuí maidir leis an bhfíorú sin a chur i gcrích nó na torthaí a chur in iúl; nó

(c) diúltú córasach nó mainneachtain ag an bPáirtí eile chun oibriú i gcomhar nó chun cúnamh a thabhairt maidir lena oibleagáidí faoin bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim i ndáil leis an gcóir fhabhrach.

3. Tabharfaidh an Páirtí a mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 2 déanta aige fógra don Chomhchoiste gan moill mhíchuí agus rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile laistigh den Chomhchoiste d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá thaobh.

Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 3 mhí tar éis an dáta ar a dtabharfar an fógra, féadfaidh an Páirtí a tháinig ar an toradh cóireáil fhabhrach ábhartha an táirge/na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach. Tabharfar fógra faoin bhfionraíocht shealadach sin don Chomhchoiste gan moill mhíchuí.

Ní bheidh feidhm ag na fionraíochtaí sealadacha ach ar feadh na tréimhse is gá chun leasanna airgeadais an Pháirtí lena mbaineann a chosaint, agus ní bheidh feidhm acu ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí. I gcás ina leanfaidh na coinníollacha as ar eascair an fhionraíocht tosaigh de bheith ann faoi dhul in éag na tréimhse sé mhí, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann cinneadh a dhéanamh an fhionraí a athnuachan. Beidh aon fhionraíocht shealadach faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla laistigh den Chomhchoiste.



PUBLIC

4. Foilseoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin, fógraí d'allmhaireoirí faoi aon fhógra agus aon chinneadh a bhaineann leis na fionraíochta sealadacha dá dtagraítear i mír 3.

PUBLIC

AIRTEAGAL 9.18

An Fochoiste um Thrádáil in Earraí

Déanfaidh an Fochoiste um Thrádáil in Earraí a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8(1) an méid seo a leanas:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus Iarscríbhinn 9;

(b) an trádáil earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn, lena n- áirítear trí chomhairliúcháin maidir le cóir taraife agus rochtain ar an margadh de bhun Airteagal 9.5(4) a fheabhsú agus maidir le saincheisteanna eile, de réir mar is iomchuí;

(c) fóram a chur ar fáil chun aon saincheist a bhaineann leis an gCaibidil seo a phlé agus a réiteach;

(d) aghaidh a tabhairt go pras ar bhacainní ar thrádáil earraí idir na Páirtithe, go háirithe na cinn sin a bhaineann le cur i bhfeidhm beart neamhtharaife agus, más iomchuí, ábhair den sórt sin a tharchur chuig an gComhchoiste lena mbreithniú;

(e) aon mhodhnú a bheadh le déanamh ar an gCaibidil seo nó aon rud breise a bheadh le cur léi a mholadh do na Páirtithe;

(f) an malartú sonraí le haghaidh úsáid tosaíochta a chomhordú, nó aon fhaisnéis eile maidir le trádáil earraí idir na Páirtithe a chinnfeadh sé;

(g) aon leasú a dhéanfaí ar an gCóras Comhchuibhithe amach anseo a athbhreithniú lena áirithiú nach n- athrófaí oibleagáidí gach Páirtí faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, agus dul i gcomhairle chun aon choinbhleacht ghaolmhar a réiteach;

(h) na feidhmeanna a leagtar amach in Airteagal 15.17 a dhéanamh.

PUBLIC

CAIBIDIL 10

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA TIONSCNAIMH

PUBLIC

ROINN A

RIALACHA TIONSCNAIMH

AIRTEAGAL 10.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E:

(a) ciallaíonn 'aicmiú' aicmiú táirge nó ábhair faoi chaibidil, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;

(b) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí a chuirtear go comhuaineach ó onnmhaireoir amháin chuig coinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, a sheoltar le sonrasc amháin;

(c) ciallaíonn 'údarás custaim':

(i) i gcás na Sile, an Riarachán Náisiúnta Custaim; agus

(ii) i gcás an Pháirtí AE, seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim agus as na riaracháin chustaim agus aon údaráis eile atá freagrach i mBallstáit an Aontais Eorpaigh as an dlí custaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

(d) ciallaíonn 'onnmhaireoir' duine, atá lonnaithe i bPáirtí, a onnmhairíonn nó a tháirgeann an táirge tionscnaimh agus a dhéanann amach ráiteas maidir le tionscnamh, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí;

(e) ciallaíonn 'táirgí comhionanna' táirgí a chomhfhreagraíonn i ngach slí do na táirgí a dtugtar tuairisc orthu i dtuairisc an táirge; ní mór tuairisc an táirge ar an doiciméad tráchtála a úsáidtear chun ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas le haghaidh il-lastas a bheith beacht go leor chun an táirge sin a shainaithint go soiléir, ach freisin na táirgí comhionanna atá le hallmhairiú ina dhiaidh sin bunaithe ar an ráiteas sin;

(f) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine a allmhairíonn an táirge tionscnaimh agus a éilíonn cóir fhabhrach taraife dó;

(g) ciallaíonn 'ábhar' aon substaint a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh, lena n-áirítear aon chomhábhar, amhábhar, comhpháirt nó páirt;

(h) ciallaíonn 'táirge' toradh an táirgthe, fiú má tá sé beartaithe é a úsáid mar ábhar chun táirge eile a tháirgeadh ag céim níos déanaí; agus

(i) ciallaíonn 'táirgeadh' aon chineál oibrithe nó próiseála, lena n- áirítear cóimeáil.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.2

Ceanglais ghinearálta

1. Chun an chóir fhabhrach taraife a chur i bhfeidhm arna déanamh ag Páirtí maidir le hearra tionscnaimh an Pháirtí eile i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, ar choinníoll go gcomhlíonann an táirge gach ceanglas eile is infheidhme a leagtar amach sa Chaibidil seo, meastar gur de thionscnamh an Pháirtí eile na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí a fuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin mar a fhoráiltear in Airteagal 10.4;

(b) táirgí a tháirgtear go heisiach as ábhair de thionscnamh an Pháirtí sin; agus

(c) táirgí a tháirgtear sa Pháirtí sin ina n-úsáidtear ábhair neamhthionscnaimh ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

2. Má tá stádas tionscnaimh faighte ag táirge i gcomhréir le mír 1, ní mheasfar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun an táirge sin a tháirgeadh nuair atá an táirge sin ionchorpraithe mar ábhar i dtáirge eile.

3. Déanfar éadáil an stádais tionscnaimh a chomhlíonadh gan bhriseadh i gcríoch an Pháirtí.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.3

Carnadh tionscnaimh

1. Measfar gur de thionscnamh an Pháirtí eile táirge de thionscnamh Páirtí má úsáidtear é mar ábhar i dtáirgeadh táirge eile sa Pháirtí eile sin, ar choinníoll gur mó an t-oibriú agus an phróiseáil a dhéantar ná ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10.6.

2. Maidir le hábhair atá aicmithe i gCaibidil 3 den Chóras Comhchuibhithe agus ar de thionscnamh na dtíortha dá dtagraítear i bhfomhír (b) de mhír 4 iad agus a úsáidtear chun táirgí tuinnín stánaithe a aicmítear i bhfo-cheannteideal 1604.14 den Chóras Comhchuibhithe a tháirgeadh, féadfar a mheas gur de thionscnamh Páirtí iad ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i bhfomhíreanna (a) go (e) de mhír 3, agus go seolann an Páirtí sin fógra maidir le scrúdú a dhéanamh ag an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 10.31.

3. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh, tar éis moladh a fháil ón bhFochoiste, go bhféadfar a mheas gur de thionscnamh Páirtí ábhair áirithe de thionscnamh na dtríú tíortha[1] dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo má úsáidtear iad chun táirge a tháirgeadh sa Pháirtí sin ar choinníoll:

(a) go bhfuil comhaontú trádála i bhfeidhm ag gach Páirtí lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, de réir bhrí Airteagal XXIV de GATT 1994;

---

[1] Ar mhaithe le tagairt, sainmhínítear 'tríú tír' i bhfomhír (aa) d'Airteagal 8.3.



PUBLIC

(b) go gcinntear tionscnamh na n-ábhar dá dtagraítear sa mhír seo i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh is infheidhme faoin méid seo a leanas:

(i) comhaontú trádála an Pháirtí AE lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, má úsáidtear an t-ábhar lena mbaineann chun táirge a tháirgeadh sa tSile; agus

(ii) comhaontú trádála na Sile lena ndéantar limistéar saorthrádála leis an tríú tír sin, má úsáidtear an t-ábhar lena mbaineann chun táirge a tháirgeadh sa Pháirtí AE;

(c) go bhfuil socrú i bhfeidhm idir an Páirtí agus an tríú tír sin maidir le comhar riaracháin leordhóthanach lena n-áirithítear cur chun feidhme iomlán na Caibidle seo, lena n-áirítear forálacha maidir le doiciméadacht iomchuí a úsáid i dtaca le tionscnamh ábhar, agus go dtabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoin socrú sin;

(d) go dtéann táirgeadh nó próiseáil na n-ábhar a dhéantar sa Pháirtí sin thar cheann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 10.6; agus

(e) go comhaontaíonn na Páirtithe ar aon choinníollacha eile is infheidhme.

4. Is iad na tríú tíortha dá dtagraítear i mír 3:

(a) Cósta Ríce, an tSalvadóir, Guatamala, Hondúras, Nicearagua agus Panama de Mheiriceá Láir; agus

(b) an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, de thíortha na nAindéas.

AIRTEAGAL 10.4

Táirgí arna bhfáil go hiomlán

PUBLIC

1. Measfar go bhfuarthas go hiomlán i bPáirtí na táirgí seo a leanas:

(a) plandaí agus táirgí glasraí a fásadh nó a buaineadh sa Pháirtí sin;

(b) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(c) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sa Pháirtí sin;

(d) táirgí a fuarthas trí shealgaireacht, gaistiú, iascaireacht, bailiú nó gabháil a rinneadh sa Pháirtí sin, ach nach raibh thar theorainneacha lasmuigh fharraige theorann an Pháirtí;

(e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;

(f) táirgí a fuarthas de thoradh dobharshaothraithe sa Pháirtí sin, más rud é gur rugadh nó gur tógadh orgánaigh uisceacha, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh, inveirteabraigh uisceacha agus plandaí uisceacha agus plandaí uisceacha eile, as stoc síl amhail uibheacha, eochraí, gealóga, gilidíní nó larbhaí, trí idirghabháil sna próisis tógála nó fáis chun feabhas a chur ar an táirgeadh amhail stocáil rialta, beathú nó cosaint ó chreachadóirí;

(g) mianraí nó substaintí eile atá ann go nádúrtha, nach n-áirítear i bhfomhíreanna (a) go (f), a eastóscadh nó a baineadh sa Pháirtí sin;

(h) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soithí an Pháirtí sin as an bhfarraige lasmuigh d'aon fharraige theorann;

(i) táirgí a rinneadh ar bord loinge monarchan de chuid Páirtí as táirgí dá dtagraítear i bhfomhír (h) agus as na táirgí sin amháin;

(j) táirgí arna n-eastóscadh ag Páirtí nó ag duine de chuid an Pháirtí sin as ithir mhuirí nó as fo-ithir mhuirí lasmuigh d'aon fharraige theorann ar choinníoll go bhfuil cearta acu an ithir nó an fho-ithir sin a oibriú;

(k) dramhaíl nó fuíoll a díorthaíodh ó tháirgeadh sa Pháirtí sin nó ó tháirgí úsáidte a bailíodh ansin, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin oiriúnach ach amháin chun amhábhair a aisghabháil; agus

(l) táirgí a táirgeadh sa Pháirtí sin as na táirgí a luaitear go sonrach i bhfomhíreanna (a) go (k) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ciallaíonn na téarmaí 'soitheach de chuid Páirtí' agus 'long mhonarchan de chuid Páirtí' i bhfomhír (h) agus (i) de mhír 1 soitheach nó long mhonarchan:

(a) atá cláraithe i mBallstát nó sa tSile;

(b) a sheolann faoi bhratach Ballstáit nó faoi bhratach na Sile; agus

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha a leanas:

(i) a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht daoine nádúrtha de chuid Ballstáit nó de chuid na Sile; nó

(ii) atá faoi úinéireacht duine dlítheanach:

(A) a bhfuil a gceannoifig agus a bpríomháit ghnó acu i mBallstát nó sa tSile, agus

(B) a bhfuil níos mó ná 50 % de faoi úinéireacht daoine de chuid ceann de na Páirtithe sin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.5

Lamháltais

1. Mura gcomhlíonann ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10- B, measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge sin, ar choinníoll:

(a) i gcás gach táirge[1] seachas na táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, nach mó luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh ná 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha;

---

[1] Caibidlí 1 go Caibidil 24 den Chóras Comhchuibhithe, i gcomhréir le Nóta 9 d'Iarscríbhinn 10-A.

(b) i gcás táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, go bhfuil feidhm ag na lamháltais a shonraítear i Nótaí 6 go 8 d'Iarscríbhinn 10-A.

2. Níl feidhm ag mír 1 má tá luach nó meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh arna n-úsáid chun táirge a tháirgeadh os cionn aon cheann de na céatadáin do luach uasta nó meáchan uasta na n-ábhar neamhthionscnaimh mar a shonraítear sna ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le táirgí a fuarthas go hiomlán i bPáirtí de réir bhrí Airteagal 10.4. Má cheanglaítear le hIarscríbhinn 10-B nach mór na hábhair a úsáidtear chun táirge a tháirgeadh a bheith ina n-ábhair a fuarthas go hiomlán, beidh feidhm ag míreanna 1 agus 2.

AIRTEAGAL 10.6

Oibriú nó próiseáil neamhleor

1. D'ainneoin fhomhír (c) d'Airteagal 10.2(1), ní mheasfar gur de thionscnamh Páirtí táirge más rud é nach ndéantar ach ceann amháin nó níos mó de na hoibríochtaí seo a leanas ar ábhair neamhthionscnaimh sa Pháirtí sin:

(a) oibríochtaí caomhnaithe amhail triomú, reo, coinneáil i sáile agus oibríochtaí comhchosúla eile i gcás gurb é an t- aon chuspóir amháin atá leo a áirithiú go bhfanfaidh na táirgí i riocht maith le linn a n- iompair agus a stórála;



PUBLIC

(b) briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(c) ní, glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;

(d) iarnáil nó preasáil teicstílí agus earraí teicstíle;

(e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

(f) rís a scilligeadh agus a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán; gránaigh agus rís a shnasú agus a ghlónrú;

(g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú, nó lena ndéantar cnapshiúcra, siúcra a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán;

(h) torthaí, cnónna agus glasraí a scilligeadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;

(i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;

(j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú, comhoiriúnú;

(k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;

(l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe eile den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil orthu;

PUBLIC

(m) táirgí, a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís; siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;

(n) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;

(o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádúrú go simplí; nó

(p) marú ainmhithe.

2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríochtaí simplí iad oibríochtaí mura bhfuil gá le scileanna, innill, gaireas ná trealamh speisialta arna dtáirgeadh nó arna suiteáil go háirithe chun na hoibríochtaí sin a chur i gcrích.

AIRTEAGAL 10.7

Aonad incháilitheachta

1. Chun críocha na Caibidle seo, is é bheidh san aonad incháilitheachta an táirge sonrach a meastar gurb é an bunaonad é agus an táirge á aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe.

PUBLIC

2. Má bhíonn líon táirgí comhionanna i gcoinsíneacht a aicmítear faoin gceannteideal céanna den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.8

Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí

1. Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth- threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth- threalaimh nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

2. Ní chuirfear gabhálais, páirteanna spártha ná uirlisí dá dtagraítear i mír 1 san áireamh chun tionscnamh táirge a chinneadh ach amháin chun uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir luach ábhar neamhthionscnaimh mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-B.

AIRTEAGAL 10.9

Tacair

Measfar gur de thionscnamh Páirtí iad tacair, mar a shainmhínítear iad i Riail Ghinearálta 3 um Léiriú ar an gCóras Comhchuibhithe, más comhpháirteanna tionscnaimh iad a gcomhpháirteanna uile. I gcás ina bhfuil idir chomhpháirteanna tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar de thionscnamh Páirtí an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na gcomhpháirteanna neamhthionscnaimh ná 15 % de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

AIRTEAGAL 10.10

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na nithe seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn a tháirgthe, a chinneadh:

(a) breosla, fuinneamh, catalaígh, agus tuaslagóirí;

(b) trealamh, feistí agus soláthairtí a úsáidtear chun an táirge a thástáil nó chun iniúchadh a dhéanamh air;

PUBLIC

(c) meaisíní, uirlisí, díslí agus múnlaí;

(d) páirteanna spártha agus ábhair a úsáidtear chun trealamh agus foirgnimh a chothabháil;

(e) bealaí, gréisc, ábhair chumaisc agus ábhair eile a úsáidtear sa táirgeadh nó chun trealamh agus foirgnimh a oibriú;

(f) lámhainní, spéaclaí, coisbheart, éadaí, trealamh agus soláthairtí sábháilteachta;

(g) aon ábhar eile nach bhfuil ionchorpraithe sa táirge ach ar féidir a léiriú gur cuid de tháirgeadh an táirge é a úsáid.

AIRTEAGAL 10.11

Ábhair Phacáistíochta agus phacála agus coimeádáin

1. Más rud é, faoi Riail Ghinearálta 5 maidir le Léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, go n-aicmítear ábhair phacáistíochta agus coimeádáin ina ndéantar táirge a phacáil lena mhiondíol in éineacht leis an táirge, déanfar neamhshuim de na hábhair phacáistíochta agus de na coimeádáin sin agus tionscnamh an táirge á chinneadh, seachas chun uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh má tá táirge faoi réir uasluach ábhar neamhthionscnaimh i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-B.

PUBLIC

2. Ní chuirfear pacáistíocht agus coimeádáin le haghaidh loingsithe a úsáidtear chun táirge a chosaint le linn iompair san áireamh chun a chinneadh an táirge de thionscnamh Páirtí é an táirge.

AIRTEAGAL 10.12

Deighilt chuntasaíochta le haghaidh ábhair idirmhalartacha

1. Déanfar ábhair idirmhalartacha tionscnaimh agus ábhair neamhthionscnaimh a dheighilt go fisiceach le linn stórála ionas go mbeidh a stádas tionscnaimh nó neamhthionscnaimh acu, de réir mar a bheidh. Féadfar na hábhair sin a úsáid chun táirge a tháirgeadh gan iad a bheith deighilte go fisiceach ó chéile le linn stórála ar choinníoll go n- úsáidtear modh deighilte cuntasaíochta.

2. Cuirfear an modh deighilte cuntasaíochta dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm i gcomhréir le modh bainistíochta stoic faoi phrionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta sa Pháirtí. Áiritheofar leis an modh deighilte cuntasaíochta nach mó, tráth ar bith, líon na dtáirgí a d'fhéadfaí a mheas mar tháirgí de thionscnamh Páirtí ná an líon a gheofaí trí na stoic a dheighilt go fisiciúil le linn a stórála.

3. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'ábhair idirmhalartacha' ábhair chomhchineáil den cháilíocht tráchtála chéanna, agus na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna acu, agus nach féidir a idirdhealú ó chéile nuair a chuirtear sa táirge críochnaithe iad.



PUBLIC

AIRTEAGAL 10.13

Táirgí a thugtar ar ais

Má fhilleann táirge de thionscnamh Páirtí a onnmhairítear ón bPáirtí sin chuig tríú tír ar an bPáirtí sin, measfar gur táirge neamhthionscnaimh é murar féidir an méid seo a leanas maidir leis an táirge fillte a léiriú chun sástacht údarás custaim an Pháirtí sin:

(a) tá sé mar an gcéanna leis an gceann a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndearnadh aon oibríocht air thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád air le linn dó a bheith sa tríú tír sin nó le linn a onnmhairithe.

AIRTEAGAL 10.14

Neamhathrú

1. Maidir le táirge tionscnaimh atá dearbhaithe le haghaidh úsáid intíre sa Pháirtí is allmhaireoir, ní bheidh, tar éis a onnmhairithe agus sula ndearbhaítear le haghaidh úsáid intíre é, athrú ná claochlú ar aon bhealach déanta air ná ní bheidh oibríochtaí déanta air seachas chun bail mhaith a choinneáil air nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon doiciméad eile a chur leis nó a ghreamú air chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir.

PUBLIC

2. Féadfar táirge a stóráil nó a thaispeáint i dtríú tír ar choinníoll go bhfanfaidh sé faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

3. Gan dochar do Roinn B, féadfar coinsíneachtaí a roinnt i dtríú tír más é an t-onnmhaireoir a dhéanann an roinnt nó más faoina chúram a dhéantar an roinnt agus ar choinníoll go leanann na coinsíneachtaí de bheith faoi mhaoirseacht chustaim sa tríú tír sin.

4. I gcás amhrais i dtaobh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear i míreanna 1 go 3, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a iarraidh ar an allmhaireoir fianaise ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin a sholáthar. Féadfar fianaise den sórt sin a thabhairt trí mhodh ar bith, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta nó fianaise fhíorasach nó nithiúil bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis an táirge féin.

AIRTEAGAL 10.15

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeáint i dtríú tír agus a dhíoltar i ndiaidh an taispeántais lena n- allmhairiú i bPáirtí, tairbheoidh siad ar a n- allmhairiú i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n- údarás custaim:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ó Pháirtí chuig an tríú tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

PUBLIC

(b) go ndearna an t- onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine i bPáirtí;

(c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chuspóir seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Déanfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gcomhréir le Roinn B agus a chur faoi bhráid na n-údarás custaim i gcomhréir le nósanna imeachta custaim an Pháirtí is allmhaireoir. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air.

3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil nach n-eagraítear chun críoch príobháideach i siopaí nó in áitribh ghnó d’fhonn táirgí eachtracha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim ann.

4. Féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir fianaise a éileamh lena léireofaí gur coinníodh na táirgí faoi rialú custaim sa tír taispeántais, chomh maith le fianaise dhoiciméadach bhreise ar na coinníollacha faoinar taispeánadh iad.

PUBLIC

ROINN B

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

AIRTEAGAL 10.16

Éileamh ar chóir fhabhrach taraife

1. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir, cóir fhabhrach taraife do tháirge de thionscnamh an Pháirtí eile de réir bhrí na Caibidle seo ar bhonn éilimh ón allmhaireoir ar chóir fhabhrach taraife. Is é an t- allmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an éilimh ar chóir fhabhrach taraife agus as comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach sa Chaibidil seo.

2. Beidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar cheann de na nithe seo a leanas:

(a) ráiteas maidir le tionscnamh arna tharraingt suas ag an onnmhaireoir i gcomhréir le hAirteagal 10.17;

(b) eolas an allmhaireora faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 10.19.

3. Áireofar éileamh ar chóir fhabhrach taraife agus an bonn atá leis an éileamh sin dá dtagraítear i mír 2 sa dearbhú custaim, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir.

PUBLIC

4. Allmhaireoir a bhfuil éileamh ar chóir fhabhrach á dhéanamh aige bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le pointe (a) de mhír 2, coinneoidh sé an ráiteas agus cuirfidh sé é faoi bhráid údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir é, arna iarraidh sin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.17

Ráiteas maidir le tionscnamh

1. Déanfaidh onnmhaireoir táirge ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar bhonn faisnéise lena léireofar gur táirge tionscnaimh é an táirge, lena n- áirítear, más infheidhme, faisnéis faoi stádas tionscnaimh na n- ábhar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

2. Is é an t- onnmhaireoir a bheidh freagrach as cruinneas an ráitis maidir le tionscnamh a tharraingeofar suas agus as an bhfaisnéis a sholáthrófar de bhun mhír 1. Má tá cúis ag an onnmhaireoir a chreidiúint go bhfuil faisnéis mhícheart sa ráiteas maidir le tionscnamh nó go bhfuil sé bunaithe ar fhaisnéis mhícheart, tabharfaidh an t-onnmhaireoir fógra láithreach don allmhaireoir faoi aon athrú a dhéanfaidh difear do stádas tionscnaimh an táirge. Sa chás sin, ceartóidh an t-allmhaireoir an dearbhú allmhairiúcháin agus íocfaidh sé aon dleacht chustaim is infheidhme atá dlite.

3. Déanfaidh an t- onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas i gceann de na leaganacha teanga a chuimsítear in Iarscríbhinn 3- C ar shonrasc nó ar aon doiciméad tráchtála eile ina dtugtar tuairisc leordhóthanach ar an táirge tionscnaimh ionas gur féidir é a shainaithint in ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe. Ní cheanglóidh an Páirtí is allmhaireoir ar an allmhaireoir aistriúchán ar an ráiteas maidir le tionscnamh a chur isteach.

4. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí go ceann bliana amháin ón dáta a rinneadh amach é.

5. Féadfaidh ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) lastas amháin de tháirge amháin nó níos mó a allmhairítear isteach i bPáirtí; nó

(b) il-lastais de tháirgí comhionanna isteach i bPáirtí laistigh den tréimhse nach faide ná 12 mhí a shonrófar sa ráiteas maidir le tionscnamh.

6. Arna iarraidh sin don allmhaireoir agus faoi réir aon cheanglas a dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir a fhorchur, ceadóidh an Páirtí is allmhaireoir úsáid ráiteas aonair maidir le tionscnamh i dtaca le táirgí neamhchóimeáilte nó díchóimeáilte, de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) den Chóras Comhchuibhithe, a aicmítear faoi Ranna XV go XXI den Chóras Comhchuibhithe má dhéantar na táirgí sin a allmhairiú i dtráthchodanna.

AIRTEAGAL 10.18

Mion-neamhréireachtaí agus mionearráidí

Ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir d'éileamh ar chóir fhabhrach taraife de bharr mion-neamhréireachtaí idir an ráiteas maidir le tionscnamh agus na doiciméid a cuireadh faoi bhráid na hoifige custaim nó de bharr mionearráidí sa ráiteas maidir le tionscnamh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.19

Eolas an allmhaireora

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, ina dhlíthe agus ina rialacháin, coinníollacha a leagan amach chun a chinneadh cé na hallmhaireoirí a fhéadfaidh éileamh ar chóir fhabhrach taraife a bhunú ar eolas an allmhaireora.

2. D'ainneoin mhír 1, maidir le heolas an allmhaireora gur táirge tionscnaimh é an táirge, beidh sé bunaithe ar fhaisnéis lena léirítear go gcáilíonn an táirge mar tháirge tionscnaimh agus go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo chun stádas tionscnaimh a fháil.

AIRTEAGAL 10.20

Ceanglais maidir le Taifid a Choinneáil

1. Allmhaireoir a éilíonn cóir fhabhrach taraife le haghaidh táirge a allmhairítear isteach i bPáirtí, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh, coinneoidh sé an ráiteas maidir le tionscnamh a tharraing an t-onnmhaireoir suas ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta an éilimh ar thosaíocht don táirge; agus

(b) má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach bunaithe ar eolas an allmhaireora, coinneoidh sé an fhaisnéis lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais a leagtar amach sa Chaibidil seo chun stádas tionscnaimh a fháil ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta an éilimh ar chóir fhabhrach.

2. Onnmhaireoir a bhfuil ráiteas maidir le tionscnamh déanta amach aige, coinneoidh sé cóip den ráiteas maidir le tionscnamh agus de na taifid eile uile lena léirítear go gcomhlíonann an táirge na ceanglais chun stádas tionscnaimh a fháil, ar feadh 4 bliana ar a laghad tar éis dó an ráiteas maidir le tionscnamh sin a dhéanamh.

3. Féadfar na taifid atá le coinneáil i gcomhréir leis an Airteagal seo a choinneáil i bhfoirm leictreonach i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir nó an Pháirtí is onnmhaireoir, de réir mar is iomchuí.

## AIRTEAGAL 10.21

### Díolúintí ó na ceanglais a bhaineann le ráitis maidir le tionscnamh

1. Táirgí a sheolfar mar phacáistí ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad, gan gá le ráiteas maidir le tionscnamh a éileamh ina leith, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n- allmhairiú lena dtrádáil agus gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na Caibidle seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor.

PUBLIC

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n- úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na n- earraí nach bhfuil aon chríoch trádála beartaithe dóibh, ar choinníoll nach mbeidh an t- allmhairiú ina chuid de shraith allmhairithe a d'fhéadfaí a mheas go réasúnach go ndearnadh ar leithligh iad chun an ceanglas i ndáil le ráiteas maidir le tionscnamh a sheachaint.

3. Ní sháróidh luach iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 EUR 500 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás pacáistí, ná EUR 1 200 nó a chomhionann in airgeadra an Pháirtí i gcás earraí ar cuid de bhagáiste pearsanta taistealaí iad.

AIRTEAGAL 10.22

Fíorú

1. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo, bunaithe ar mhodhanna measúnaithe riosca, a bhféadfadh roghnú randamach a bheith san áireamh leo. Chun críocha an fhíoraithe sin, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig an allmhaireoir a rinne an t-éileamh ar chóir fhabhrach de bhun Airteagal 10.16.

PUBLIC

2. Údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a sheolfaidh iarraidh de bhun mhír 1, ní iarrfaidh sé níos mó ná an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le tionscnamh táirge:

(a) más ar ráiteas maidir le tionscnamh a bunaíodh an t- éileamh ar chóir fhabhrach, an ráiteas maidir le tionscnamh; agus

(b) faisnéis a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar tionscnaimh, is é sin:

(i) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh 'faighte go hiomlán', an chatagóir is infheidhme (amhail buaint, mianadóireacht, iascaireacht) agus ionad an táirgthe;

(ii) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar athrú ar aicmiú taraifí, liosta de na hábhair neamhthionscnaimh go léir, lena n-áirítear a rangú taraife (i bhformáid 2, 4 nó 6 dhigit, ag brath ar an gcritéar tionscnaimh);

(iii) I gcás inar bunaíodh an critéar tionscnaimh ar mhodh luacha, luach an táirge deiridh chomh maith le luach gach ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh sa táirgeadh;

(iv) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar mheáchan, meáchan an táirge deiridh chomh maith le meáchan na n-ábhar neamhthionscnaimh ábhartha a úsáideadh sa táirge deiridh; agus

(v) i gcás ina bhfuil an critéar tionscnaimh bunaithe ar phróiseas táirgthe ar leith, tuairisc ar an bpróiseas sonrach sin.

PUBLIC

3. Agus an fhaisnéis a iarrtar á cur ar fáil aige, féadfaidh an t-allmhaireoir aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith ábhartha chun críche fíoraithe a chur isteach.

4. Má tá an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d'Airteagal 10.16(2) arna eisiúint ag an onnmhaireoir, soláthróidh an t-allmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh sin ach féadfaidh sé freagra a thabhairt d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir nach féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (b) de mhír 2 den Airteagal seo a sholáthar.

5. I gcás ina bhfuil an t- éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 10.16(2), tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú iarraidh bhreise ar fhaisnéis a sheoladh chuig an allmhaireoir má mheasann an t-údarás custaim sin go bhfuil gá le faisnéis bhreise chun stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir doiciméid shonracha agus faisnéis shonrach a iarraidh ar an allmhaireoir, más iomchuí.

6. Má chinneann údarás custaim an Pháirtí allmhairiúcháin deonú na córa fabhraí taraife do na táirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go bhfaighfear torthaí an fhíoraithe, féadfaidh sé a thairiscint don allmhaireoir na táirgí a scaoileadh. Mar choinníoll le haghaidh scaoileadh den sórt sin, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ráthaíocht nó beart réamhchúraim iomchuí eile a éileamh. Cuirfear deireadh le haon fhionraí ar chóir fhabhrach taraife a luaithe is féidir tar éis d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh cheanglais eile na Caibidle seo a fhionnadh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.23

Comhar riaracháin

1. Chun cur i bhfeidhm cuí na Caibidle seo a áirithiú, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, trína n-údaráis chustaim faoi seach, chun stádas tionscnaimh táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil.

2. Má tá an t- éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d'Airteagal 10.16(2), tar éis dó faisnéis a iarraidh ar dtús ón allmhaireoir de bhun Airteagal 10.22(1), féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú, iarraidh ar fhaisnéis a sheoladh chuig údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir laistigh de 2 bhliain tar éis dháta an éilimh ar chóir fhabhrach, má mheasann údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir go bhfuil gá leis an bhfaisnéis bhreise chun stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú nó chun a fhíorú cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir doiciméid shonracha agus faisnéis shonrach a iarraidh ar údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, más iomchuí.

3. Cuirfidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh dá dtagraítear i mír 2:

(a) an ráiteas maidir le tionscnamh nó cóip de;

(b) céannacht an údaráis custaim a d'eisigh an iarraidh;

(c) ainm an onnmhaireora atá le fíorú;

(d) ábhar agus raon feidhme an fhíoraithe; agus

(e) aon doiciméadacht iomchuí, más infheidhme.

4. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin, an fíorú a dhéanamh trí dhoiciméadacht a iarraidh ón onnmhaireoir agus trí fhianaise a iarraidh, nó trí chuairt a thabhairt ar áitreabh an onnmhaireora, chun athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid agus chun breathnú ar na saoráidí a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.

5. Tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a fháil, soláthróidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas d'údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir:

(a) an doiciméadacht a iarradh, má tá sí ar fáil;

(b) tuairim maidir le stádas tionscnaimh an táirge;

(c) tuairisc ar an táirge a bhí faoi réir fíoraithe agus an t-aicmiú taraife atá ábhartha do chur i bhfeidhm na rialach maidir le tionscnamh;

PUBLIC

(d) tuairisc agus míniú ar an bpróiseas táirgthe a bheidh leordhóthanach chun tacú le stádas tionscnaimh an táirge;

(e) faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh stádas tionscnaimh an táirge a fhíorú de bhun mhír 4; agus

(f) doiciméadacht tacaíochta, más iomchuí.

6. Ní dhéanfaidh údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir faisnéis dá dtagraítear i bhfomhír (a) nó (f) de mhír 5 a tharchur chuig údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir gan toiliú an onnmhaireora.

7. An fhaisnéis uile a iarrtar, lena n-áirítear aon doiciméad tacaíochta agus gach faisnéis ghaolmhar eile maidir le fíorú, ba cheart í a mhalartú go leictreonach idir údaráis chustaim na bPáirtithe.

8. Déanfaidh na Páirtithe, trí na comhordaitheoirí a ainmnítear i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú seo, sonraí teagmhála a n-údarás custaim faoi seach agus aon mhodhnú orthu a sholáthar dá chéile laistigh de 30 lá ón modhnú sin.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.24

Cúnamh frithpháirteach sa chomhrac i gcoinne na calaoise

I gcás sárú amhrasta ar an gCaibidil seo, soláthróidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile, i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.25

Diúltú na n-éileamh ar chóir fhabhrach taraife

1. Faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 3 go 5, féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

(a) laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 10.22(1):

(i) nach soláthraíonn an t- allmhaireoir aon fhreagra;

(ii) i gcásanna ina bhfuil éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le fomhír (a) d’Airteagal 10.16(2), nár soláthraíodh an ráiteas maidir le tionscnamh; nó

(iii) i gcásanna ina bhfuil an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife bunaithe ar eolas an allmhaireora dá dtagraítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 10.16(2), nach leor an fhaisnéis a sholáthair an t- allmhaireoir chun stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú;

PUBLIC

(b) laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis bhreise a fháil de bhun Airteagal 10.22(5):

(i) nach soláthraíonn an t- allmhaireoir aon fhreagra; nó

(ii) nach leor an fhaisnéis a sholáthair an t-allmhaireoir chun a dheimhniú gur táirge tionscnaimh é an táirge;

(c) laistigh de thréimhse 10 mí tar éis na hiarrata ar fhaisnéis a fháil de bhun Airteagal 10.23(2):

(i) nach gcuireann údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir aon fhreagra ar fáil; nó

(ii) nach leor an fhaisnéis a sholáthair údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir chun stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú.

2. Féadfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú más rud é nach gcomhlíonann an t-allmhaireoir a rinne an t-éileamh sin ceanglais eile a leagtar amach sa Chaibidil seo seachas na ceanglais sin a bhaineann le stádas tionscnaimh táirgí.

3. Má bhíonn údar leordhóthanach ag údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir chun éileamh ar chóir fhabhrach taraife a dhiúltú i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, agus i gcás ina mbeidh tuairim tugtha ag údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir de bhun fhomhír (b) d’Airteagal 10.23(5) lena ndeimhnítear stádas tionscnaimh na dtáirgí, tabharfaidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir fógra d’údarás custaim an Pháirtí is onnmhaireoir go bhfuil sé ar intinn aige an chóir fhabhrach taraife a dhiúltú laistigh de 2 mhí tar éis dó an tuairim sin a fháil.

4. Má tugadh an fógra dá dtagraítear i mír 3, tionólfar comhairliúcháin arna iarraidh sin do cheachtar de na Páirtithe, laistigh de 3 mhí tar éis dháta an fhógra sin. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse chomhairliúcháin ar bhonn cás ar chás trí chomhaontú frithpháirteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe. Féadfar an comhairliúchán a dhéanamh i gcomhréir leis an nós imeachta arna leagan síos ag an bhFochoiste.

5. Ar dhul in éag na tréimhse le haghaidh comhairliúcháin, ní dhiúltóidh údarás custaim an Pháirtí is allmhaireoir an t-éileamh ar chóir fhabhrach taraife ach amháin mura mbeidh sé in ann stádas tionscnaimh an táirge a dheimhniú agus tar éis dó an ceart chun éisteacht a fháil a dheonú don allmhaireoir.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.26

Rúndacht

1. Coimeádfaidh gach Páirtí, de réir a dhlíthe agus a rialacháin, rúndacht aon fhaisnéise arna cur ar fáil ag an bPáirtí eile dó, de bhun na Caibidle seo, agus cosnóidh sé an fhaisnéis sin ar nochtadh.

2. Ní fhéadfar úsáid a bhaint as faisnéis a gheobhaidh údaráis an Pháirtí is allmhaireoir ach amháin chun críocha na Caibidle seo.

3. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar faisnéis rúnda arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid chun críocha seachas chun cinntí agus cinntiúcháin a bhaineann le tionscnamh agus le hábhair chustaim a riaradh agus a fhorghníomhú, ach amháin le cead ón duine nó ón bPáirtí a sholáthar an fhaisnéis faoi rún.

4. D'ainneoin mhír 3, féadfaidh Páirtí cead a thabhairt faisnéis arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid in aon imeachtaí riaracháin, breithiúnacha nó garbhreithiúnacha arna tionscnamh de dheasc nár comhlíonadh dlíthe agus rialacháin a bhaineann le custaim lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme. Tabharfaidh Páirtí fógra roimh ré don duine nó don Pháirtí a sholáthair an fhaisnéis lena mbaineann faoi aon úsáid den chineál sin.



PUBLIC

AIRTEAGAL 10.27

Aisíocaíochtaí agus éilimh ar chóir fhabhrach taraife i ndiaidh allmhairiúcháin

PUBLIC

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfaidh allmhaireoir, tar éis an allmhairithe, éileamh a dhéanamh ar chóir fhabhrach taraife agus ar aisíocaíocht ar aon dleachtanna breise a íocadh ar tháirge sna cásanna seo a leanas:

(a) nach ndearna an t-allmhaireoir éileamh ar chóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe;

(b) go ndéantar an t-éileamh tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis dháta an allmhairithe; agus

(c) go raibh an táirge lena mbaineann incháilithe le haghaidh cóir fhabhrach taraife nuair a allmhairíodh isteach i gcríoch an Pháirtí é.

2. Mar choinníoll le haghaidh cóir fhabhrach taraife ar bhonn éileamh a dhéantar de bhun mhír 1, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal ar an allmhaireoir:

(a) éileamh a dhéanamh ar chóir fhabhrach taraife i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir;

(b) an ráiteas maidir le tionscnamh a sholáthar, de réir mar is iomchuí; agus

(c) gach ceanglas eile is infheidhme a leagtar amach sa Chaibidil a chomhlíonadh seo amhail is gur éilíodh cóir fhabhrach taraife tráth an allmhairithe.

AIRTEAGAL 10.28

Bearta agus smachtbhannaí riaracháin

1. Forchuirfidh Páirtí bearta agus smachtbhannaí riaracháin i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin faoi seach, ar dhuine a tharraingeoidh suas doiciméad, nó a chuireann faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina mbeidh faisnéis mhícheart chun cóir fhabhrach taraife a fháil do tháirge, nó nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sna nithe seo a leanas:

(a) Airteagal 10.20;

(b) Airteagal 10.23(4) trí gan fianaise a chur ar fáil nó trí chuairt a dhiúltú; nó

(c) Airteagal 10.17(2) trí gan éileamh ar chóir fhabhrach taraife arna dhéanamh sa dearbhú custaim a cheartú agus an dleacht chustaim a íoc de réir mar is iomchuí, más rud é go raibh an t-éileamh tosaigh ar thosaíocht bunaithe ar fhaisnéis mhícheart.

2. Cuirfidh an Páirtí san áireamh mír 3.6 d'Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le hÉascú Trádála i gcásanna ina nochtann allmhaireoir dá dheoin féin ceartú ar éileamh ar chóir fhabhrach sula bhfaighidh sé iarraidh fíorúcháin, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin.

PUBLIC

ROINN C

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.29

Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Caibidle seo, i gcás an Pháirtí AE, níl Ceuta agus Melilla san áireamh leis an téarma 'Páirtí'.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh na Sile, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla iad, beidh siad faoi réir na cóireála custaim céanna faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, ar gach slí, leis an gcóireáil chustaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 d'Ionstraim Aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Aontas Eorpach. Maidir le hallmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú seo agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, deonóidh an tSile dóibh an chóireáil chustaim chéanna a dheonaítear i gcás táirgí a allmhairítear ó Pháirtí an Aontais Eorpaigh agus ar de thionscnamh an Pháirtí AE iad.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha tionscnaimh agus ag na nósanna imeachta maidir le tionscnamh faoin gCaibidil seo maidir le táirgí a onnmhairítear ón tSile go Ceuta agus Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla go dtí an tSile.

4. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

5. Tá feidhm ag Airteagal 10.3 maidir le hallmhairiú agus onnmhairiú táirgí idir an Páirtí AE, an tSile agus Ceuta agus Melilla.

6. Cuirfidh an t- onnmhaireoir 'an tSile' nó 'Ceuta agus Melilla' isteach i réimse 3 de théacs an ráitis maidir le tionscnamh in Iarscríbhinn 10-C, ag brath ar thionscnamh an táirge.

7. Beidh údarás custaim Ríocht na Spáinne freagrach as an Airteagal seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus Melilla.

AIRTEAGAL 10.30

Leasuithe

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh chun an Chaibidil seo agus Iarscríbhinní 10-A go 10-E a leasú, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.1(6).

PUBLIC

## AIRTEAGAL 10.31

### An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

PUBLIC

1. Beidh an Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh ('an Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as ábhair chustaim.

2. Beidh an Fochoiste freagrach as cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Caibidle seo.

3. Chun críocha na Caibidle seo, beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste:

(a) athbhreithniú agus moltaí cuí a dhéanamh, de réir mar is gá, don Chomhchoiste maidir leis an méid seo a leanas:

 (i) cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Caibidle seo; agus

 (ii) aon leasú ar an gCaibidil seo agus ar Iarscríbhinní 10-A go 10-E arna moladh ag Páirtí;

(b) moltaí a dhéanamh don Chomhchoiste maidir le nótaí míniúcháin a ghlacadh chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú; agus

(c) aon ábhar eile a bhreithniú a bhaineann leis an gCaibidil seo mar a comhaontaíodh idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 10.32

Táirgí atá faoi bhealach nó atá á stóráil

Féadfaidh na Páirtithe an Chuid seo den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chomhlíonann an Chaibidil seo agus, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, atá faoi bhealach nó atá á stóráil go sealadach i stóras custaim nó i saorlimistéir sa Pháirtí AE nó sa tSile, faoi réir ráiteas maidir le tionscnamh a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir.

PUBLIC

AIRTEAGAL 10.33

Nótaí míniúcháin

Nótaí míniúcháin i ndáil le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riar na Caibidle seo, leagtar amach iad in Iarscríbhinn 10- E.

CAIBIDIL 11

CUSTAM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.1

Cuspóirí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá custam agus éascú trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil ionstraimí agus caighdeáin trádála agus custaim idirnáisiúnta mar bhonn do cheanglais agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras.

3. Aithníonn na Páirtithe go mbeidh a dhlíthe custaim agus a rialacháin chustaim neamh- idirdhealaitheach agus go mbeidh nósanna imeachta custaim bunaithe ar úsáid modhanna nua- aimseartha agus rialuithe éifeachtacha chun calaois a chomhrac, sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint agus an trádáil dhlisteanach a chur chun cinn. Ba cheart do gach Páirtí athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar a dhlíthe custaim, a rialacháin chustaim agus a nósanna imeachta custaim. Aithníonn na Páirtithe freisin nach mbeidh a nósanna imeachta custaim níos troime ó thaobh riaracháin de nó níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach atá intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar eatarthu a threisiú d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar leis na dlíthe, na rialacháin agus na nósanna imeachta ábhartha maidir le custaim, agus le acmhainneacht riaracháin na gcóras riaracháin ábhartha chomh maith, na cuspóirí maidir le héascú trádála a chur chun cinn, agus rialú custaim éifeachtach á áirithiú san am céanna.

AIRTEAGAL 11.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo ciallaíonn 'údarás custaim':

(a) i gcás na Sile, an *Servicio Nacional de Aduanas* (an Riarachán Custaim Náisiúnta), nó a comharba; agus

(b) i gcás an Pháirtí AE, na seirbhísí sin de chuid an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim agus as na riaracháin chustaim agus aon údarás eile sna Ballstáit atá freagrach as dlíthe custaim agus rialacháin chustaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.3

Comhar custaim

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair chustaim idir a n-údaráis chustaim faoi seach chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 11.1.

2. Forbróidh na Páirtithe an comhar, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le dlíthe custaim agus rialacháin chustaim, a gcur chun feidhme, agus nósanna imeachta custaim, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(i) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta custaim;

(ii) forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag na húdaráis chustaim;

(iii) gluaiseachtaí idirthurais agus trasloingsiú a éascú;

(iv) caidrimh leis an bpobal gnó; agus

(v) slándáil an tslabhra soláthair agus bainistiú riosca;

PUBLIC

(b) oibriú le chéile chun na gnéithe sin den slabhra soláthair trádála idirnáisiúnta a bhaineann le custam a dhaingniú agus a éascú i gcomhréir leis an gCreat Caighdeán SAFE de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim (dá ngairtear 'EDC' anseo feasta) chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú arna ghlacadh i mí an Mheithimh 2005;

(c) breithniú a dhéanamh ar thionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt maidir le nósanna imeachta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus nósanna imeachta custaim eile, lena n-áirítear dea-chleachtais agus cúnamh teicniúil a mhalartú, agus a áirithiú go gcuirfear seirbhís éifeachtach ar fáil don phobal gnó; féadfar a áireamh ar an gcomhar sin malartuithe maidir le saotharlanna custaim, oiliúint oifigeach custaim agus malartuithe maidir le teicneolaíochtaí nua le haghaidh rialuithe agus nósanna imeachta custaim;

(d) an comhar eatarthu i réimse an chustaim a neartú in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDT agus EDC;

(e) aitheantas frithpháirteach a bhunú, más ábhartha agus iomchuí, do chláir oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, lena n- áirítear bearta coibhéiseacha éascaithe trádála;

(f) malartuithe a dhéanamh ar theicnící bainistithe riosca, caighdeáin riosca agus rialuithe slándála, chun íoschaighdeáin a bhunú, a mhéid is féidir, maidir le teicnící bainistithe riosca agus ceanglais agus cláir ghaolmhara;

(g) féachaint lena gceanglais sonraí le haghaidh nósanna imeachta um allmhairiú agus um onnmhairiú agus nósanna imeachta eile um chustam a chomhchuibhiú trí chomhchaighdeáin agus comheilimintí sonraí a chur chun feidhme de réir Shamhail Sonraí EDC;

(h) a dtaithí faoi seach a roinnt maidir lena gcórais ionaid ilfhreastail a fhorbairt agus a úsáid, agus, más iomchuí, tacair choiteanna eilimintí sonraí a fhorbairt do na córais sin;

(i) idirphlé a choinneáil ar bun i measc a saineolaithe beartais faoi seach chun úsáideacht, éifeachtúlacht agus infheidhmeacht réamhrialuithe le haghaidh údaráis chustaim agus trádálaithe a chur chun cinn; agus

(j) más ábhartha agus más iomchuí, catagóirí áirithe faisnéise i ndáil le custam a mhalartú trí chumarsáid struchtúrtha athfhillteach idir a n-údaráis chustaim chun críoch sonrach, go háirithe feabhas a chur ar bhainistíocht riosca agus ar éifeachtacht rialuithe custaim, lena ndírítear ar earraí a bhfuil riosca ag baint leo ó thaobh bailiú ioncaim nó ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, agus lena n-éascaítear an trádáil dhlisteanach; beidh na malartuithe sin gan dochar do mhalartuithe faisnéise a d'fhéadfadh tarlú idir na Páirtithe i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

3. Beidh aon mhalartú faisnéise idir na Páirtithe faoin gCaibidil seo, *mutatis mutandis*, faoi réir na gceanglas maidir le rúndacht faisnéise agus cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 12 den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim, chomh maith le haon cheanglais rúndachta agus phríobháideachais a leagtar amach i ndlíthe agus rialacháin na bPáirtithe.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.4

Cúnamh frithpháirteach riaracháin

Soláthróidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim dá chéile, i gcomhréir leis an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú seo maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.5

Dlíthe custaim, rialacháin chustaim agus nósanna imeachta custaim

1. Ba cheart a áirithiú go bhfuil an méid seo a leanas fíor maidir lena dlíthe custaim, a rialacháin chustaim agus a nósanna imeachta custaim:

(a) tá siad bunaithe ar ionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí a rinneadh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983, chomh maith le Creat Caighdeán SAFE chun Trádáil Dhomhanda EDC agus Samhail Sonraí EDC a Áirithiú agus a Éascú, agus más infheidhme, eilimintí substainteacha Choinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú a rinneadh in Kyoto an 18 Bealtaine 1973 agus a ghlac Comhairle na hEagraíochta Domhanda Custaim i mí an Mheithimh 1999;

(b) tá siad bunaithe ar chosaint agus éascú trádála dlisteanaí trí cheanglais reachtacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus trí na ceanglais sin a chomhlíonadh; agus

(c) tá siad comhréireach agus neamh- idirdhealaitheach, chun ualaí neamhriachtanacha ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint, lena ndéantar foráil maidir le héascú breise le haghaidh oibreoirí a bhfuil leibhéil arda comhlíontachta acu, lena n- áirítear cóir fhabhrach maidir le rialuithe custaim roimh scaoileadh earraí, agus lena n- áirithítear coimircí in aghaidh calaoise agus gníomhaíochtaí atá aindleathach nó ar féidir díobháil a dhéanamh leo.

2. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre, agus chun neamh- idirdhealú, trédhearcacht, éifeachtúlacht, sláine agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, más féidir, d'fhonn earraí a scaoileadh agus a imréiteach go tapa;

(b) oibriú i dtreo tuilleadh simplithe agus caighdeánaithe a dhéanamh ar shonraí agus ar dhoiciméadacht a éilíonn gníomhaireachtaí custaim agus gníomhaireachtaí eile chun na hualaigh ama agus costas a laghdú d'oibreoirí, lena n- áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide; agus

(c) a áirithiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ionracais ar bun, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léireofar prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n- ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse seo.

AIRTEAGAL 11.6

Scaoileadh earraí

PUBLIC

Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údaráis chustaim, a ghníomhaireachtaí teorann nó a údaráis inniúla eile an méid seo a leanas:

(a) foráil a dhéanamh maidir le scaoileadh pras earraí laistigh de thréimhse nach faide ná mar is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar a dhlíthe custaim agus dlíthe agus rialacháin agus foirmiúlachtaí eile a bhaineann le trádáil;

(b) foráil a dhéanamh maidir le réamhchur isteach agus réamhphróiseáil leictreonach doiciméadachta agus aon fhaisnéis eile is gá sula dtiocfaidh na hearraí isteach;

(c) scaoileadh earraí a cheadú sula ndéanfar cinneadh go críochnaitheach maidir le dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir, faoi réir ráthaíocht a chur ar fáil, má cheanglaítear sin lena dlíthe agus lena rialacháin, chun a n-íocaíocht deiridh a áirithiú; agus

(d) tosaíocht iomchuí a thabhairt d’earraí meatacha agus aon scrúdú a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil á sceidealú agus á dhéanamh.

AIRTEAGAL 11.7

Nósanna imeachta custaim simplithe

Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé ar bun iad, lena ligfear d'oibreoirí a chomhlíonann na critéir a shonraítear ina dhlíthe agus ina rialacháin tairbhe a bhaint as simpliú breise ar nósanna imeachta custaim. Féadfar a áireamh ar na bearta sin dearbhuithe custaim ina bhfuil tacair laghdaithe sonraí nó doiciméid tacaíochta, nó dearbhuithe tréimhsiúla custaim chun dleachtanna custaim agus cánacha a chinneadh agus a íoc lena gcumhdaítear allmhairí iolracha laistigh de thréimhse áirithe tar éis scaoileadh na n-earraí allmhairithe sin, nó nósanna imeachta eile lena bhforáiltear maidir le scaoileadh gasta lastais áirithe.

AIRTEAGAL 11.8

Oibreoirí eacnamaíocha údaraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí clár comhpháirtíochta um éascú trádála a bhunú nó a choinneáil ar bun le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha a chomhlíonann critéir shonraithe (dá ngairtear 'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe' anseo feasta).

PUBLIC

2. Na critéir shonraithe chun cáiliú mar oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, bainfidh siad le comhlíonadh nó le riosca neamhchomhlíonadh na gceanglas a shonraítear i ndlíthe, rialacháin nó nósanna imeachta gach Páirtí. Foilseofar na critéir shonraithe agus féadfar na nithe seo a leanas a áireamh sna critéir sin:

(a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar reachtaíocht chustaim agus ar rialacha cánachais, lena n-áirítear gan aon taifead a bheidh ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an iarratasóra;

(b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus ar thaifid iompair, i gcás inarb iomchuí, a cheadaíonn rialuithe iomchuí custaim;

(c) sócmhainneacht airgeadais, a measfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas a ghealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréith an chineáil gníomhaíochta ghnó lena mbaineann;

(d) inniúlachtaí cruthaithe nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar; agus

(e) caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta.

3. Na critéir shonraithe dá dtagraítear i mír 2, ní cheapfar ná ní chuirfear i bhfeidhm iad chun idirdhealú treallach nó dochosanta a chruthú idir oibreoirí eacnamaíocha i gcás ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, agus ceadófar leo rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide.

PUBLIC

4. Áireofar na tairbhí seo a leanas sa chlár comhpháirtíochta um éascú trádála dá dtagraítear i mír 1:

(a) ceanglais ísle dhoiciméadacha agus sonraí, de réir mar is iomchuí;

(b) ráta níos ísle cigireachtaí agus scrúduithe fisiceacha brostaithe, de réir mar is iomchuí;

(c) nósanna imeachta scaoilte simplithe agus am scaoilte tapa, de réir mar is iomchuí;

(d) úsáid ráthaíochtaí, lena n-áirítear, más infheidhme, ráthaíochtaí cuimsitheacha nó ráthaíochtaí laghdaithe; agus

(e) rialú earraí ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch údaraithe nó in áit eile arna húdarú ag na húdaráis chustaim.

5. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí tairbhí breise, amhail na tairbhí seo a leanas, sa chlár comhpháirtíochta um éascú trádála dá dtagraítear i mír 1:

(a) íocaíocht iarchurtha dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear;

(b) dearbhú custaim aonair le haghaidh allmhairí nó onnmhairí uile i dtréimhse áirithe; nó

(c) pointe teagmhála tiomnaithe a bheith ar fáil chun cúnamh a thabhairt in ábhair chustaim.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.9

Ceanglais maidir le sonraí agus doiciméadacht

PUBLIC

1. Áiritheoidh gach Páirtí an méid seo a leanas maidir le foirmiúlachtaí, ceanglais sonraí agus doiciméadachta allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin agus idirthurais:

(a) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad d'fhonn earraí a scaoileadh go tapa, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha don scaoileadh;

(b) go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é is aidhm dó an t- am agus an costas a bhaineann le comhlíontacht a laghdú do thrádálaithe nó d'oibreoirí;

(c) gurb iad an rogha is lú sriantach ar thrádáil iad, i gcás ina mbeadh dhá rogha mhalartacha nó níos mó ar fáil go réasúnach chun an cuspóir beartais nó na cuspóirí beartais i gceist a chomhlíonadh; agus

(d) nach gcoinneofaí ar bun iad, lena n- áirítear codanna díobh, mura mbeadh gá leo a thuilleadh.

2. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta custaim coiteanna i bhfeidhm agus úsáidfidh sé doiciméid chustaim aonfhoirmeacha i ndáil le hearraí a scaoileadh ar fud a chríche custaim.

AIRTEAGAL 11.10

Teicneolaíocht faisnéise agus íocaíocht leictreonach a úsáid

PUBLIC

1. Úsáidfidh gach Páirtí teicneolaíochtaí faisnéise lena mbrostaítear na nósanna imeachta le haghaidh earraí a scaoileadh chun trádáil a éascú idir na Páirtithe.

2. Déanfaidh gach Páirtí:

(a) dearbhú custaim a chur ar fáil, trí mheán leictreonach, ar dearbhú é is gá chun earraí a allmhairiú, a onnmhairiú nó a chur ar idirthuras;

(b) cead a thabhairt chun dearbhú custaim a chur isteach i bhformáid leictreonach;

(c) modh a bhunú chun foráil a dhéanamh maidir le malartú leictreonach faisnéise custaim lena phobal trádála;

(d) malartú leictreonach sonraí idir oibreoirí agus údaráis chustaim a chur chun cinn, chomh maith le gníomhaireachtaí gaolmhara eile; agus

(e) córais leictreonacha bainistithe riosca a úsáid chun measúnú agus spriocdhíriú a dhéanamh lena gcuirtear ar a gcumas do na húdaráis chustaim a gcigireachtaí a dhíriú ar earraí ardriosca agus lena n-éascaítear scaoileadh agus gluaiseacht earraí a mbaineann riosca íseal leo.

3. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta nó coinneoidh sé nósanna imeachta ar bun lena gceadaítear don rogha íocaíocht leictreonach a dhéanamh le haghaidh dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear arna mbailiú ag údaráis chustaim agus arna dtabhú ar allmhairiú agus ar onnmhairiú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.11

Bainistíocht riosca

1. Glacfaidh gach Páirtí córas bainistíochta riosca nó déanfaidh sé é a choinneáil ar bun le haghaidh rialú custaim.

2. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach go seachnófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar, nó srianta faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

3. Díreoidh gach Páirtí rialuithe custaim agus rialuithe ábhartha eile teorann ar choinsíneachtaí ardriosca agus déanfaidh sé scaoileadh coinsíneachtaí lena mbaineann riosca íseal a bhrostú. Féadfaidh gach Páirtí coinsíneachtaí a roghnú freisin, ar bhonn randamach, le haghaidh rialuithe den sórt sin mar chuid dá bhainistiú riosca.

4. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a bhunú ar mheasúnú riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta.

AIRTEAGAL 11.12

Iniúchadh iar-  imréitigh

1. D'fhonn scaoileadh earraí a bhrostú, déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe custaim agus dlíthe gaolmhara agus rialacháin ghaolmhara eile.

2. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-  imréitigh ar bhealach rioscabhunaithe.

3. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar-  imréitigh ar bhealach trédhearcach. I gcás ina ndéantar iniúchadh agus ina mbaintear torthaí dochloíte amach, tabharfaidh an Páirtí fógra faoi na torthaí, na cúiseanna leis na torthaí agus cearta agus oibleagáidí an duine a ndearnadh iniúchadh ar a thaifead don duine sin gan mhoill.

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear san iniúchadh iar-  imréitigh a úsáid in imeachtaí breise riaracháin nó breithiúnacha.

5. I gcás inar praiticiúil, bainfidh na Páirtithe úsáid as toradh an iniúchta iar-  imréitigh agus bainistíocht riosca á cur i bhfeidhm acu.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.13

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhairliúcháin thráthúla le hionadaithe trádála maidir le tograí reachtacha agus nósanna imeachta ginearálta a bhaineann le hábhair chustaim agus thrádála. Chuige sin, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le comhairliúcháin iomchuí idir riaracháin agus an pobal gnó.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, lena gceanglais chustaim agus a nósanna imeachta custaim, mar aon lena gceanglais agus nósanna imeacht gaolmhara féin,
go leanfar de fhreastail ar riachtanais an phobail gnó, dea-chleachtais a leanúint, agus gan a bheith srianta ó thaobh na trádála de, a mhéid is féidir.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le comhairliúcháin thráthrialta iomchuí idir gníomhaireachtaí teorann agus
trádálaithe nó páirtithe leasmhara eile laistigh dá chríoch.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus inrochtana, lena n-áirítear
ar líne, agus sula gcuirfear i bhfeidhm iad, dlíthe agus rialacháin nua a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála,
chomh maith le leasuithe agus léirmhínithe ar na dlíthe agus na rialacháin sin. Na dlíthe agus rialacháin sin,
mar aon le leasuithe agus léirmhínithe orthu, áireofar orthu na dlíthe agus na rialacháin sin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n- áirítear nósanna imeachta calafoirt, nósanna imeachta aerfoirt agus nósanna imeachta eile a bhaineann leis an bpointe iontrála, agus na foirmeacha agus doiciméid is gá;



PUBLIC

(b) rátaí feidhmeacha dleachtanna agus cánacha de gach saghas a fhorchuirtear ar allmhairiú nó onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú;

(c) táillí agus muirir a fhorchuireann gníomhaireachtaí rialtais, nó a fhorchuirtear ar a son, ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras nó i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(d) rialacha chun táirgí a aicmiú nó a luacháil chun críocha custaim;

(e) dlíthe, rialacháin agus rialuithe riarthacha ag a bhfuil feidhm ghinearálta a bhaineann le rialacha tionscnaimh;

(f) srianta nó toirmisc ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(g) forálacha pionóis in aghaidh sáruithe ar fhoirmiúlachtaí allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin nó idirthurais;

(h) comhaontuithe nó codanna díobh le haon tír nó tíortha a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(i) nósanna imeachta a bhaineann le riaradh cuótaí taraife;

(j) uaireanta oibriúcháin agus nósanna imeachta le haghaidh oifigí custaim ag calafoirt agus ag pointí trasnaithe teorann;

(k) pointí teagmhála le haghaidh fiosruithe faisnéise; agus

(l) fógraí ábhartha eile de chineál riaracháin i ndáil leis an méid sin thuas.

PUBLIC

5. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh tréimhse réasúnach ann idir foilsiú[1] dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta agus táillí nó muirear atá nua nó leasaithe agus a dteacht i bhfeidhm.

6. Déanfaidh gach Páirtí pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó a bhunú nó a choinneáil ar bun chun freagra a thabhairt fhiosrúcháin réasúnta ó rialtais, ó oibreoirí agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le custam agus le hábhair eile a bhaineann le trádáil. Tabharfaidh na pointí fiosrúcháin freagra ar fhiosrúcháin laistigh de thréimhse réasúnach arna leagan amach ag gach Páirtí, ar tréimhse í a fhéadfar a athrú ag brath ar chineál nó castacht na hiarrata. Ní éileoidh Páirtí go n- íocfar táille chun fiosrúcháin a fhreagairt ná chun na foirmeacha agus doiciméid is gá a sholáthar.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.14

Réamhrialuithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'réamhrialú' cinneadh i scríbhinn a sholáthraítear d'iarratasóir sula n- allmhairítear earra a chumhdaítear leis an iarratas ina leagtar amach an chóir a sholáthróidh an Páirtí don earra tráth an allmhairithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) aicmiú taraife an earra;

(b) tionscnamh na n-earraí; agus

(c) aon ábhar eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tagraíonn foilsiú do dhlíthe agus rialacháin a chur ar fáil go poiblí.

2. Eiseoidh gach Páirtí réamhrialú trína údaráis chustaim. Eiseofar an réamhrialú sin ar bhealach réasúnach agus faoi cheangal ama don iarratasóir a bhfuil iarraidh i scríbhinn curtha isteach aige, lena n- áirítear i bhformáid leictreonach, a bhfuil an fhaisnéis uile is gá ann i gcomhréir le dlíthe agus le rialacháin an Pháirtí is eisitheoir.

3. Beidh an réamhrialú bailí ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad ón dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm, mura rud é go bhfuil athrú tagtha ar an dlí, ar na fíorais nó ar na himthosca a thacaíonn leis an réamhrialú bunaidh.

4. Féadfaidh Páirtí diúltú réamhrialú a eisiúint má tá na fíorais agus na himthosca atá mar bhonn don réamhrialú faoi athbhreithniú riaracháin nó bhreithiúnach, nó mura mbaineann an t- iarratas le haon úsáid atá beartaithe don réamhrialú. Má dhiúltaíonn Páirtí réamhrialú a eisiúint, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh.

5. Foilseoidh gach Páirtí, ar a laghad:

(a) na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar réamhrialú, lena n- áirítear an fhaisnéis atá le soláthar agus an fhormáid;

(b) an tréimhse ama faoina n- eiseoidh sé réamhrialú; agus

(c) an fad ama a bhfuil an réamhrialú bailí lena linn.

PUBLIC

6. Má dhéanann Páirtí réamhrialú a chúlghairm nó a mhodhnú nó a chur ó bhailíocht, soláthróidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh. Ní féidir leis an bPáirtí réamhrialú le héifeacht chúlghabhálach a chúlghairm, a mhodhnú ná a chur ó bhailíocht mura raibh an rialú bunaithe ar fhaisnéis ón iarratasóir a bhí neamhiomlán, mícheart, bréagach nó míthreorach.

7. Beidh réamhrialú arna eisiúint ag Páirtí ina cheangal ar an bPáirtí sin i leith an iarratasóra a d'iarr é. Beidh an réamhrialú ina cheangal ar an iarratasóir freisin.

8. Déanfaidh gach Páirtí, ar iarraidh i scríbhinn ón iarratasóir, athbhreithniú ar an réamhrialú nó ar an gcinneadh réamhrialú a chúlghairm, a mhodhnú nó a chur ó bhailíocht a chur ar fáil.

9. Faoi réir ceanglais rúndachta ina dhlíthe agus ina rialacháin, déanfaidh gach Páirtí eilimintí substainteacha a réamhrialuithe a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar líne.

AIRTEAGAL 11.15

Idirthuras agus trasloingsiú

1. Áiritheoidh gach Páirtí go n- éascófar agus go ndéanfar rialú éifeachtach ar ghluaiseachtaí idirthurais agus ar oibríochtaí trasloingsithe trína chríoch féin.

2. Déanfaidh gach Páirtí socruithe réigiúnacha idirthurais a chur chun cinn agus a chur chun feidhme d'fhonn trádáil a éascú.

PUBLIC

3. Áiritheoidh gach Páirtí comhar agus comhordú maidir lena údaráis agus gníomhaireachtaí ábhartha lena mbaineann chun an trácht faoi bhealach a éascú.

4. Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais rialála uile, ceadóidh gach Páirtí earraí a bhfuil sé beartaithe iad a allmhairiú a aistriú tríd a chríoch faoi rialú custaim ó oifig custaim iontrála go dtí oifig custaim eile ina chríoch óna ndéanfaí na hearraí a scaoileadh nó a imréiteach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.16

Bróicéirí custaim

1. Ní thabharfaidh Páirtí úsáid shainordaitheach bróicéirí custaim isteach mar cheanglas ar oibreoirí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras earraí.

2. Foilseoidh gach Páirtí a bhearta maidir le húsáid bróicéirí custaim.

3. Cuirfidh na Páirtithe rialacha trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha i bhfeidhm má dhéanann siad bróicéirí custaim a cheadúnú agus nuair a dhéanfaidh siad iad a cheadúnú.

AIRTEAGAL 11.17

Cigireachtaí réamhsheolta

Ní éileoidh na Páirtithe go ndéanfar cigireachtaí réamhsheolta sainordaitheacha faoi mar a shainmhínítear iad sa Chomhaontú maidir le Cigireacht Réamhsheolta, in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála, ná aon ghníomhaíocht chigireachta eile a dhéanann cuideachtaí príobháideacha ag an gceann scríbe roimh imréiteach custaim.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.18

Achomhairc

1. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha ar fáil a mbeidh rochtain éasca orthu chun an ceart achomhairc a ráthú in aghaidh gníomhaíochtaí riaracháin, rialuithe agus cinntí de chuid údarás custaim nó údarás inniúil eile a dhéanann difear d’allmhairiú nó d’onnmhairiú earraí nó d’earraí faoi bhealach.

2. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta achomhairc athbhreithniú riaracháin ag an údarás maoirseachta agus athbhreithniú breithiúnach ar chinntí a dhéantar ar an leibhéal riaracháin i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin Páirtí.

3. Aon duine a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha faoi bhráid na n-údarás custaim aige agus nach bhfuil an cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama ábhartha, beidh sé i dteideal ceart achomhairc a fheidhmiú freisin.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthróidh a údaráis chustaim nó údaráis inniúla eile na cúiseanna atá leis na cinntí sin do dhaoine a n-eisítear cinntí riaracháin dóibh chun nósanna imeachta achomhairc a éascú, i gcás inar gá.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.19

Pionóis

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhforáiltear lena dhlíthe custaim agus lena rialacháin chustaim gur comhréireach agus neamh- idirdhealaitheach atá aon phionós arna fhorchur i leith sáruithe ar dhlíthe custaim, ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim.

2. Áiritheoidh gach Páirtí nach bhforchuirfear aon phionós arna fhorchur as sárú ar a dhlíthe custaim, ar a rialacháin chustaim nó ar a cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim ach amháin ar an duine atá freagrach go dlíthiúil as an sárú.

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbraithfidh an pionós a fhorchuirfear ar fhíorais agus ar imthosca an cháis agus go mbeidh sé ar cóimhéid le méid agus déine an tsáraithe. Seachnóidh gach páirtí dreasachtaí nó coinbhleachtaí leasa nuair a bheidh pionóis á measúnú agus á mbailiú.

4. Spreagtar gach Páirtí le nochtadh roimh ré don údarás custaim maidir leis na himthosca a bhaineann le sárú ar dhlíthe custaim, ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta a chur san áireamh, mar fhachtóir maolaitheach féideartha agus pionós á shuí.

5. I gcás ina bhforchuirfidh Páirtí pionós as sárú ar a dhlíthe custaim, a rialacháin chustaim nó a cheanglais nós imeachta custaim, soláthróidh sé míniú i scríbhinn don duine ar a bhforchuirfidh sé an pionós lena sonrófar cineál an tsáraithe agus na dlíthe, na rialacháin nó na nósanna imeachta is infheidhme ar dá bhun a forchuireadh méid nó raon an phionóis don sárú.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 11.20

### An Fochoiste um Chustam, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh

1. Bunaítear an Fochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh (‘an Fochoiste’) de bhun Airteagal 8.8(1).

2. Áiritheoidh an Fochoiste go ndéanfaidh na húdaráis inniúla an Chaibidil seo a chur chun feidhme go cuí mar aon le forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla ag teorainneacha i gcomhréir le Foroinn 2 de Roinn C de Chaibidil 32, an Prótacal maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach in Ábhair Chustaim agus aon fhoráil bhreise a bhaineann le custam arna gcomhaontú idir na Páirtithe agus scrúdóidh sé gach ábhar a eascraíonn as a gcur i bhfeidhm.

3. Áireofar ar fheidhmeanna an Fhochoiste:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar riar na Caibidle seo agus Chaibidil 10;

(b) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle maidir le gach ábhar a bhaineann le custam, lena n- áirítear go háirithe nósanna imeachta custaim, luacháil custaim, córais taraife, ainmníocht chustaim, comhar custaim agus cúnamh riaracháin frithpháirteach maidir le hábhair chustaim, agus chun na hábhair sin a phlé;

(c) fóram a sholáthar chun dul i gcomhairle agus plé a dhéanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin, agus bearta teorann le haghaidh cearta maoine intleachtúla; agus

(d) comhar a fheabhsú maidir le forbairt, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú nósanna imeachta custaim, cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin.

4. Féadfaidh an Fochoiste moltaí a dhéanamh maidir leis na hábhair a chumhdaítear le mír 2. Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach nó ag an gComhchoiste cinntí a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do theicnící bainistithe riosca, do chaighdeáin riosca, do rialuithe slándála agus do chláir chomhpháirtíochta um éascú trádála, lena n-áirítear gnéithe amhail tarchur sonraí agus tairbhí arna gcomhaontú go frithpháirteach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 11.21

Cead isteach sealadach

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma ‘cead isteach sealadach’ an nós imeachta custaim faoinar féidir earraí áirithe, lena n-áirítear modhanna iompair, a thabhairt isteach i gcríoch chustaim a scaoiltear go coinníollach ó dhleachtanna agus cánacha ar allmhairí a íoc agus gan toirmisc ná srianta de chineál eacnamaíoch ar allmhairí a chur i bhfeidhm. Ní mór earraí den sórt sin a allmhairiú chun críche sonraí agus ní mór a n-athonnmhairiú a bheith beartaithe laistigh de thréimhse shonraithe agus gan aon athrú a bheith déanta orthu seachas an gnáth-dhíluachadh de bharr na húsáide a bhaintear astu.

PUBLIC

2. Déanfaidh gach Páirtí cead isteach sealadach a dheonú, mar a fhoráiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin, maidir leis na hearraí seo a leanas, cead lena mbaineann faoiseamh coinníollach iomlán ó dhleachtanna agus ó chánacha ar allmhairí agus atá gan srianta nó toirmisc de chineál eacnamaíoch ar allmhairí[1]:

(a) earraí atá le cur ar taispeáint nó le húsáid ag taispeántais, ag aontaí, ag cruinnithe nó ag imeachtaí comhchosúla, rud a chiallaíonn earraí atá ceaptha lena gcur ar taispeáint nó lena dtaispeáint ag imeacht; earraí a bheartaítear a úsáid i ndáil le táirgí eachtrannacha a chur ar taispeáint ag imeacht; agus trealamh lena n-áirítear trealamh ateangaireachta, gaireas taifeadta fuaime agus íomhá agus scannáin de chineál oideachais, eolaíoch nó cultúrtha atá beartaithe lena úsáid ag cruinnithe, comhdhálacha nó comhdhálacha idirnáisiúnta; agus earraí a fhaightear ag imeachtaí den sórt sin ó earraí a cuireadh faoi chead isteach sealadach; féadfaidh gach Páirtí a cheangal go n-eiseofar údarú rialtais nó ráthaíocht nó éarlais sula dtarlóidh an t-imeacht;

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní bheidh cead isteach sealadach earraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus a thugtar isteach sa tSile ón Aontas Eorpach, faoi réir íocaíocht na táille a bhunaítear in Airteagal 107 d'Ordanás Custaim na Sile (*Ordenanza de Aduanas*) atá i bhForaithne 30 ón Aireacht Airgeadais, an Iris Oifigiúil, an 4 Meitheamh, 2005, ('*Decreto con Fuerza de Ley 30 del Ministerio de Hacienda, Diario Oficial, 04 de junio de 2005*').

(b) trealamh gairmiúil, rud a chiallaíonn trealamh le haghaidh na meán, le haghaidh craoltóireacht fuaime nó teilifíse, atá ag teastáil ó ionadaithe ó na meáin nó ó eagraíochtaí craoltóireachta nó teilifíse atá ar cuairt chuig críoch tíre eile chun críoch tuairiscithe nó chun ábhar a tharchur nó a thaifeadadh le haghaidh cláir shonraithe; trealamh cineamatagrafach atá ag teastáil ó dhuine atá ar cuairt chuig críoch tíre eile chun scannán sonraithe nó scannáin shonraithe a dhéanamh; aon trealamh eile atá ag teastáil chun post, ceird nó gairm duine atá ar cuairt chuig críoch tíre eile a dhéanamh chun tasc sonraithe a chur i gcrích, a mhéid nach n-úsáidfear é chun earraí a mhonarú ná a phacáistiú go tionsclaíoch nó, ach amháin i gcás uirlisí láimhe, chun acmhainní nádúrtha a shaothrú, chun foirgnimh a thógáil, a dheisiú ná a chothabháil nó chun cré a chartadh nó le haghaidh tionscadail ghaolmhara; gaireas coimhdeach le haghaidh an trealaimh thuasluaite, agus gabhálais lena n-aghaidh; agus comhpháirteanna arna n-allmhairiú chun trealamh gairmiúil a ceadaíodh isteach go sealadach a dheisiú;

(c) earraí arna n-allmhairiú i ndáil le hoibríocht tráchtála ach nach oibríocht tráchtála a n-allmhairiú ann féin, amhail: Ábhair phacála a allmhairítear líonta lena n-athonnmhairiú agus iad folamh nó líonta, nó a allmhairítear folamh lena n-athonnmhairiú agus iad líonta; coimeádáin, bídís líonta le hearraí nó ná bíodh, agus gabhálais agus trealamh le haghaidh coimeádáin arna gceadú isteach go sealadach, a allmhairítear le coimeádán atá le hathonnmhairiú leis féin nó le coimeádán eile, nó a allmhairítear leis féin agus atá le hathonnmhairiú le coimeádán agus comhpháirteanna lenar beartaíodh coimeádáin a dheisiú ar tugadh cead isteach sealadach dóibh; pilléid; samplaí; scannáin fógraíochta;

PUBLIC

(d) earraí arna n-allmhairiú go heisiach chun críoch oideachais, eolaíochta nó cultúir, amhail trealamh eolaíoch, ábhar oideolaíoch, ábhar leasa do mharaithe, agus aon earraí eile arna n-allmhairiú i dtaca le gníomhaíochtaí oideachais, eolaíochta nó cultúir; páirteanna breise le haghaidh trealamh eolaíoch agus ábhar oideolaíoch ar tugadh cead isteach sealadach dóibh; uirlisí arna saindearadh chun trealamh den sórt sin a chothabháil, a sheiceáil, a thomhais nó a dheisiú;

(e) earraí pearsanta, rud a chiallaíonn gach earra, nua nó úsáidte, a theastóidh le réasún ó thaistealaí don úsáid phearsanta le linn an turais, agus imthosca uile an turais á gcur san áireamh, ach gan aon earraí arna n-allmhairiú chun críoch tráchtála a chur san áireamh; earraí arna n-allmhairiú chun críoch spóirt, amhail riachtanais spóirt agus earraí eile a d'úsáidfeadh taistealaithe i gcomórtais nó taispeántais spóirt nó le haghaidh oiliúna i gcríoch ina bhfuil cead isteach sealadach acu;

(f) ábhar poiblíochta turasóireachta, rud a chiallaíonn earraí arna n-allmhairiú chun an pobal a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar thír iasachta eile, go háirithe chun freastal ar chruinnithe nó taispeántais chultúrtha, reiligiúnacha, turasóireachta, spóirt nó ghairmiúla a reáchtáiltear ansin, féadfaidh gach Páirtí a cheangal go soláthrófar ráthaíocht nó éarlais i leith na n-earraí sin;

(g) earraí arna n-allmhairiú chun críoch daonnúil, rud a chiallaíonn trealamh míochaine, máinliachta agus saotharlainne agus coinsíneachtaí fóirithinte, amhail feithiclí agus córacha eile iompair, pluideanna, pubaill, tithe réamhdhéanta nó earraí eile príomhriachtanais, arna gcur ar aghaidh mar chabhair chucu siúd a ndearna tubaiste nádúrtha agus tubaistí cosúla difear dóibh; agus

PUBLIC

(h) ainmhithe arna n- allmhairiú chun críoch sonrach, amhail: madraí nó capaill na bpóilíní, madraí brathadóireachta, madraí le haghaidh na ndall, madraí tarrthála, rannpháirtíocht i seónna, taispeántais, comórtais, taispeántais, siamsaíocht, amhail ainmhithe sorcais, camchuairteanna, lena n-áirítear peataí taistealaithe, an obair nó an t-iompar a fheidhmiú, feidhmeanna míochaine, amhail nimh nathair a sheachadadh.

PUBLIC

3. Glacfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin[1], le cead isteach sealadach na n-earraí dá dtagraítear i mír 2 agus, gan beann ar a dtionscnamh, le *carnets* A.T.A. arna n-eisiúint i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le cead isteach sealadach, arna dhéanamh in Iostanbúl an 26 Meitheamh 1990, sa Pháirtí eile, arna bhformhuiniú sa Pháirtí eile agus arna ráthú ag comhlachas atá ina chuid den slabhra ráthaíochta idirnáisiúnta, arna ndeimhniú ag na húdaráis inniúla agus atá bailí i gcríoch chustaim an Pháirtí is allmhaireoir.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás na Sile, glacfar le *carnets* A.T.A mar a bunaíodh le Foraithne Uimh. 103 de 2004 ón Aireacht Gnóthaí Eachtracha (*Decreto N°103 de 2004 del Ministerio de Relaciones Exteriores*), lena n-achtaítear an 'Coinbhinsiún maidir le Cead Isteach Sealadach' agus Iarscríbhinní A, B1, B2 agus B3 a ghabhann leis, agus na forchoimeádais a ghabhann leo curtha in iúl go cuí, agus na leasuithe orthu.

AIRTEAGAL 11.22

Earraí deisithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘deisiú’ aon oibríocht phróiseála arna déanamh i ndáil le hearra chun locht oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t- earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t- earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó. Áirítear leis an deisiúchán athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht ná próiseas:

(a) lena scriostar saintréithe bunúsacha aon earra, nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(b) lena dtiontaítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(c) a úsáidtear chun feidhmíocht theicniúil earra a fheabhsú nó a uasghrádú.

2. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm ar earra, beag beann ar a thionscnamh, a thiocfaidh isteach arís i gcríoch chustaim an Pháirtí tar éis an t-earra sin a onnmhairiú go sealadach óna chríoch chustaim go dtí críoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

PUBLIC

3. Níl feidhm ag mír 2 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna, a onnmhairítear lena dheisiú ansin agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna, isteach i gcriosanna saorthrádála, nó faoi stádas den chineál céanna.

4. Ní chuirfidh Páirtí dleacht chustaim i bhfeidhm i leith earra, beag beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

AIRTEAGAL 11.23

Táillí agus foirmiúlachtaí

1. Na táillí agus na muirir eile a fhorchuirfidh Páirtí ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i ndáil leis sin, déanfar a méid a theorannú do neaschostas na seirbhísí a rinneadh, agus ní bheidh sa mhéid sin cosaint indíreach ar earraí intíre ná ar chánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní thoibheoidh Páirtí táillí ná muirir eile ar allmhairiú nó ar onnmhairiú earra de chuid an Pháirtí eile, nó i dtaca leis sin, ar bhonn *ad valorem*.

3. Ní fhéadfaidh gach Páirtí muirir a fhorchur ná costais a ghnóthú ach amháin i gcás ina dtugtar seirbhísí sonracha, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, ar iarratas, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;



PUBLIC

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach nó le faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le cur i bhfeidhm na reachtaíochta custaim;

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críocha fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim; nó

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh siad riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras gach táille agus muirear a fhorchuirfidh sé i ndáil le hallmhairiú nó le honnmhairiú ar bhealach a chumasóidh do rialtais, do thrádálaithe agus do pháirtithe leasmhara eile eolas a chur orthu.

5. Ní beidh idirbhearta consalacha de dhíth ar Pháirtí, lena n-áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le haon earra de chuid an Pháirtí eile a allmhairiú.

PUBLIC

CAIBIDIL 12

IMRÉITIGH THRÁDÁLA

ROINN A

DLEACHTANNA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

AIRTEAGAL 12.1

Forálacha ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú Frithdhumpála agus faoi Chomhaontú SCM.

2. Chun críocha na Roinne seo, níl feidhm ag na rialacha tionscnaimh fabhracha faoi Chaibidil 10.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.2

Trédhearcacht

1. Ba cheart imscrúduithe agus bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a úsáid i gcomhréir iomlán leis na ceanglais ábhartha EDT a leagtar amach sa Chomhaontú Frithdhumpála agus i gComhaontú SCM agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chóras cóir trédhearcach.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, a luaithe is indéanta tar éis aon fhorchur beart sealadach agus in aon chás sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach, go ndéanfar nochtadh iomlán ar na fíorais agus na breithnithe riachtanacha uile ar a mbunaíonn sé cinneadh chun bearta cinntitheacha a chur i bhfeidhm. Tá nochtadh den chineál sin sin gan dochar d'Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála agus d'Airteagal 12.4 de Chomhaontú SCM. Nochtfaidh gach Páirtí na fíorais agus breithnithe fíor-riachtanacha sin i scríbhinn, agus tabharfaidh sé am leordhóthanach do pháirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach ina leith.

3. Ar choinníoll nach gcuirfidh sé moill gan ghá ar dhéanamh an imscrúdaithe, tabharfar do gach páirtí leasmhar in imscrúdú frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais deis iomlán chun a thuairimí a chur in iúl.



PUBLIC

AIRTEAGAL 12.3

Leas an phobail a mheas

Cuirfidh gach Páirtí san áireamh staid a thionscail intíre, a allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, a úsáideoirí ionadaíocha agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí a mhéid a chuir siad faisnéis ábhartha ar fáil do na húdaráis imscrúdúcháin laistigh den tréimhse ábhartha. Féadfaidh Páirtí a chinneadh gan bearta frithdhumpála nó frithchúitimh a chur i bhfeidhm ar bhonn na faisnéise sin.

AIRTEAGAL 12.4

Riail na dleachta is lú

Má fhorchuireann Páirtí dleacht frithdhumpála ar earraí de chuid an Pháirtí eile, ní sháróidh méid na dleachta sin an corrlach dumpála. Aon uair is féidir, ba cheart an dleacht frithdhumpála a bheith níos lú ná an corrlach sin dá mba leor an dleacht níos lú sin chun deireadh a chur leis an díobháil don tionscal intíre.

AIRTEAGAL 12.5

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an Roinn seo.

PUBLIC

ROINN B

BEARTA COIMIRCE DOMHANDA

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.6

Forálacha ginearálta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu de bhun Airteagal XIX de GATT 1994, an Chomhaontaithe maidir le Bearta Cosanta agus Airteagal 5 den Chomhaontú maidir leis an Talmhaíocht.

AIRTEAGAL 12.7

Trédhearcacht agus forchur beart cinntitheach

1. D’ainneoin Airteagal 12.6, déanfaidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú coimirce domhanda nó a bheartaíonn bearta coimirce domhanda a chur i bhfeidhm fógra i scríbhinn a sholáthar láithreach, arna iarraidh sin don Pháirtí eile agus ar choinníoll go mbeidh leas substaintiúil ag an bPáirtí sin, ina mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile a thionscnófar imscrúdú coimirce domhanda nó a chuirfear i bhfeidhm bearta coimirce domhanda mar thoradh uirthi, lena n- áirítear i ndáil leis na torthaí sealadacha, más ábhartha. Tá an fógra sin gan dochar d’Airteagal 3.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta.

2. Agus bearta coimirce domhanda cinntitheacha á bhforchur ag gach Páirtí, féachfaidh sé leis na bearta sin a fhorchur ar bhealach a dhéanann an difear is lú don trádáil dhéthaobhach, ar choinníoll go bhfuil leas substaintiúil ag an bPáirtí a ndéanann na bearta difear dó mar a shainmhínítear i mír 4.

3. Chun críocha mhír 2, má mheasann Páirtí go gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le bearta coimirce domhanda cinntitheacha a fhorchur, agus má bheartaíonn sé na bearta sin a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile agus tabharfaidh sé an fhéidearthacht chun comhairliúcháin dhéthaobhacha a reáchtáil, ar choinníoll go bhfuil leas substaintiúil ag an bPáirtí eile mar a shainmhínítear i mír 4. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 15 lá tar éis an fhógra, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta coimirce domhanda iomchuí a ghlacadh chun an fhadhb a leigheas.

4. Chun críocha an Airteagail seo, measfar go mbeidh leas substaintiúil ag Páirtí nuair atá sé ar cheann de chúig sholáthróir is mó an earra allmhairithe le linn na tréimhse 3 bliana is déanaí, arna thomhas i dtéarmaí dearbhthoirte nó dearbhluacha.

AIRTEAGAL 12.8

Neamh-fheidhm an réitigh díospóidí

Níl feidhm ag Caibidil 38 maidir leis an Roinn seo.

PUBLIC

ROINN C

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

PUBLIC

FOROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 12.9

Sainmhínithe

Chun críocha na Roinne seo:

(a) ciallaíonn 'tionscal intíre', i leith earra arna allmhairiú, táirgeoirí na n- earraí comhchosúla nó na n- earraí díriomaíocha ina n- iomláine a oibríonn ar chríoch Páirtí, nó na táirgeoirí sin arb ionann comhtháirgeadh na n- earraí comhchosúla nó na n- earraí díriomaíocha agus cuid mhór de tháirgeadh intíre iomlán na n- earraí sin.

(b) ciallaíonn 'idirthréimhse':

(i) tréimhse 7 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; nó

(ii) i gcás aon earra dá bhforáiltear sa sceideal in Iarscríbhinn 9 a bhaineann leis an bPáirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm le haghaidh tréimhse um dhíothú taraife de 7 mbliana, is é sin an tréimhse um dhíchur taraife don earra sin móide 2 bhliain.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.10

Beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm

1. D'ainneoin Roinn B, más rud é, mar thoradh ar dhleacht chustaim faoin gCuid seo den Chomhaontú seo a laghdú nó a dhíothú, go bhfuil earra de thionscnamh Páirtí á allmhairiú isteach i gcríoch an Pháirtí eile i gcainníochtaí méadaithe, i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeadh intíre, agus faoi choinníollacha a mbeadh mórdhíobháil ann dá mbarr do na táirgeoirí intíre a tháirgeann earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir bearta coimirce déthaobhacha iomchuí a dhéanamh faoi na coinníollacha agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos sa Roinn seo.

2. Má chomhlíontar na coinníollacha i mír 1, ní fhéadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ach ceann amháin de na bearta coimirce déthaobhacha seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) tuilleadh laghdaithe ar an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann a chur ar fionraí de réir mar a fhoráiltear faoin gCuid seo den Chomhaontú; nó

(b) an ráta dleachta custaim ar an earra lena mbaineann a mhéadú go leibhéal nach mó ná an ráta is ísle díobh seo a leanas:

(i) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm ar an earra i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an tráth a chuirtear an beart i bhfeidhm; nó

(ii) an ráta dleachta custaim arna chur i bhfeidhm i leith an náisiúin barrfhabhair atá in éifeacht an lá díreach roimh dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.11

Caighdeáin maidir le beart coimirce déthaobhach

1. Ní chuirfear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm:

(a) ach amháin a mhéid, agus ar feadh cibé tréimhse, is gá chun mórdhíobháil don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun bagairt mórdhíobhála a chosc nó a leigheas;

(b) ar feadh tréimhse is faide ná 2 bhliain; féadfar 2 bhliain eile a chur leis an tréimhse má chinneann údarás inniúil imscrúdúcháin an Pháirtí is allmhaireoir, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear sa Roinn seo, go leantar de ghá a bheith leis an mbeart chun mórdhíobháil don tionscal intíre a chosc nó a leigheas nó chun bagairt mórdhíobhála a chosc nó a leigheas, ar choinníoll nach bhfuil tréimhse fhoriomlán chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, lena n- áirítear tréimhse an chur i bhfeidhm tosaigh agus aon síneadh a chuirtear leis sin, níos faide ná 4 bliana; nó

(c) tar éis dhul in éag na hidirthréimhse mar a shainmhínítear i bhfomhír (b) d'Airteagal 12.9.

PUBLIC

2. Nuair a scoirfidh Páirtí de bheart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, is é an ráta a bheadh in éifeacht don earra lena mbaineann roimhe sin an ráta dleachta custaim a bheidh ann, i gcomhréir lena sceideal in Iarscríbhinn 9.

3. Chun coigeartú ar an tionscal lena mbaineann a éascú i gcás inar faide fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh ná 1 bhliain amháin, déanfaidh an Páirtí a chuireann an beart i bhfeidhm é a léirscaoileadh de réir a chéile ag eatraimh thráthrialta le linn thréimhse an chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 12.12

Bearta coimirce déthaobhacha sealadacha

1. In imthosca criticiúla, ina mbeadh moill ina cúis le díobháil a bheadh deacair a dheisiú, féadfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, gan ceanglais Airteagal 12.21.1 a chomhlíonadh, de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile mar thoradh ar laghdú nó ar dhíothú dleachta custaim faoin gCuid seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis le mórdhíobháil sa tionscal intíre nó go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann mar thoradh orthu.

2. Ní sháróidh fad aon bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh 200 lá, agus le linn na tréimhse sin comhlíonfaidh an Páirtí a chuireann an beart i bhfeidhm na rialacha nós imeachta ábhartha a leagtar síos i bhForoinn 2. An Páirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach sealadach i bhfeidhm, aisíocfaidh sé aon mhéadú ar tharaifí go pras mura bhfaightear amach mar thoradh ar an imscrúdú a thuairiscítear i bhForoinn 2 go bhfuil coinníollacha Airteagal 12.10 (1) á gcomhlíonadh. Déanfar tréimhse an bhirt coimirce dhéthaobhaigh shealadaigh a áireamh mar chuid den tréimhse a dtugtar tuairisc uirthi i bhfomhír (b) d'Airteagal 12.11(1).

3. Cuirfidh an Páirtí a chuireann an beart coimirce déthaobhach sealadach i bhfeidhm an Páirtí eile ar an eolas ar na bearta sealadacha sin a dhéanamh agus déanfaidh sé an t- ábhar a tharchur láithreach chuig an gComhchoiste lena iniúchadh má iarrann an Páirtí eile amhlaidh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.13

Cúiteamh agus fionraíocht lamháltas

1. Páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, rachaidh sé i gcomhairle leis an bPáirtí eile a bhfuil a tháirgí faoi réir an bhirt chun comhaontú frithpháirteach a dhéanamh maidir le cúiteamh iomchuí léirscaoilte trádála i bhfoirm lamháltais a bhfuil na héifeachtaí trádála acu atá coibhéiseach cuid mhaith. An páirtí a chuireann beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm, soláthróidh sé deis le haghaidh na gcomhairliúchán sin tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis chur i bhfeidhm an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

2. Mura dtagann comhaontú maidir le cúiteamh lena léirscaoiltear trádáil as na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 30 lá ó thús na gcomhairliúchán, féadfaidh an Páirtí a bhfuil a earraí faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh cur i bhfeidhm lamháltas atá coibhéiseach cuid mhaith a chur ar fionraí, ar lamháltais iad a bhfuil éifeachtaí acu ar thrádáil an Pháirtí eile.

3. Déanfaidh an Páirtí a bhfuil a earraí faoi réir an bhirt coimirce dhéthaobhaigh fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile 30 lá ar a laghad sula gcuirfidh sé lamháltais ar fionraí i gcomhréir le mír 2.

PUBLIC

4. Maidir leis an oibleagáid cúiteamh a sholáthar de bhun mhír 1 agus an ceart cur i bhfeidhm lamháltas a chur ar fionraí de bhun mhír 2:

(a) ní dhéanfar iad a fheidhmiú don chéad 24 mhí a mbeidh beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm lena linn, ar choinníoll gur cuireadh an beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm mar thoradh ar dearbhmhéadú ar allmhairí; agus

(b) tiocfaidh deireadh leo ar dháta foirceanta an bhirt coimirce dhéthaobhaigh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.14

Tréimhse idir dhá bheart coimirce agus cur i bhfeidhm neamh-chomhthreomhar na mbeart coimirce

1. Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce dá dtagraítear sa Roinn seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earra a bhí faoi réir beart den sórt sin roimhe sin, mura rud é go bhfuil tréimhse imithe thart atá comhionann le leath na tréimhse inar cuireadh an beart coimirce i bhfeidhm lena linn don tréimhse díreach roimhe sin. Beart coimirce a cuireadh i bhfeidhm níos mó ná uair amháin, ní fhéadfar síneadh 2 bhliain eile a chur leis maidir leis an earra céanna mar a leagtar amach i bhfomhír (b) d’Airteagal 12.11(1).

2. Ní dhéanfaidh Páirtí, maidir leis an earra céanna agus le linn na tréimhse céanna, na nithe seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) beart coimirce déthaobhach nó beart coimirce déthaobhach sealadach faoin gCuid seo; agus

(b) beart coimirce domhanda de bhun Airteagal XIX de GATT 1994 agus faoin gComhaontú maidir le Bearta Cosanta.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.15

Na réigiúin is forimeallaí[1] de chuid an Aontais Eorpaigh

1. I gcás ina bhfuil aon táirge de thionscnamh na Sile á allmhairiú isteach go díreach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a bheadh ina gcúis le meath tromchúiseach ar chás eacnamaíoch an réigiúin is forimeallaí lena mbaineann, nó dá mbagrófaí a leithéid, féadfaidh an Páirtí AE, tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar réitigh mhalartacha, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm ar bhonn eisceachtúil atá teoranta do chríoch an réigiúin lena mbaineann.

[1] Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad seo a leanas na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach: Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, La Réunion, Mayotte, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Tá feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí bhíthin cinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin. I gcás ina scoirfidh réigiún is forimeallaí den Aontas Eorpach, tar éis an nós imeachta sin, de bheith ina réigiún forimeallach, scoirfidh an tAirteagal seo d'fheidhm a bheith aige maidir leis an tír sin nó leis an gcríoch thar lear amhail ó dháta an chinnidh ón gComhairle Eorpach ina leith sin. Tabharfaidh an Páirtí AE fógra don tSile faoi aon athrú maidir leis na críocha a mheastar gur na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach iad.

2. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn ‘meath tromchúiseach’ deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear earraí comhchosúla nó earraí díriomaíocha. Beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n- áirítear an méid seo a leanas:

(a) an dearbhmhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n- allmhairí i gcomparáid le táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó fhoinsí eile; agus

(b) éifeacht na n- allmhairí dá dtagraítear i mír 1 ar staid an tionscail nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n- áirítear an éifeacht ar na leibhéil díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.

3. Gan dochar do mhír 1, tá forálacha eile sa Roinn seo is infheidhme maidir le bearta coimirce déthaobhacha infheidhme freisin maidir le haon bheart coimirce arna ghlacadh faoin Airteagal seo. Tuigfear gur ‘meath tromchúiseach’ é aon tagairt do ‘mórdhíobháil’ i bhforálacha eile den Roinn seo nuair a chuirtear i bhfeidhm í maidir leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach.

PUBLIC

FOROINN 2

RIALACHA NÓS IMEACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

AIRTEAGAL 12.16

An dlí is infheidhme

Chun bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm, comhlíonfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin gach Páirtí forálacha na Foroinne seo. I gcásanna nach gcumhdaítear leis an bhForoinn seo, cuirfidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin na rialacha a bhunaítear faoi dhlí Pháirtí an údaráis sin i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 12.17

Nós imeachta coimirce a thionscnamh

1. Féadfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin Páirtí nós imeachta maidir le bearta coimirce déthaobhacha ('nós imeachta coimirce') a thionscnamh ar iarratas i scríbhinn a fháil[1] arna dhéanamh ag an tionscal intíre nó thar a cheann, nó in imthosca eisceachtúla, ar a thionscnamh féin.

[1] I gcás an Pháirtí AE, is féidir le ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an t- iarratas sin a dhéanamh thar ceann an tionscail intíre.



PUBLIC

2. Measfar gur iarratas ón tionscal intíre nó thar a cheann atá ann má thacaíonn táirgeoirí intíre leis arb ionann a n- aschur comhchoiteann agus níos mó na 50 % de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an gcuid den tionscal intíre atá ag tacú leis an iarratas nó ag cur ina aghaidh. Ní thionscnóidh údarás inniúil imscrúduithe aon imscrúdú, áfach, i gcás inar lú na táirgeoirí intíre atá ag tacú leis an iarratas go sainráite ná 25 % de tháirgeadh intíre iomlán na n-earraí comhchosúla nó na n-earraí díriomaíocha arna dtáirgeadh ag an tionscal intíre.

3. A luaithe a thionscnóidh údarás inniúil imscrúduithe an t- imscrúdú, déanfar an t- iarratas i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara, seachas aon fhaisnéis rúnda atá ann.

4. Ar nós imeachta coimirce a thionscnamh, foilseoidh an t- údarás inniúil imscrúdúcháin fógra maidir le tionscnamh an nós imeachta coimirce in iris oifigiúil an Pháirtí. Sainaithneofar na nithe seo a leanas san fhógra:

(a) an t-eintiteas a rinne an t-iarratas i scríbhinn, más infheidhme;

(b) an t-earra allmhairithe atá faoi réir an nós imirce coimirce;

(c) an fo-cheannteideal nó an uimhir míre taraife faoina n-aicmítear an t-earra allmhairithe;

PUBLIC

(d) cineál an bhirt atá beartaithe atá le cur i bhfeidhm;

(e) an éisteacht phoiblí de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 12.20 nó an tréimhse inar féidir le páirtithe leasmhara iarraidh ar éisteacht a chur isteach de bhun fhomhír (b) d'Airteagal 12.20;

(f) an áit a bhféadfar scrúdú a dhéanamh ar an iarratas i scríbhinn agus ar aon dhoiciméad neamhrúnda eile a comhdaíodh le linn na himeachta; agus

(g) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin na hoifige a ndéanfar teagmháil léi chun tuilleadh eolais a fháil.

5. Maidir le nós imeachta coimirce arna thionscnamh de bhun mhír 1 ar bhonn iarratas i scríbhinn, ní fhoilseoidh an t- údarás inniúil imscrúdúcháin an fógra tionscnaimh de bhun mhír 3 gan measúnú cúramach a dhéanamh ar dtús an gcomhlíontar ceanglais a reachtaíochta intíre agus ceanglais mhíreanna 1 agus 2 leis an iarratas, agus go n- áirítear fianaise réasúnach ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí earra de thionscnamh an Pháirtí eile mar thoradh ar dhleacht chustaim a laghdú nó a dhíothú faoin gCuid seo, agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis leis an mórdhíobháil líomhnaithe nó go mbagraítear a leithéid.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.18

Imscrúdú

1. Ní chuirfidh Páirtí beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm ach amháin tar éis dá údarás inniúil imscrúdúcháin imscrúdú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus le fomhír (c) d'Airteagal 4.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta; chuige sin, déantar Airteagal 3(1) agus fomhír (c) d'Airteagal 4.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*.

2. San imscrúdú dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh an Páirtí ceanglais fhomhír (a) d'Airteagal 4.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta. Chuige sin, déantar fomhír (a) d'Airteagal 4.2 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo di, *mutatis mutandis*.

PUBLIC

3. I gcás ina dhéanann Páirtí fógra de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 3(1) den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta lena gcuirtear beart coimirce déthaobhach i bhfeidhm nó lena gcuirtear síneadh le beart coimirce déthaobhach, beidh na nithe seo a leanas san fhógra sin:

(a) fianaise go bhfuil allmhairí méadaithe earra de thionscnamh Páirtí eile ina gcúis le mórdhíobháil nó bagairt ina leith, mar thoradh ar dhleachtanna custaim a laghdú nó a dhíothú faoin gCuid seo; léireofar leis an imscrúdú, ar bhonn fianaise oibiachtúil, go bhfuil nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó bagairt ina leith. Déanfar imscrúdú ar fhachtóirí aitheanta seachas na hallmhairí méadaithe le háirithiú nach gcuirtear an mhórdhíobháil ná an bhagairt mórdhíobhála atá mar thoradh ar na fachtóirí sin i leith na n-allmhairí méadaithe.

(b) tuairisc bheacht ar an earra atá faoi réir an bhirt coimirce déthaobhaigh, lena n- áirítear a cheannteideal nó a fho- cheannteideal faoi Chód CC, ar a bhfuil na Sceidil um dhíothú taraifí in Iarscríbhinn 9 bunaithe;

(c) tuairisc bheacht ar an mbeart coimirce déthaobhach;

(d) dáta thabhairt isteach an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, a fhad a bhfuil coinne leis agus, más infheidhme, tráthchlár um léirscaoileadh forchéimnitheach an bhirt i gcomhréir le hAirteagal 12.11(3); agus

PUBLIC

(e) i gcás go síntear beart coimirce déthaobhach, fianaise go bhfuil an tionscal intíre lena mbaineann á choigeartú.

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí a bhfuil a earra faoi réir nós imeachta coimirce faoin Roinn seo, rachaidh an Páirtí atá i mbun an nós imeachta sin i gcomhairliúcháin leis an bPáirtí iarrthach chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhógra faoi mhír 1 nó ar aon fhógra poiblí nó tuarascáil a d'eisigh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin maidir leis an nós imeachta coimirce.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh a údarás inniúil imscrúdúcháin aon imscrúdú den sórt sin a chur i gcrích de bhun an Airteagail seo laistigh de 12 mhí tar éis dháta a thionscnaimh.

AIRTEAGAL 12.19

Faisnéis rúnda

1. Aon fhaisnéis de chineál rúnda nó a sholáthraítear ar bhonn rúnda, is mar sin a phléifidh an t- údarás inniúil imscrúdúcháin léi má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis sin. Ní nochtfar faisnéis den sórt sin gan cead sonrach ón bpáirtí leasmhar a chuireann isteach é.

2. Iarrtar ar pháirtithe leasmhara a sholáthraíonn faisnéis rúnda achoimrí neamhrúnda di a chur ar fáil nó, má thugann na páirtithe sin le fios nach féidir an fhaisnéis sin a achoimriú, na cúiseanna nach féidir é sin a dhéanamh. Beidh na hachoimrí sin mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a tíolacadh faoi rún a thuiscint. Má chinneann an t- údarás inniúil imscrúdúcháin nach bhfuil údar le hiarraidh ar rúndacht, áfach, agus má bhíonn drogall ar an bpáirtí lena mbaineann an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó a údarú go nochtfaí i bhfoirm ghinearálta nó achomair í, féadfaidh sé neamhaird a dhéanamh den fhaisnéis sin mura féidir a léiriú chun a shástachta ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.20

Éisteachtaí

I gcaitheamh gach nós imeachta coimirce, déanfaidh an t- údarás inniúil imscrúdúcháin na nithe seo a leanas:

(a) éisteacht phoiblí a reáchtáil, tar éis fógra réasúnach a thabhairt, chun a cheadú do na páirtithe leasmhara uile agus d'aon chomhlachas ionadaíoch tomhaltóirí teacht i láthair go pearsanta nó trí abhcóide chun fianaise a chur i láthair agus éisteacht a fháil maidir leis an mórdhíobháil nó an bhagairt ina leith, chomh maith leis an leigheas iomchuí; nó

(b) deis a sholáthar do na páirtithe leasmhara uile chun éisteacht a fháil má tá iarratas i scríbhinn curtha isteach acu laistigh den tréimhse a leagtar síos san fhógra tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 12.17(4), lena dtaispeántar gur dócha go ndéanfaidh toradh an imscrúdaithe difear dóibh agus go bhfuil cúiseanna speisialta ann go n- éistfí ó bhéal leo.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.21

Fógraí, scrúdú sa Chomhchoiste agus foilseacháin

1. Má mheasann Páirtí gurb ann do cheann de na cásanna a leagtar amach in Airteagal 12.10(1) nó 12.15(1), déanfaidh sé an cheist a tharchur láithreach chuig an gComhchoiste lena scrúdú. Féadfaidh an Comhchoiste aon mholadh is gá a dhéanamh chun na himthosca atá tagtha chun cinn a leigheas. Mura ndéanfaidh an Comhchoiste aon mholadh dírithe ar na himthosca a leigheas, nó mura dtiocfar ar réiteach sásúil eile laistigh de 30 lá tar éis an lá a dhéanann an Páirtí an cheist a tharchur chuig an gComhchoiste, féadfaidh an Páirtí allmhairiúcháin an beart coimirce déthaobhach is iomchuí a ghlacadh chun na himthosca a leigheas i gcomhréir leis an Roinn seo.

2. Chun críocha mhír 1, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí is onnmhaireoir, lena n-áirítear fianaise ar mhórdhíobháil nó ar bhagairt ina leith ar tháirgeoirí intíre an earra chomhchosúil agus an earra dhíriomaíoch, atá mar thoradh ar allmhairí méadaithe, tuairisc bheacht ar an earra lena mbaineann agus ar an mbeart coimirce déthaobhach atá beartaithe, an dáta forchuir atá beartaithe agus fad ionchais an bhirt coimirce dhéthaobhaigh atá beartaithe.

3. An Páirtí a ghlacfaidh an nós imeachta coimirce déthaobhach, déanfaidh sé a thorthaí agus na conclúidí réasúnaithe ar ar tháinig sé maidir leis na saincheisteanna ábhartha uile a bhain le fíorais agus dlí a fhoilsiú in iris oifigiúil an Pháirtí sin, lena n- áirítear an tuairisc ar an earra allmhairithe agus an cás ba bhun leis na bearta a fhorchur i gcomhréir le hAirteagail 12.10 (1) nó 12.15 (1), an nasc cúisíoch idir an cás sin agus na hallmhairí méadaithe, agus foirm, leibhéal agus fad na mbeart.

PUBLIC

AIRTEAGAL 12.22

Glacadh le doiciméid as Béarla i nósanna imeachta coimirce

Chun cur isteach doiciméad i nósanna imeachta coimirce a éascú, glacfaidh údarás inniúil imscrúdúcháin an Pháirtí atá i gceannas ar an nós imeachta le doiciméid a chuirfidh na Páirtithe leasmhara isteach as Béarla, ar choinníoll go gcuirfidh na Páirtithe sin aistriúchán ar na doiciméid isteach níos déanaí i dteanga an nós imeachta coimirce, laistigh den sprioc-am a leagfaidh an t-údarás inniúil síos.

CAIBIDIL 13

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 13.1

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na Caibidle seo:

1. Sláinte daoine, ainmhithe agus plandaí a choimirciú i gcríocha na bPáirtithe agus trádáil ainmhithe, táirgí ainmhithe, plandaí, táirge plandaí agus táirgí eile a chumhdaítear le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta ('SPS') a éascú, idir na Páirtithe, trí na nithe seo a leanas:

(a) trédhearcacht, cumarsáid agus comhar maidir le bearta SPS idir na Páirtithe a fheabhsú;

(b) sásraí agus nósanna imeachta a bhunú chun an trádáil a éascú; agus

(c) prionsabail Chomhaontú SPS a chur chun feidhme a thuilleadh.

PUBLIC

2. Oibriú i gcomhar i bhfóraim iltaobhacha agus maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí.

3. Oibriú i gcomhar maidir le hábhair sláintíochta agus fíteashláintíochta eile i bhfóraim eile.

AIRTEAGAL 13.2

Oibleagáidí iltaobhacha

Athdhearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Chomhaontú EDT agus, go háirithe, faoi Chomhaontú SPS. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí sin mar bhonn taca ghníomhaíochtaí na bPáirtithe faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 13.3

Raon feidhme

Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) bearta SPS uile mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS a mhéid a dhéanann siad difear don trádáil idir na Páirtithe;

PUBLIC

(b) comhar i bhfóraim iltaobhacha a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS;

(c) comhar maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí; agus

(d) comhar maidir le haon ábhar sláintíochta agus fíteashláintíochta eile in aon fhóraim eile, mar a fhéadfaidh na Páirtithe a chomhaontú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.4

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 13-A go 13-H:

(a) tá feidhm ag na sainmhínithe in Iarscríbhinn A de Chomhaontú SPS, chomh maith leo siúd de chuid *Codex Alimentarius*, na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe agus an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta maidir le Cosaint Plandaí, arna dhéanamh sa Róimh an 17 Samhain 1997; agus

(b) ciallaíonn 'crios faoi chosaint', i gcás lotnaid rialáilte ar leith, cuid gheografach atá sainithe go hoifigiúil de chríoch Pháirtí arb eol nach bhfuil an lotnaid sin bunaithe ann in ainneoin dálaí fabhracha agus a láithreachta i gcodanna eile de chríoch an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 13.5

Údaráis inniúla

1. Is iad údaráis inniúla na bPáirtithe na húdaráis atá freagrach as cur chun feidhme na mbeart dá dtagraítear sa Chaibidil seo, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-A.

2. I gcomhréir le hAirteagal 13.12, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon athrú suntasach ar struchtúr, eagrú nó roinnt inniúlachtaí a n-údarás inniúil.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.6

Aitheantas ar stádas i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, agus i leith lotnaidí

1. Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le stádas i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, lena n-áirítear zónóisí:

(a) aithneoidh an Páirtí is allmhaireoir sláinte ainmhithe an Pháirtí is onnmhaireoir nó a réigiún chun críocha trádála, mar a chinneann an Páirtí is allmhaireoir i gcomhréir le fomhír (a)(i) ó mhír 1 d'Iarscríbhinn 13-C, i leith na ngalar ainmhithe a shonraítear in Iarscríbhinn 13-B;

(b) i gcás ina measfaidh Páirtí go bhfuil stádas speisialta ag a chríoch nó ag aon cheann dá réigiúin i leith galar ainmhithe sonrach seachas na galair ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-B, féadfaidh sé aitheantas ar an stádas sin a iarraidh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i mír 3 d'Iarscríbhinn 13-C; féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir ráthaíochtaí a éileamh maidir le hallmhairiú ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe atá iomchuí do stádas comhaontaithe an Pháirtí sin;

(c) aithníonn na Páirtithe gur bonn na trádála eatarthu é stádas na gcríoch nó na réigiún, nó stádas earnála nó fo-earnála de chuid na bPáirtithe, a bhaineann le leitheadúlacht nó le ráta tarlaithe galair ainmhithe seachas na galair ainmhithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-B, nó le leitheadúlacht nó le ráta tarlaithe ionfhabhtuithe in ainmhithe, nó an riosca a bhaineann leo, de réir mar is iomchuí, arna sainiú ag na heagraíochtaí a leagann síos caighdeáin idirnáisiúnta a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS; féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, de réir mar is iomchuí, ráthaíochtaí a iarraidh i leith allmhairiú ainmhithe beo agus táirgí ó ainmhithe atá iomchuí do stádas sainithe an Pháirtí sin i gcomhréir le moltaí na n-eagraíochtaí a leagan síos caighdeáin; agus

(d) gan dochar d'Airteagail 13.9 agus 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis tacaíochta nó faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14, glacfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar bhonn fhomhíreanna (a), (b) agus (c) den mhír seo.

PUBLIC

2. Tá feidhm ag an méid seo a leanas maidir le lotnaidí:

(a) aithníonn na Páirtithe chun críocha trádála an stádas lotnaide maidir leis na lotnaidí a shonraítear in Iarscríbhinn 13-B; agus

(b) gan dochar d'Airteagail 13.9 agus 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis tacaíochta nó faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14, déanfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar bhonn fhomhír (a) den mhír seo.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.7

Aitheantas ar chinntí réigiúnaithe
i leith galair ainmnithe agus ionfhabhtuithe in ainmhithe, agus i leith lotnaidí

1. Aithníonn na Páirtithe coincheap an réigiúnaithe, agus beidh feidhm aige maidir leis an trádáil eatarthu.

2. Glacfar cinntí réigiúnaithe i ndáil le galair ainmhithe talún agus uisceacha a liostaítear i bhFoscríbhinn 13-B-1 agus le lotnaidí a liostaítear i bhFoscríbhinn13-B-2, i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-C.

3. A mhéid a bhaineann le galair ainmhithe, agus i gcomhréir le hAirteagal 13.14, tabharfaidh an Páirtí is onnmhaireoir a bhfuil aitheantas ar chinneadh réigiúnaithe á lorg aige ón bPáirtí is allmhaireoir fógra faoina bhearta lena mbunaítear réigiúnú le míniú iomlán agus le sonraí tacaíochta dá shocruithe agus dá chinntí.

4. Gan dochar d'Airteagal 13.15, agus mura ndéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir agóid fhollasach agus faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14 laistigh de 15 lá oibre ón gcinneadh réigiúnaithe a fháil, measfaidh na Páirtithe gur glacadh leis an gcinneadh sin.

5. Is i gcomhréir le hAirteagal 13.14(2) a dhéanfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar an bhfaisnéis bhreise laistigh de 15 lá tar éis dó an fhaisnéis bhreise a fháil. Déanfar an fíorú dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 13.11 agus laistigh de 25 lá oibre ón iarraidh ar fhíorú a fháil.

PUBLIC

6. A mhéid a bhaineann le lotnaidí, áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an stádas lotnaide atá aitheanta ag an bPáirtí eile san áireamh leis an trádáil i bplandaí, táirgí plandaí agus táirgí eile. An Páirtí is onnmhaireoir a bhfuil aitheantas á lorg aige ar chinneadh réigiúnaithe ón bPáirtí eile, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina bhearta agus a chinntí, faoi threoir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta de chuid Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe ('FAO'), lena n-áirítear 4 'Ceanglais maidir le Limistéir atá Saor ó Lotnaidí a bhunú', 8 'Stádas Lotnaidí a Chinneadh i limistéar'. Gan dochar d'Airteagal 13.15, agus mura ndéanfaidh Páirtí agóid fhollasach agus faisnéis, comhairliúcháin nó fíorú breise á n-iarraidh aige i gcomhréir le hAirteagail 13.11 agus 13.14 laistigh de 3 mhí ón gcinneadh réigiúnaithe a fháil, measfaidh na Páirtithe gur glacadh leis an gcinneadh sin.

7. Is i gcomhréir le hAirteagal 13.14(2) a dhéanfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise laistigh de 3 mhí tar éis dó an fhaisnéis bhreise a fháil. Déanfaidh gach Páirtí an fíorú dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 13.11 agus déanfar é laistigh de 12 mhí ón iarraidh ar fhíorú a fháil, agus bitheolaíocht na lotnaide agus an bhairr lena mbaineann á gcur san áireamh.

8. Tar éis na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 2 go 7 den Airteagal seo a chur i gcrích, agus gan dochar d'Airteagal 13.15, déanfaidh gach Páirtí, gan moill mhíchuí, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun trádáil a cheadú ar an mbonn sin.

AIRTEAGAL 13.8

Coibhéis a aithint

PUBLIC

1. Féadfaidh na Páirtithe coibhéis a aithint i ndáil le beart aonair, le grúpa beart nó le córas is infheidhme maidir le hearnáil nó maidir le fo-earnáil.

2. I bhfianaise an aitheantais ar choibhéis, leanfaidh na Páirtithe an próiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3. Áireofar sa phróiseas sin léiriú oibiachtúil coibhéise ag an bPáirtí is onnmhaireoir agus measúnú oibiachtúil ar an léiriú sin ag an bPáirtí is allmhaireoir d'fhonn go bhféadfadh an Páirtí is allmhaireoir an choibhéis a aithint.

3. Laistigh de 3 mhí tar éis don Pháirtí is allmhaireoir iarraidh a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir ar aitheantas ar choibhéis maidir le beart amháin nó níos mó lena ndéantar difear d'earnáil amháin nó d'fho-earnáil amháin nó níos mó, féadfaidh na Páirtithe próiseas comhairliúcháin a thionscnamh, lena n-áireofar na céimeanna a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-E. I gcás iarrataí líonmhara ón bPáirtí is onnmhaireoir, comhaontóidh na Páirtithe laistigh den Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16, arna iarraidh sin don Pháirtí is allmhaireoir, maidir le sceideal ama ar i gcomhréir leis a thionscnóidh an próiseas dá dtagraítear sa mhír seo.

4. Mura gcomhaontófar a mhalairt, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an measúnú ar choibhéis i gcrích, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-E, tráth nach déanaí ná 180 lá tar éis dó an léiriú coibhéise mar a leagtar amach san Iarscríbhinn sin a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir. Mar eisceacht i gcás barra séasúracha, tá bonn cirt leis an measúnú ar choibhéis a chur i gcrích tráth níos déanaí, más gá ionas gur féidir bearta fíteashláintíochta a fhíorú le linn tréimhse oiriúnach fáis bairr.

5. Na príomhearnálacha nó fo-earnálacha gach Páirtí a bhféadfar próiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a thosú ina leith, leagfar amach iad, i gcás inarb iomchuí in ord tosaíochta i bhFoscríbhinn 13-E-1. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach an liosta sin, lena n-áirítear an t-ord tosaíochta.

6. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar nó a chur ar fionraí ar bhonn leasú ó cheann de na Páirtithe ar bhearta lena ndéantar difear don choibhéis lena mbaineann, ar choinníoll go leanfar na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir an Páirtí is allmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú atá beartaithe ar bheart de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir a aithnítear coibhéis ina leith agus faoin éifeacht is dócha a bheidh ag an leasú atá beartaithe ar an gcoibhéis sin; laistigh de 30 lá oibre tar éis don Pháirtí is allmhaireoir an fhaisnéis sin a fháil, cuirfidh sé in iúl don Pháirtí is onnmhaireoir cé acu an leanfaí nó nach leanfaí den choibhéis sin a aithint ar bhonn an leasaithe atá beartaithe; agus

(b) i gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú atá beartaithe ar bheart de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir ar a bunaíodh aitheantas ar choibhéis agus faoin éifeacht is dócha a bheidh ag an leasú atá beartaithe ar an aitheantas ar an gcoibhéis sin; mura leanfaidh an Páirtí is allmhaireoir den choibhéis sin a aithint, féadfaidh na Páirtithe na coinníollacha maidir leis an bpróiseas dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a thionscnamh an athuair a bhunú go comhpháirteach ar bhonn an leasaithe atá beartaithe.

PUBLIC

7. Gan dochar d’Airteagal 13.15, ní dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar ná a chur ar fionraí sula dtiocfaidh an leasú atá beartaithe ó cheachtar Páirtí i bhfeidhm.

8. Maidir le aitheantas ar choibhéis a aithint nó a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, is ar an bPáirtí is allmhaireoir amháin atá sé agus é ag gníomhú i gcomhréir lena chreat riaracháin agus reachtach féin lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, cumarsáid iomchuí i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta 13 ‘Treoirlínte maidir le fógra a thabhairt faoi neamhchomhlíonadh agus gníomhaíocht éigeandála’ agus caighdeán idirnáisiúnta eile maidir le bearta fíteashláintíochta, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir míniú iomlán i scríbhinn agus na sonraí tacaíochta maidir leis na socruithe agus na cinntí a chumhdaítear leis an Airteagal seo a sholáthar don Pháirtí is onnmhaireoir. I gcás neamhaitheantais, nó i gcás go ndéantar aitheantas ar choibhéis a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi na coinníollacha maidir le haththionscnamh an phróisis dá dtagraítear i mír 3.

AIRTEAGAL 13.9

Trédhearcacht agus coinníollacha trádála

1. Cuirfidh na Páirtithe coinníollacha ginearálta trádála i bhfeidhm. Gan dochar do na cinntí a ghlactar i gcomhréir le hAirteagal 13.7, beidh feidhm ag coinníollacha allmhairiúcháin an Pháirtí is allmhaireoir maidir le críoch an Pháirtí is onnmhaireoir. I gcomhréir le hAirteagal 13.13, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas maidir lena gceanglais allmhairiúcháin SPS. Áireofar san fhaisnéis sin, de réir mar is iomchuí, na samhlacha d’aon deimhniú nó fianú oifigiúla a éileoidh an Páirtí is allmhaireoir.



PUBLIC

2. Chun fógra a thabhairt faoi leasuithe nó leasuithe atá beartaithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, comhlíonfaidh gach Páirtí Airteagal 7 agus Iarscríbhinn B de Chomhaontú SPS agus cinntí a ghlacfaidh Comhairle EDT SPS ina dhiaidh sin. Gan dochar d'Airteagal 13.15, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an t-am iompair idir críocha na bPáirtithe san áireamh agus dáta theacht i bhfeidhm aon leasuithe ar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal.

3. I gcás nach gcomhlíonann an Páirtí is allmhaireoir na ceanglais maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 2, leanfaidh, ar feadh 30 lá tar éis dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe lena mbaineann, de ghlacadh le haon deimhniú nó fianú lena ráthaítear na coinníollacha allmhairiúcháin is infheidhme roimh an leasú sin.

4. Nuair a thabharfaidh an tSile rochtain ar an margadh d'earnáil nó d'fho-earnáil amháin nó níos mó de Pháirtí AE i gcomhréir leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, formheasfaidh an tSile aon iarrataí ar onnmhairiú a chuirfidh na Ballstáit isteach ina dhiaidh sin ar bhonn sainchomhad cuimsitheach faisnéise atá ar fáil don Choimisiún Eorpach, ar a dtugtar próifíl na Tíre, mura n-iarrfaidh an tSile faisnéis bhreise in imthosca sonracha teoranta nuair a mheastar gurb iomchuí sin.

PUBLIC

5. Laistigh de 90 lá tar éis coibhéis a aithint i gcomhréir le hAirteagal 13.8, déanfaidh Páirtí na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun an aitheantas sin ar choibhéis a chur chun feidhme chun trádáil a cheadú idir na Páirtithe in earnálacha agus fo-earnálacha ina n-aithníonn an Páirtí is allmhaireoir go bhfuil gach beart SPS de chuid an Pháirtí is onnmhaireoir coibhéiseach. I gcás na n-ainmhithe, na dtáirgí ainmhithe, na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na dtáirgí eile a chumhdaítear leis na bearta SPS lena mbaineann, féadfar deimhniú dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 13-H a chur in ionad shamhail an deimhnithe oifigiúil nó an doiciméid oifigiúil a éilíonn an Páirtí is allmhaireoir.

6. I gcás táirgí dá dtagraítear i mír 5 in earnálacha nó i bhfo-earnálacha a n-aithnítear go bhfuil beart amháin nó roinnt beart (ach ní gach beart) coibhéiseach, leanfaidh na Páirtithe den trádáil eatarthu ar bhonn na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, beidh feidhm ag mír 8.

7. Chun críocha na Caibidle seo, ní chuirfidh an Páirtí is allmhaireoir allmhairí táirgí an Pháirtí eile faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin.

8. A mhéid a bhaineann le coinníollacha ginearálta allmhairiúcháin lena ndéantar difear do na Páirtithe, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagail 13.14, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, chun coinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise de chuid an Pháirtí is allmhaireoir a bhunú. Déanfaidh na Páirtithe sin, más iomchuí, na coinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise sin a bhunú ar bhearta an Pháirtí is onnmhaireoir a aithníonn an Páirtí is allmhaireoir a bheith coibhéiseach. Má chomhaontaíonn na Páirtithe ar choinníollacha allmhairiúcháin malartacha nó breise, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, laistigh de 90 lá tar éis a mbunaithe, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun allmhairiú a cheadú ar an mbonn sin.

9. A mhéid a bhaineann le hallmhairí ainmhithe, táirgí ainmhithe, táirge de thionscnamh ainmhíoch agus seachtháirge ainmhithe, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir agus na ráthaíochtaí iomchuí ag gabháil leis an iarraidh, bunaíochtaí atá suite ar chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir a fhormheas, gan réamhchigireacht, agus i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-D. Mura n-iarrfaidh an Páirtí is onnmhaireoir faisnéis bhreise, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, laistigh de 30 lá ón iarraidh ar fhormheas a fháil agus na ráthaíochtaí iomchuí ag gabháil léi, na bearta reachtacha agus riaracháin is gá chun allmhairiú a cheadú ar an mbonn sin.

10. Déanfaidh Páirtí liosta tosaigh na mbunaíochtaí a fhormheas i gcomhréir le hIarscríbhinn 13-D.

11. Arna iarraidh sin do Pháirtí amháin, déanfaidh an Páirtí eile míniú iomlán agus na sonraí tacaíochta le haghaidh na socruithe agus na gcinntí a chumhdaítear leis an Airteagal seo a sholáthar.

## AIRTEAGAL 13.10

### Nósanna imeachta deimhniúcháin

1. Chun críocha nósanna imeachta deimhniúcháin, comhlíonfaidh na Páirtithe na prionsabail agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-H.

2. Eiseoidh Páirtí na deimhnithe nó na doiciméid oifigiúla dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 d’Airteagal 13.9 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-H.

PUBLIC

3. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go nglacfaidh an Comhchoiste nó an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh lena mbunófar rialacha a leanfar i gcás deimhniú leictreonach, nó deimhnithe a tharraingt siar nó a athsholáthar.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.11

Fíorú

1. Chun críocha chur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo, beidh na cearta seo a leanas ag gach Páirtí:

(a) i gcomhréir leis na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-F, clár rialaithe iomlán údaráis inniúla an Pháirtí eile, nó cuid den chlár sin, a fhíorú; is é an Páirtí a dhéanfaidh an fíorú a íocfaidh costais an fhíoraithe sin;

(b) ó dháta a bheidh le cinneadh ag na Páirtithe ar aghaidh, clár rialaithe iomlán an Pháirtí eile nó chuid den chlár sin agus tuarascáil maidir le torthaí na rialuithe a rinneadh faoin gclár sin a iarraidh ar an bPáirtí eile; agus

(c) i gcás tástálacha saotharlainne a bhaineann le táirgí de thionscnamh ainmhíoch, rannpháirtíocht an Pháirtí eile sa chlár tástála idirchomparáideach tréimhsiúil le haghaidh tástálacha sonracha arna n-eagrú ag saotharlann tagartha an Pháirtí iarrthaigh a iarraidh; is é an Páirtí rannpháirteach a íocfaidh na costais a bhaineann leis an rannpháirtíocht sin.

2. Féadfaidh gach Páirtí torthaí agus conclúidí a fhíoruithe a chomhroinnt le tríú tíortha agus iad a chur ar fáil go poiblí.

3. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh go leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 13-F, agus aird chuí á tabhairt ar an obair ábhartha a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta.

4. Féadfaidh torthaí na bhfíoruithe dá dtagraítear san Airteagal seo rannchuidiú le bearta de chuid Páirtí nó na bPáirtithe dá dtagraítear in Airteagail 13.6 go 13.9 agus 13.12.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 13.12

### Seiceálacha allmhairiúcháin agus táillí iniúchta

1. Leis na seiceálacha allmhairiúcháin a dhéanann an Páirtí is allmhaireoir ar choinsíneachtaí ón bPáirtí is onnmhaireoir, urramófar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G. Féadfar rannchuidiú leis an bpróiseas fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.11 le torthaí na seiceálacha sin.

2. Leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G rátaí minicíochta na seiceálacha allmhairiúcháin fisiceacha a chuireann gach Páirtí i bhfeidhm. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 13.16 a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 13-G a leasú.

3. Féadfaidh Páirtí imeacht ó na rátaí minicíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn 13-G laistigh dá inniúlachtaí agus i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, mar thoradh ar dhul chun cinn a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 13.8 agus 13.9, nó mar thoradh ar fhíoruithe, comhairliúcháin nó bearta eile dá bhforáiltear sa Chaibidil seo.

4. Ní rachaidh táillí cigireachta thar na costais a thabhóidh an t-údaráis inniúil as seiceálacha allmhairiúcháin a dhéanamh agus beidh siad cothromasach i ndáil le táillí a ghearrfar chun cigireacht a dhéanamh ar tháirgí intíre comhchosúla.

5. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi aon leasú, lena n-áirítear na cúiseanna atá leis an leasú sin, ar na bearta lena ndéantar difear do sheiceálacha allmhairiúcháin agus táillí cigireachta agus faoi aon athrú suntasach ar an nós imeachta riaracháin maidir leis na seiceálacha sin.

6. I gcás táirgí dá dtagraítear in Airteagal 13.9(5), féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú minicíocht na seiceálacha allmhairiúcháin fisiceacha a laghdú go cómhalartach.

7. Féadfaidh an Fochoiste na coinníollacha maidir le formheas seiceálacha allmhairiúcháin gach Páirtí a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach, d'fhonn a minicíocht a oiriúnú nó seiceálacha eile a chur ina n-ionad, le bheith infheidhme ó dháta áirithe ar aghaidh. Áireofar na coinníollacha sin in Iarscríbhinn 13-G le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach. Ón dáta sin ar aghaidh, féadfaidh na Páirtithe seiceálacha allmhairiúcháin a chéile a fhormheas le haghaidh táirgí áirithe d'fhonn a minicíocht a laghdú nó seiceálacha nua a chur ina n-ionad.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.13

Malartú faisnéise

1. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis is ábhartha maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo a mhalartú ar bhonn córasach, d'fhonn caighdeáin a fhorbairt, dearbhú a thabhairt, muinín fhrithpháirteach a spreagadh agus éifeachtacht na gclár arna rialú a léiriú. Más iomchuí, áireofar malartú oifigeach i malartú na faisnéise.

2. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú ar ábhair ábhartha eile, lena n-áirítear:

(a) teagmhais mhóra a bhaineann le táirgí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, lena n-áirítear malartú faisnéise dá bhforáiltear in Airteagail 13.8 agus 13.9;

(b) torthaí na nósanna imeachta fíorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 13.11;

(c) torthaí na seiceálacha allmhairiúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 13.12 i gcás coinsíneachtaí diúltaithe nó neamhchomhlíontacha d'ainmhithe nó de tháirgí ainmhithe;

(d) tuairimí eolaíocha atá ábhartha maidir leis an gCaibidil seo agus a chuirtear ar fáil faoi fhreagracht Pháirtí; agus

(e) mear-rabhaidh atá ábhartha maidir le trádáil faoi raon feidhme na Caibidle seo.



PUBLIC

3. Déanfaidh Páirtí páipéir eolaíochta nó sonraí eolaíochta a chur faoi bhráid an fhóraim eolaíochta ábhartha chun bunús a thabhairt le haon tuairim nó maíomh a dhéantar i leith ábhar a eascraíonn as an gCaibidil seo chun meastóireacht a dhéanamh orthu go tráthúil. Cuirfear torthaí na meastóireachta sin ar fáil do na Páirtithe.

4. Nuair a dhéanfaidh Páirtí an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a chur ar fáil trí fhógra a thabhairt do EDT i gcomhréir le hAirteagal 7 agus Iarscríbhinn B de Chomhaontú SPS, nó ar a shuíomh gréasáin oifigiúil, ar a bhfuil rochtain ag an bpobal agus atá saor ó tháillí, measfar an fhaisnéis dá bhforáiltear san Airteagal seo a bheith malartaithe.

5. I gcás lotnaidí atá ina gcontúirt aitheanta agus láithreach do Pháirtí, seolfar cumarsáid dhíreach chuig an bPáirtí sin tríd an bpost nó trí ríomhphost. Leanfaidh na Páirtithe an treoir arna soláthar ag Beart 17 de Chaighdeán Idirnáisiúnta FAO maidir le Bearta Fíteashláintíochta ‘Tuairisciú lotnaidí’.

6. Déanfaidh na Páirtithe an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a mhalartú trí ríomhphost, trí fhacs nó tríd an bpost.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.14

Fógra agus comhairliúchán

PUBLIC

1. Laistigh de 2 lá ó aon riosca tromchúiseach nó suntasach do shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, lena n-áirítear éigeandálaí rialaithe bia nó cásanna ina bhfuil riosca atá sainaitheanta go soiléir go mbeidh éifeachtaí tromchúiseacha sláinte ann a bhaineann le táirgí ainmhithe nó táirgí plandaí a chaitheamh, tabharfaidh Páirtí fógra don Pháirtí eile faoin riosca sin agus go háirithe faoi na nithe seo a leanas:

(a) bearta lena ndéantar difear do chinntí réigiúnaithe dá dtagraítear in Airteagail 13.7;

(b) láithreacht nó éabhlóid galair ainmhithe nó lotnaide a liostaítear in Iarscríbhinn 13-B;

(c) torthaí lena mbaineann tábhacht eipidéimeolaíoch nó rioscaí tábhachtacha gaolmhara i ndáil le galair ainmhithe agus lotnaidí nach liostaítear in Iarscríbhinn 13-B, nó maidir le galair ainmhithe nó lotnaidí ar galair ainmhithe nó lotnaidí nua iad; agus

(d) aon bheart breise thar bhuncheanglais a mbeart SPS faoi seach a rinneadh chun galar ainmhithe a rialú nó a dhíothú nó chun sláinte an duine a chosaint, agus aon athrú ar bheartais choisctheacha, lena n-áirítear beartais vacsaínithe.

2. I gcás ina mbeidh imní tromchúiseach ar Pháirtí maidir le riosca do shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, féadfaidh an Páirtí sin comhairliúcháin a iarraidh ar an bPáirtí eile maidir leis an gcás. Cuirfear na comhairliúcháin sin ar siúl a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 13 lá oibre tar éis dháta na hiarrata. Sna comhairliúcháin sin, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis uile is gá a sholáthar chun cur isteach ar an trádáil a sheachaint, agus chun teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach agus a bheidh comhsheasmhach le cosaint shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí.

3. Féadfaidh Páirtí a iarraidh gur trí fhíschomhdháil nó trí fhíschomhdháil a thionólfar na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Ullmhóidh an Páirtí iarrthach miontuairiscí na gcomhairliúchán, a bheidh faoi réir fhormheas na bPáirtithe. Chun críocha an fhormheasa sin, tá feidhm ag Airteagal 13.13(6).

## AIRTEAGAL 13.15

### Clásal coimirce

1. Má dhéanann an Páirtí is onnmhaireoir bearta intíre chun cúis a rialú ar dócha a bheidh ina riosca tromchúiseach do bheatha agus do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, déanfaidh an Páirtí sin, gan dochar do mhír 2, bearta coibhéiseacha chun cosc a chur ar an riosca a thabhairt isteach i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir.

PUBLIC

2. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na bearta sealadacha is gá a ghlacadh, ar fhorais riosca thromchúisigh do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, chun sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint. I gcás coinsíneachtaí a bheidh á n-iompar idir na Páirtithe nuair a bheidh feidhm ag na bearta sealadacha sin, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an réiteach is oiriúnaí agus is comhréirí a mheas chun cur isteach neamhriachtanach ar an trádáil a sheachaint.

3. An Páirtí a dhéanfaidh bearta dá dtagraítear san Airteagal seo, cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin laistigh de lá oibre amháin ón gcinneadh maidir leis na bearta sin a chur chun feidhme. Arna iarraidh sin do Pháirtí agus i gcomhréir le hAirteagal 13.14(2), cuirfidh na Páirtithe comhairliúcháin ar siúl maidir leis an seasamh laistigh de 13 lá oibre ón bhfógra. Ba cheart do na Páirtithe aird chuí ar aon fhaisnéis a chuirfear ar fáil le linn na gcomhairliúchán sin agus féachfaidh siad le cur isteach neamhriachtanach ar an trádáil a sheachaint, agus torthaí na gcomhairliúchán faoi Airteagal 13.14(2) á gcur san áireamh, más infheidhme.

## AIRTEAGAL 13.16

### An Fochoiste um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta

1. Beidh an Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('an Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as saincheisteanna SPS.

PUBLIC

2. Déanfaidh an Fochoiste:

(a) faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo, agus breithneoidh sé ar aon ábhar a bhaineann leis an gCaibidil seo, agus scrúdú a dhéanamh ar gach ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil lena cur chun feidhme; agus

(b) moltaí don Chomhairle Chomhpháirteach maidir le leasuithe ar na hIarscríbhinní de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1), go háirithe i bhfianaise an dul chun chinn a bheidh déanta faoi na comhairliúcháin agus na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo.

PUBLIC

3. Tiocfaidh an Fochoiste ar chomhaontú maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach. Bunóidh an Fochoiste cuspóirí agus clocha míle le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin. Déanfaidh an Fochoiste meastóireacht ar thorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

4. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste, de bhun Airteagal 40.3(3), meithleacha teicniúla a bhunú. nuair is iomchuí, ar a mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó gach Páirtí, a dhéanfaidh saincheisteanna teicniúla agus eolaíocha a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Caibidle seo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

5. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh maidir le rialacha sonracha agus nósanna imeachta sonracha le haghaidh an Fhochoiste sin i bhfianaise shainiúlacht ábhair SPS.

AIRTEAGAL 13.17

Comhar i bhfóraim iltaobhacha

1. Cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn i bhfóraim iltaobhacha atá ábhartha do chúrsaí SPS, go háirithe i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeáin a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS.

2. Is é an Fochoiste arna bhunú in Airteagal 13.16 an fóram ábhartha chun faisnéis a mhalartú agus chun comhoibriú a dhéanamh maidir leis na hábhair a chumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 13.18

Comhar maidir le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus eolaíocht cosanta plandaí

1. Féachfaidh na Páirtithe le comhar eolaíochta a éascú idir comhlachtaí de chuid na bPáirtithe atá freagrach as meastóireacht a dhéanamh i réimsí na sábháilteachta bia, na sláinte ainmhithe agus na cosanta plandaí.

2. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste, de bhun Airteagal 40.3(3), meitheal theicniúil um chomhar eolaíoch dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a bhunú ('a mheitheal'), ina mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó na comhlachtaí eolaíoch dá dtagraítear i mír 1, arna gceapadh ag gach Páirtí.

PUBLIC

3. An Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste a bhunóidh an mheitheal, déanfaidh siad sainordú, raon feidhme agus clár oibre na meithle sin a shainiú.

4. Féadfaidh an mheitheal faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) Faisnéis eolaíoch agus theicniúil; agus

(b) bailiú sonraí.

5. Leis an obair a dhéanfaidh an mheitheal, ní dhéanfar difear do neamhspleáchas ghníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha gach Páirtí.

6. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar difear do na hionadaithe a cheapfar de bhun mhír 2 le coinbhleachtaí leasa faoi dhlí gach Páirtí.

PUBLIC

AIRTEAGAL 13.19

Cur i bhfeidhm críochach i gcás an Pháirtí AE

1. De mhaolú ar Airteagal 41.2, i gcás an Pháirtí AE tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le críocha na mBallstát mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/625[1], agus a mhéid a bhaineann le plandaí, táirgí plandaí agus earraí eile, mar a leagtar síos in Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031[2].

PUBLIC

---

1 Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO AE L 95, 7.4.2017, lch. 1).

2 Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

2. Tuigeann na Páirtithe, a mhéid a bhaineann le críoch an Aontais Eorpaigh, go gcuirfear a sainiúlacht san áireamh agus go n-aithneofar an tAontas Eorpach mar eintiteas aonair.

PUBLIC

## CAIBIDIL 14

## COMHAR MAIDIR LE CÓRAIS BIA INBHUANAITHE

### AIRTEAGAL 14.1

### Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo dlúthchomhar a bhunú chun páirt ghlacadh san aistriú i dtreo inbhuanaitheacht a gcóras bia féin. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí is atá beartais a neartú agus cláir a shainiú a chuireann le córais bhia inbhuanaithe, chuimsitheacha, shláintiúla agus athléimneacha a fhorbairt agus a thábhachtaí is atá ról na trádála chun an cuspóir sin a bhaint amach.

### AIRTEAGAL 14.2

### Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an gcomhar idir na Páirtithe chun inbhuanaitheacht a gcuid córas bia féin a fheabhsú.

2. Leagtar amach sa Chaibidil seo forálacha le haghaidh comhair maidir le gnéithe sonracha de chórais bhia inbhuanaithe, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) inbhuanaitheacht an bhiashlabhra agus caillteanas agus cur amú bia a laghdú;

(b) an comhrac i gcoinne na calaoise sa bhiashlabhra;

(c) leas ainmhithe;

(d) an comhrac i gcoinne fhrithsheasmhacht na bhfrithmhiocróbach; agus

(e) laghdú a chur ar úsáid leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha a bhfuil sé léirithe i measúnú riosca go bhfuil siad ina gcúis le rioscaí do-ghlactha don shláinte nó don chomhshaol.

3. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhar na bPáirtithe i bhfóraim iltaobhacha.

4. Tá feidhm ag an gCaibidil gan dochar do chur i bhfeidhm Caibidlí eile a bhaineann le córais bhia nó le hinbhuanaitheacht, go háirithe Caibidlí 13, 16 agus 33.

PUBLIC

AIRTEAGAL 14.3

Sainmhínithe

PUBLIC

1. Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'biashlabhra' na céimeanna uile ón táirgeadh príomhúil go dtí díol leis an tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear táirgeadh, próiseáil, monaraíocht, iompar, allmhairiú, stóráil, dáileadh agus díol leis an tomhaltóir deiridh;

(b) ciallaíonn 'táirgeadh príomhúil' táirgeadh, tógáil nó fás táirgí príomhúla, lena n-airítear saothrú, buaint, bleán, agus táirgeadh ainmhithe feirme roimh mharú, chomh maith le fiach agus iascaireacht agus saothrú agus buaint táirgí fiáine; agus

(c) ciallaíonn 'córas bia inbhuanaithe' córas bia lena soláthraítear bia slándáil, cothaitheach agus leordhóthanach do chách gan na boinn eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil is gá chun slándáil bia agus cothú a ghiniúint do na glúnta atá le teacht a chur i mbaol; baineann na nithe seo a leanas le córas bia inbhuanaithe den chineál sin:

(i) tá sé brabúsach (inbhuanaitheacht eacnamaíoch);

(ii) tá tairbhí leathana don tsochaí aige (inbhuanaitheacht shóisialta); agus

(iii) tá tionchar dearfach nó neodrach ar an gcomhshaol nádúrtha, lena n-áirítear ar an athrú aeráide (inbhuanaitheacht chomhshaoil).

AIRTEAGAL 14.4

Inbhuanaitheacht an bhiashlabhra agus caillteanas agus cur amú bia a laghdú

1. Aithníonn na Páirtithe an t-idirnasc idir na córais bhia atá ann faoi láthair agus an t-athrú aeráide. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun tionchair dhíobhálacha chóras bia ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a laghdú agus chun a n-athléimneacht a neartú.

2. Aithníonn na Páirtithe go mbíonn tionchar diúltach ag caillteanas agus cur amú bia ar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil na gcóras bia.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar sna réimsí a fhéadfaidh na hábhair seo a leanas a áireamh:

(a) táirgeadh inbhuanaithe bia, lena n-áirítear talmhaíocht, leas ainmhithe a fheabhsú, feirmeoireacht orgánach a chur chun cinn agus úsáid ábhar frithmhiocróbach, leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú ar ina a leith a léirítear le measúnú riosca go mbaineann riosca do-ghlactha leo don tsláinte nó don chomhshaol;

(b) inbhuanaitheacht an bhiashlabhra, lena n-áirítear táirgeadh bia, modhanna próiseála agus cleachtais phróiseála;

(c) aistí bia sláintiúla agus inbhuanaithe, lena laghdaítear lorg carbóin an tomhaltais;

(d) astaíochtaí gás ceaptha teasa córas bia a laghdú, linnte carbóin a mhéadú, agus cailliúint na bithéagsúlachta a aisiompú;

PUBLIC

(e) nuálaíocht agus teicneolaíochtaí lena rannchuidítear le hoiriúnú agus athléimneacht i gcoinne thionchair an athraithe aeráide;

(f) pleananna teagmhais a fhorbairt chun slándáil an tsoláthair bia a áirithiú in aimsir géarchéime; agus

(g) caillteanas agus cur amú bia a laghdú, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3, a shainítear i gClár Oibre 2030.

4. Féadfaidh malartú faisnéise, saineolas agus eispéireas a áireamh i gcomhar de bhun an Airteagal, chomh maith le comhar sa taighde agus nuálaíocht.

AIRTEAGAL 14.5

An comhrac i gcoinne na calaoise sa bhiashlabhra

1. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar, le calaois, difear a dhéanamh do shábháilteacht an bhiashlabhra, inbhuanaitheacht na gcóras bia a chur i mbaol agus an bonn a bhaint de chleachtas cothrom tráchtála, de mhuinín tomhaltóirí agus d’athléimneacht na margaí bia.

PUBLIC

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun calaois sa bhiashlabhra a bhrath agus a sheachaint tríd na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis agus taithí a mhalartú chun feabhas a chur ar bhrath agus ar chomhrac na calaoise sa bhiashlabhra; agus

(b) an cúnamh is gá a chur ar fáil chun fianaise a bhailiú maidir le cleachtais nach gcomhlíonann a rialacha, nó a bhfuil an chosúlacht orthu nach gcomhlíonann siad a rialacha, nó a bhfuil baol ag baint leo do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí nó don chomhshaol nó a chuireann custaiméirí amú.

AIRTEAGAL 14.6

Leas ainmhithe

1. Aithníonn na Páirtithe gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe agus go mbaineann freagracht as folláine na n-ainmnithe lena n-úsáid i gcórais táirgthe bia. Urramóidh na Páirtithe dálaí trádála d'ainmhithe feirmshaothraithe agus do tháirgí ainmhithe a bhfuil sé d'aidhm acu leas na n-ainmhithe a chosaint.

2. Tá sé d'aidhm ag na Páirtithe teacht ar chomhthuiscint maidir le caighdeáin idirnáisiúnta um leas ainmhithe na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (dá ngairtear 'WOAH' anseo feasta).

PUBLIC

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le forbairt agus cur chur chun feidhme caighdeán um leas na n-ainmhithe ar an bhfeirm, le linn iompair, agus i marú ainmnithe, i gcomhréir lena ndlí.

4. Déanfaidh na Páirtithe a gcomhar taighde i réimse leas na n-ainmhithe a neartú chun caighdeáin um leas na n-ainmhithe atá bunaithe ar an eolaíocht a fhorbairt.

5. Féadfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 aghaidh a thabhairt ar ábhair eile i réimse leas na n-ainmhithe.

6. Déanfaidh na Páirtithe faisnéis, saineolas agus taithí i réimse leas na n-ainmhithe a mhalartú.

7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i WOAH agus féadfaidh siad a bheith ag oibriú i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta eile, agus é d'aidhm aige sin caighdeáin leasa ainmhithe agus dea- chleachtas leasa ainmhithe a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme.

8. De bhun Airteagal 40.3(3), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste meitheal theicniúil a chur ar bun chun tacú leis an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 ó thaobh chur chun feidhme an Airteagail seo de.

AIRTEAGAL 14.7

An comhrac i gcoinne fhrithsheasmhacht na bhfrithmhiocróbach

PUBLIC

1. Aithníonn na Páirtithe gur bagairt thromchúiseach do shláinte an duine agus do shláinte na n-ainmhithe í an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach agus le húsáid ábhar frithmhiocróbach in ainmhithe, go háirithe iad a mhí-úsáid agus a ró-úsáid, go gcuirtear le forbairt fhoriomlán na frithsheasmhachta fhrithmhiocróbaí agus go bhfuil baol mór ann don tsláinte phoiblí. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gá le cur chuige trasnáisiúnta de bharr chineál na bagartha.

2. Cuirfidh gach Páirtí deireadh de réir a chéile le húsáid táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha mar spreagthóirí fáis.

3. Déanfaidh gach Páirtí na nithe seo a leanas, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin:

(a) aird a thabhairt ar treoirlínte, caighdeáin, moltaí agus gníomhaíochtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tionscnaimh agus pleananna náisiúnta ábhartha á bhforbairt arb é is aidhm dóibh úsáid stuama agus fhreagrach ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn i dtáirgeadh ainmhithe agus i gcleachtais tréidliachta;

(b) sna cásanna ina gcinnfidh na Páirtithe go comhpháirteach, úsáid fhreagrach stuama ábhar frithmhiocróbach a chur chun cinn, lena n-airítear úsáid ábhar frithmhiocróbach i dtáirgeadh ainmhithe a laghdú agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid ábhar frithmhiocróbach mar spreagthóirí fáis i dtáirgeadh ainmhithe; agus

(c) tacú le pleananna gníomhaíochta idirnáisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis an gcomhrac i gcoinne na frithsheasmhachta fhrithmhiocróbaí, má mheasann na Páirtithe gurb iomchuí sin.

4. De bhun Airteagal 40.3(3), féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach nó an Comhchoiste meitheal theicniúil a chur ar bun chun tacú leis an bhFochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8 ó thaobh chur chun feidhme an Airteagail seo de.

PUBLIC

AIRTEAGAL 14.8

An Coiste ar Chórais Bhia Inbhuanaithe

1. An Fochoiste um Chórais Bhia Inbhuanaithe ('an Fochoiste'), arna bhunú de bhun Airteagal 8.8(1), beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó na Páirtithe atá freagrach as chórais bhia inbhuanaithe;.

2. Déanfaidh an Fochoiste faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus déanfaidh sé scrúdú ar gach ábhar a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil lena cur chun feidhme.

3. Tiocfaidh an Fochoiste ar chomhaontú maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach. Bunóidh an Fochoiste cuspóirí agus clocha míle le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin agus déanfaidh sé faireachán ar dhul chun cinn na bPáirtithe maidir le córais bhia inbhuanaithe a bhunú. Déanfaidh an Fochoiste meastóireacht ar thorthaí chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin i ngach tréimhse.

4. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach nó don Chomhchoiste, de bhun Airteagal 40.3(3), meithleacha teicniúla a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ar leibhéal na saineolaithe ó gach Páirtí chun saincheisteanna teicniúla agus eolaíocha a eascraíonn as cur i bhfeidhm na Caibidle seo a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

5. Molfaidh an Fochoiste don Chomhchoiste rialacha a bhunú chun coinbhleachtaí féideartha leasa a mhaolú le haghaidh rannpháirtithe chruinnithe an Fhochoiste agus rannpháirtithe aon mheithle teicniúla dá dtagraítear sa Chaibidil. Glacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena mbunaítear na rialacha sin.

AIRTEAGAL 14.9

Comhar i bhfóraim iltaobhacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar, de réir mar is iomchuí, i bhfóraim iltaobhacha chun an t-aistriú domhanda i dtreo córas inbhuanaithe bia a éascú, ar córais iad lena rannchuidítear leis na cuspóirí arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol, an dúlra agus cosaint na haeráide a bhaint amach.

2. Is é an Fochoiste an fóram chun faisnéis a mhalartú agus chun comhoibriú sna hábhair a chumhdaítear le mír 1 den Airteagal seo.

PUBLIC

## AIRTEAGAL 14.10

### Forálacha breise

PUBLIC

1. Ní dhéanfar difear do neamhspleáchas ghníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha na bPáirtithe le gníomhaíochtaí an Fhochoiste dá dtagraítear in Airteagal 14.8.

2. Ní dhéanfar difear do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe maidir le faisnéis rúnda a chosaint le haon ní sa Chaibidil seo, i gcomhréir le dlí gach Páirtí. Nuair a chuirfidh Páirtí faisnéis faoi bhráid an Pháirtí eile de bhun na Caibidle seo, ar faisnéis é a mheastar a bheith rúnda faoina dhlí, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí atá á chur isteach a mhalairt.

3. Agus ceart gach Páirtí chun rialála á urramú go hiomlán, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo go gcuirtear oibleagáid ar Pháirtí:

(a) a chuid ceanglas maidir le hallmhairiú a leasú;

(b) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(c) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bearta rialála, nó lena ndéanfaí bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(d) aon toradh rialála ar leith a ghlacadh.

CAIBIDIL 15

FUINNEAMH AGUS AMHÁBHAIR

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.1

Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo idirphlé agus comhar a chur chun cinn sna hearnálacha fuinnimh agus amhábhar chun leas frithpháirteach na bPáirtithe, trádáil agus infheistíocht inbhuanaithe agus chóir a chothú lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta sna hearnálacha sin, agus iomaíochas na slabhraí luacha gaolmhara a neartú, lena n-áirítear breisluach, i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 15.2

Prionsabail

1. Coimeádann gach Páirtí an ceart ceannasach chun a chinneadh an bhfuil limistéir laistigh dá chríoch, agus sa chrios eacnamaíoch eisiach, ar fáil chun taiscéalaíocht a dhéanamh agus chun earraí agus amhábhair fuinnimh a tháirgeadh agus a iompar.

2. I gcomhréir leis an gCaibidil seo, athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart chun rialála laistigh dá gcríocha féin chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 15-A agus 15-B:

(a) ciallaíonn 'údarú' an cead, an ceadúnas, an lamháltas nó an ionstraim riaracháin nó chonarthach chomhchosúil lena dtugann údarás inniúil Páirtí cead d'eintiteas gníomhaíocht eacnamaíoch áirithe a fheidhmiú ina chríoch i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san údarú;

(b) ciallaíonn 'cothromú' gach gníomhaíocht agus próiseas, i ngach amlíne, faoina n-áirithíonn oibreoirí córais tarchurtha, ar bhealach leanúnach, go gcoinnítear minicíocht an chórais laistigh de raon cobhsaíochta réamhshainithe agus go gcomhlíontar méid na gcúlchistí atá de dhíth i ndáil leis an gcáilíocht is gá;

(c) ciallaíonn 'earraí fuinnimh' na hearraí as a ngintear fuinneamh agus a liostaítear leis an gcód CC comhfhreagrach in Iarscríbhinn 15-A;

(d) ciallaíonn 'hidreacarbóin' na hearraí a liostaítear leis an gcód CC comhfhreagrach in Iarscríbhinn 15-A;

(e) ciallaíonn 'amhábhair' substaintí a úsáidtear i monarú táirgí tionsclaíocha; lena n-áirítear mianta, tiúcháin, slaigeanna, luaithreach agus ceimiceáin; ábhair neamhshaoirsithe, phróiseáilte agus scagtha; dramhaíl mhiotail; dramh agus dramh lena athleá; a chumhdaítear caibidlí CC a áirítear in Iarscríbhinn 15-A;

(f) ciallaíonn 'fuinneamh in-athnuaite' fuinneamh a tháirgtear ó fhoinsí gréine, gaoithe, uisce, ó fhoinsí geoiteirmeacha, bitheolaíocha nó aigéin nó ó fhoinsí in-athnuaite comhthimpeallacha eile;

(g) ciallaíonn 'breoslaí in-athnuaite' bithbhreoslaí, bithleachtanna, breosla bithmhaise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, lena n-áirítear breoslaí sintéiseacha in-athnuaite agus hidrigin in-athnuaite;

(h) ciallaíonn 'caighdeáin' caighdeáin mar a mhínítear i gCaibidil 16;

(i) ciallaíonn 'oibreoir córais':

(i) thar ceann an Pháirtí AE: duine atá freagrach as an gcóras dháilte nó tarchurtha leictreachais a oibriú, agus cothabháil agus forbairt an chórais i limistéar ar leith a áirithiú agus as cumas fadtéarmach na gcóras sin a áirithiú; agus

PUBLIC

(ii) thar ceann na Sile: comhlacht neamhspleách atá freagrach as oibriú córas leictreachais idirnasctha a chomhordú, lena n-áirithítear feidhmiú éifeachtúil eacnamaíoch agus sábháilteacht agus iontaofacht an chórais leictrigh, agus lena soláthraítear rochtain oscailte ar an gcóras tarchurtha; agus

(j) ciallaíonn 'rialacháin theicniúla' rialacháin theicniúla mar a shainmhínítear i gCaibidil 16.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.4

Monaplachtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin

Ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin ná onnmhairiúcháin a ainmniú ná a choinneáil ar bun. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin ceart eisiach údaráis nó deonú eiseach údaráis a thabharfadh Páirtí d'eintiteas chun earraí fuinnimh nó amhábhair a allmhairiú ón bPáirtí eile nó chun earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairiú chuige[1].

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar do Chaibidlí 17, 18 agus 29 agus dá sceidil féin, agus ní áirítear leis ceart a eascraíonn as ceart maoine intleachtúla a dheonú.

AIRTEAGAL 15.5

Praghsáil onnmhairiúcháin[1]

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí praghas ar earraí fuinnimh nó amhábhair a onnmhairítear chuig an bPáirtí eile atá níos airde ná an praghas a ghearrtar ar na hearraí sin nuair a bhíonn siad le cur ar an margadh intíre, trí bhíthin aon bhearta amhail ceadúnais nó ceanglais maidir le praghas íosta.

2. D'ainneoin mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an tSile bearta a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun d'fhonn breisluach a chothú, trí amhábhair a sholáthar d'earnálacha tionsclaíocha ar phraghsanna fabhracha ionas gur féidir leo teacht chun cinn laistigh den tSile, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 15-B leis na bearta sin.

AIRTEAGAL 15.6

Praghais rialáilte intíre

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá margaí fuinnimh iomaíocha chun rogha leathan a chur ar fáil maidir le hearraí fuinnimh a sholáthar agus chun leas tomhaltóirí a fheabhsú. Aithníonn na Páirtithe freisin go mbíonn difríocht idir riachtanais agus cineálacha cur chuige rialála idir margaí.

2. I dtaca le mír 1, áiritheoidh gach Páirtí go mbunófar soláthar earraí fuinnimh ar phrionsabail an mhargaidh, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an tAirteagal seo gan dochar d'Iarscríbhinn 29.



PUBLIC

3. Ní fhéadfaidh Páirtí an praghas a ghearrtar ar sholáthar earraí fuinnimh a rialáil ach amháin trí oibleagáid seirbhíse poiblí a fhorchur.

4. Má fhorchuireann Páirtí oibleagáid seirbhíse poiblí, áiritheoidh sé go ndéantar an oibleagáid sin a shainiú go soiléir, go bhfuil sí trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, agus nach dtéitear thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hoibleagáide seirbhíse poiblí a bhaint amach.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.7

Údarú le haghaidh taiscéalaíocht nó táirgeadh earraí fuinnimh agus amhábhar

1. Gan dochar do Chaibidil 20, má tá údarú de dhíth ar Pháirtí chun earraí fuinnimh agus amhábhair a fhiosrú nó a tháirgeadh, áiritheoidh an Páirtí sin go ndeonófar an t-údarú sin tar éis nós imeachta poiblí agus neamh-idirdhealaitheach[1].

2. Sonrófar sa nós imeachta poiblí sin, *inter alia*, cineál an údaraithe, an réimse ábhartha nó an chuid de is ábhartha agus an dáta nó an teorainn ama a mholtar chun an t- údarú a dheonú, ar bhealach lena gcumasaítear iarratasóirí arb ionchasach gur spéis leo é iarratais a chur isteach.

3. Féadfaidh Páirtí maolú ar mhír 2 den Airteagal seo agus ar Airteagal 20.3 in aon cheann de na cásanna seo a leanas a bhaineann le hidreacarbóin:

(a) bhí an limistéar faoi réir nós imeachta roimhe sin nár deonaíodh údarú dá thoradh;

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás ina mbeidh aon neamhréireacht idir an tAirteagal seo agus Caibidlí 17 agus 18 agus Iarscríbhinní 17-A, 17-B agus 17-C, beidh forlámhas ag na Caibidlí agus na hIarscríbhinní sin a mhéid atá siad ar neamhréir le chéile.

(b) go bhfuil an limistéar ar fáil ar bhonn buan le haghaidh taiscéalaíochta nó táirgeadh earraí fuinnimh agus amhábhar; nó

(c) tarraingíodh siar údarú a deonaíodh roimh a dháta éaga.

4. Féadfaidh gach Páirtí a cheangal ar eintiteas ar deonaíodh údarú dó ranníocaíocht airgeadais nó ranníocaíocht chomhchineáil a íoc. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais nó an ranníocaíocht chomhchineáil ar bhealach nach gcuirfear isteach leis ar bhainistíocht agus ar phróiseas cinnteoireachta an eintitis sin.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar na cúiseanna leis an diúltú dá iarratas don iarratasóir chun go gcuirfear ar chumas an iarratasóra sin dul ar iontaoibh nósanna imeachta le haghaidh achomharc nó athbhreithniú i gcás inar gá. Cuirfear na nósanna imeachta maidir le hachomharc nó athbhreithniú ar fáil go poiblí roimh ré.

AIRTEAGAL 15.8

Measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol

1. Áiritheoidh Páirtí go ndéanfar measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol[1] sula ndeonófar údarú le haghaidh tionscadal nó gníomhaíocht a bhaineann le fuinneamh nó amhábhair a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar an daonra, ar shláinte an duine, ar an mbithéagsúlacht, ar thalamh, ar ithir, ar aer nó ar aeráid, nó ar an oidhreacht chultúrtha nó ar an tírdhreach cultúrtha. Leis an measúnú sin, sainaithneofar na tionchair sin agus déanfar measúnú orthu.

[1] I gcás na Sile, ciallaíonn 'measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol' an staidéar ar an tionchar ar an gcomhshaol, mar a shainmhínítear i nDlí 19.300 Teideal 1, Airteagal 2, litir (i), nó a chomharba, agus mar a rialaítear le hAirteagal 11 den Dlí céanna.



PUBLIC

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fáil don phobal mar chuid den phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol, agus tabharfaidh siad am agus deiseanna don phobal chun bheith rannpháirteach sa phróiseas sin agus chun tuairimí a thabhairt.

3. Déanfaidh gach Páirtí torthaí an mheasúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a fhoilsiú agus a chur san áireamh sula ndeonófar an t-údarú don tionscadal nó don ghníomhaíocht.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.9

Rochtain ag tríú páirtí ar bhonneagar iompair fuinnimh

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndeonóidh oibreoirí córas atá ina chríoch rochtain neamh- idirdhealaitheach d'eintiteas ar bith de Pháirtí ar an mbonneagar fuinnimh le haghaidh leictreachas a iompar. A mhéid agus is féidir, deonófar rochtain ar an mbonneagar leictreachais laistigh de thréimhse ama réasúnta ó dháta na hiarrata ar rochtain ag an eintiteas sin.

2. Cuirfidh gach Páirtí ar chumas eintitis de chuid Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, rochtain a fháil ar bhonneagar iompair fuinnimh le haghaidh leictreachas a iompar ar théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheach, agus an bonneagar sin a úsáid, lena n-áirítear neamh-idirdhealú idir cineálacha foinsí leictreachais, agus go mbeidh na taraifí léiritheach ó thaobh costais de. Foilseoidh gach Páirtí na téarmaí, na coinníollacha agus na taraifí maidir le rochtain a fháil ar bhonneagar iompair leictreachais agus maidir lena úsáid.

3. D'ainneoin mhír 1, féadfaidh Páirtí maoluithe sonracha ar an gceart chun rochtain tríú páirtí a fháil a thabhairt isteach ina dhlíthe agus a rialacháin, bunaithe ar chritéir oibiachtúla, nó maoluithe den sórt sin a choinneáil ar bun, ar choinníoll go bhfuil gá leo chun cuspóir beartais dlisteanach a chomhlíonadh. Foilseofar na maoluithe sin sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm.

4. Aithníonn na Páirtithe ábharthacht na rialacha a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3 maidir le bonneagar gáis freisin. Páirtí nach gcuireann na rialacha sin i bhfeidhm maidir le bonneagar gáis, féachfaidh sé leis an méid sin a dhéanamh, go háirithe, maidir le breoslaí in-athnuaite a iompar, agus difríochtaí maidir le haibíocht agus eagrú an mhargaidh á n-aithint ag an am céanna.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.10

Rochtain ar bhonneagar ag soláthróirí leictreachais a ghintear ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh

1. Gan dochar d'Airteagail 15.7, 15.9 agus 15.11, áiritheoidh gach Páirtí go dtabharfar rochtain do sholáthróirí fuinnimh inathnuaite an Pháirtí eile ar an ngréasán leictreachais le haghaidh saoráidí giniúna leictreachais in-athnuaite atá lonnaithe laistigh dá chríoch, agus an gréasán sin a úsáid, ar théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.

2. Chun críocha mhír 1, áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, go ndéanfaidh a ghnóthais tarchurtha agus a oibreoirí córais na nithe seo a leanas maidir le soláthróirí leictreachais inathnuaite an Pháirtí eile:

(a) nasc a éascú idir saoráidí nua giniúna leictreachais in-athnuaite agus an gréasán leictreachais gan téarmaí agus coinníollacha idirdhealaitheacha a fhorchur;

(b) úsáid iontaofa an ghréasáin leictreachais a chumasú;

(c) seirbhísí cothromúcháin a sholáthar; agus

(d) a áirithiú go bhfuil bearta oibríochtúla iomchuí i dtaca leis an eangach agus a bhaineann leis an margadh i bhfeidhm chun ciorrú an leictreachais a tháirgtear ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh a íoslaghdú.

3. Tá mír 2 gan dochar do cheart dlisteanach gach Páirtí rialáil a dhéanamh laistigh dá chríoch chun cuspóirí dlisteanacha beartais a bhaint amach, amhail an gá atá le hoibriú agus cobhsaíocht an chórais leictreachais a choinneáil ar bun, ar bhonn critéir oibiachtúla neamh-idirdhealaitheacha.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.11

Comhlacht neamhspleách

PUBLIC

1. Déanfaidh gach Páirtí comhlacht atá neamhspleách ó thaobh feidhme de a choinneáil ar bun nó a bhunú a dhéanfaidh na nithe seo a leanas:

(a) na téarmaí, na coinníollacha agus na taraifí le haghaidh rochtain a fháil ar an ngréasán leictreachais agus le haghaidh a úsáide a shocrú nó a fhormheasadh; agus

(b) conspóidí a bhaineann le téarmaí, coinníollacha agus taraifí iomchuí le haghaidh rochtain a fháil ar an ngréasán leictreachais agus le haghaidh a úsáide a réiteach laistigh de thréimhse ama réasúnta.

2. Agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus a gcumhachtaí a leagtar amach i mír 1 á bhfeidhmiú acu, gníomhóidh an comhlacht nó na comhlachtaí ar bhealach trédhearcach agus neamhchlaonta maidir le húsáideoirí, úinéirí agus oibreoirí córais an ghréasáin leictreachais.

AIRTEAGAL 15.12

Comhar maidir le caighdeáin

1. D’fhonn bacainní teicniúla neamhriachtanacha ar thrádáil in earraí fuinnimh agus amhábhar a chosc, a aithint agus a dhíothú, beidh feidhm ag Caibidil 16 maidir leis na hearraí agus na hábhair sin.

2. I gcomhréir le hAirteagail 16.4 agus 16.6, déanfaidh na Páirtithe comhar a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, idir a gcomhlachtaí rialála agus caighdeánaithe ábhartha i réimsí amhail an éifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh inbhuanaithe agus amhábhair inbhuanaithe, d'fhonn rannchuidiú le trádáil, infheistíocht agus forbairt inbhuanaithe, *inter alia*, tríd na nithe seo a leanas:

(a) cóineasú nó comhchuibhiú a gcaighdeán reatha faoi seach, más féidir, bunaithe ar an leas coiteann agus an chómhalartacht, agus de réir na módúlachtaí a bheidh le comhaontú ag na rialálaithe agus na comhlachtaí um chaighdeánú lena mbaineann;

(b) anailísí, modheolaíochtaí agus cineálacha cur chuige comhpháirteacha, chun cabhrú le forbairt tástálacha agus caighdeán tomhais ábhartha agus chun an fhorbairt sin a éascú, i gcomhar lena n-eagraíochtaí ábhartha um chaighdeánú féin;

(c) forbairt caighdeán comhchoiteann maidir leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in- athnuaite, más féidir; agus

(d) caighdeáin a chur chun cinn maidir le trealamh le haghaidh giniúint fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear dearadh táirgí agus lipéadú, más iomchuí, trí thionscnaimh chomhair idirnáisiúnta atá ann cheana.

3. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, tá sé d'aidhm ag na Páirtithe forbairt agus úsáid caighdeán oscailte agus idir-inoibritheachta gréasán, córas, feistí, feidhmchlár nó comhpháirteanna in earnáil an fhuinnimh agus na n-amhábhar a spreagadh.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.13

Taighde, forbairt agus nuálaíocht

Sainaithníonn na Páirtithe gur príomhghnéithe iad an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht chun éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus iomaíochas sna hearnálacha fuinnimh agus amhábhar a fhorbairt a thuilleadh. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar lena chéile, de réir mar is iomchuí, *inter alia*, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) taighde, forbairt, nuálaíocht agus scaipeadh teicneolaíochtaí, próiseas agus cleachtas atá fóinteach ó thaobh an chomhshaoil de agus éifeachtúil ó thaobh na gcostas de a chur chun i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar;

(b) breisiú luacha ar chomhleas na bPáirtithe a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an acmhainneacht tháirgiúil i dtaca le fuinneamh agus amhábhair; agus

(c) fothú acmhainneachta a neartú i gcomhthéacs tionscnamh taighde, forbartha agus nuálaíochta.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.14

Comhar maidir le hearraí fuinnimh agus amhábhair

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhair, de réir mar is iomchuí, i réimse na n-earraí fuinnimh agus na n-amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, *inter alia*:

(a) beart a laghdú nó deireadh a chur leo a d'fhéadfadh trádáil agus infheistíocht a shaobhadh iontu féin nó in éineacht le bearta eile, lena n-áirítear bearta de chineál teicniúil, rialaitheach agus eacnamaíoch lena ndéantar difear d'earnáil an fhuinnimh nó d'earnáil na n-amhábhar;

(b) plé a dhéanamh, aon uair is féidir, ar an seasamh dá gcuid i bhfóraim idirnáisiúnta ina bpléitear saincheisteanna ábhartha trádála agus infheistíochta, agus cláir idirnáisiúnta a chothú i réimsí na héifeachtúlachta fuinnimh, an fhuinnimh in-athnuaite agus na n-amhábhar; agus

(c) iompar gnó freagrach a chur chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta a d'fhormhuinigh na Páirtithe nó a dtacaíonn na Páirtithe leo, amhail Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta agus, go háirithe, Caibidil IX díobh maidir leis an Eolaíocht agus an Teicneolaíocht.

PUBLIC

Comhar téamach maidir le fuinneamh

2. Aithníonn na Páirtithe gur gá dlús a chur le cur in úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus an nuálaíocht a chur chun cinn, chun rochtain ar fhuinneamh sábháilte, inbhuanaithe agus inacmhainne a áirithiú. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le haon cheist ábhartha a bhfuil leas frithpháirteach acu inti, amhail an méid seo a leanas:

(a) fuinneamh in-athnuaite, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí, comhtháthú sa chóras leictreachais agus rochtain air, stóráil agus solúbthacht, agus an slabhra soláthair iomlán na hidrigine in-athnuaite;

(b) éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear rialáil, dea-chleachtais, agus córais téimh agus fuaraithe atá éifeachtúil agus inbhuanaithe;

(c) leictrea-shoghluaisteacht agus bonneagar athluchtúcháin a chur in úsáid; agus

(d) margaí fuinnimh atá oscailte agus iomaíoch.

PUBLIC

Comhar téamach maidir le hamhábhair

3. Aithníonn na Páirtithe a dtiomantas comhroinnte maidir le foinsiú freagrach agus táirgeadh inbhuanaithe amhábhar agus a leas frithpháirteach chun comhtháthú slabhraí luacha amhábhar a éascú. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le haon cheist ábhartha a bhfuil leas frithpháirteach acu inti, amhail an méid seo a leanas:

(a) cleachtais mhianadóireachta fhreagracha agus inbhuanaitheacht slabhraí luacha amhábhar, lena n-áirítear rannchuidiú na slabhraí luacha amhábhar le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh;

(b) slabhra luacha amhábhar, lena n-áirítear breisiú luacha; agus

(c) réimsí leasa fhrithpháirtigh a shainaithint le haghaidh comhair maidir le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta lena gcumhdaítear slabhra luacha iomlán na n-amhábhar, lena n-áirítear teicneolaíochtaí ceannródaíocha, mianadóireacht chliste agus mianaigh dhigiteacha.

4. Agus gníomhaíochtaí comhair á bhforbairt ag na Páirtithe, cuirfidh siad na hacmhainní atá ar fáil san áireamh. Féadtar gníomhaíochtaí a dhéanamh pearsanta nó ar aon mhodh teicneolaíochta atá ar fáil do na Páirtithe.

5. Is féidir gníomhaíochtaí comhair a fhorbairt agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht eagraíochtaí Idirnáisiúnta, fóraim dhomhanda agus institiúidí taighde, mar a chomhaontáitear idir na Páirtithe.

PUBLIC

6. Déanfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí agus an tAirteagal seo á chur chun feidhme, comhordú cuí maidir le cur chun feidhme Airteagail 4.5 agus 5.2 de Chuid II den Chomhaontú seo a chothú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.15

An t-aistriú fuinnimh agus breosla in-athnuaite

1. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, aithníonn na Páirtithe rannchuidiú tábhachtach breoslaí in-athnuaite, *inter alia*, hidrigin in-athnuaite, lena n-áirítear a ndíorthaigh, agus breoslaí sintéiseacha in-athnuaite, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

2. I gcomhréir le hAirteagal 15.12(2), oibreoidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, i gcomhar maidir le cóineasú nó comhchuibhiú scéimeanna deimhniúcháin, más féidir, le haghaidh breoslaí in-athnuaite, amhail i dtaca le hastaíochtaí saolré agus caighdeáin sábháilteachta.

3. A mhéid a bhaineann le breosla in-athnuaite, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn na nithe seo a leanas a bhaint amach:

(a) bearta a d'fhéadfadh trádáil dhéthaobhach a shaobhadh a shainaithint, a laghdú agus a dhíothú, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear bearta de chineál teicniúil, rialaitheach agus eacnamaíoch;

(b) tionscnaimh a chothú lena n-éascaítear trádáil dhéthaobhach, chun táirgeadh hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn; agus

(c) úsáid breoslaí in-athnuaite a chur chun cinn, agus a rannchuidiú le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú á chur san áireamh.

4. Spreagfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, forbairt agus cur chun feidhme caighdeán idirnáisiúnta agus comhair rialaithigh i leith breosla in-athnuaite agus oibreoidh siad i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha d'fhonn scéimeanna ábhartha deimhniúcháin a fhorbairt lena seachnófar teacht chun cinn bacainní gan údar ar thrádáil.

PUBLIC

AIRTEAGAL 15.16

Eisceacht i gcás córas leictreachais beag agus scoite

1. Chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme, aithníonn na Páirtithe go bhféadfar foráil a dhéanamh lena ndlíthe agus lena rialacháin maidir le córais speisialta le haghaidh córais leictreachais bheaga agus scoite.

2. De bhun mhír 1, féadfaidh Páirtí bearta a choinneáil ar bun, a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú maidir le córais leictreachais bheaga agus scoite a mhaolaíonn ar Airteagail 15.6, 15.7, 15.9, 15.10 agus 15.11, ar choinníoll nach ionann na bearta sin agus srianta faoi cheilt ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na Páirtithe.

AIRTEAGAL 15.17

An Fochoiste um Thrádáil in Earraí

1. An Fochoiste um Thrádáil in Earraí (‘an Fochoiste’), a bunaítear de bhun Airteagal 8.8(1), beidh sé freagrach as an Chaibidil seo agus Iarscríbhinní 15-A agus 15-B a chur chun feidhme. Beidh feidhm ag na feidhmeanna a leagtar amach i bhfomhíreanna (a), (c), (d) agus (e) d’Airteagal 9.18 maidir leis an gCaibidil seo, *mutatis mutandis*.

2. I gcomhréir le hAirteagail 15.12, 15.13, 15.14 agus 15.15, féadfaidh an Fochoiste a mholadh do na Páirtithe modhanna eile comhair a bhunú nó a éascú eatarthu i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar.

3. Má chomhaontaíonn na Páirtithe go frithpháirteach, tiocfaidh an Fochoiste le chéile i seisiúin atá tiomnaithe do chur chun feidhme na Caibidle seo. Agus seisiúin den chineál sin á n-ullmhú, féadfaidh gach Páirtí breithniú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar ábhair ionchuir ó pháirtithe leasmhara ábhartha nó ó shaineolaithe ábhartha.

4. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht iomchuí ionadaithe Páirtí a áirithiú, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina shonraí teagmhála agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile go pras faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin. I gcás na Sile, is ó Fho-Rúnaíocht Chaidreamh Eacnamaíoch Idirnáisiúnta na hAireachta Gnóthaí Eachtracha nó a comharba a bheidh an pointe teagmhála.



PUBLIC

CAIBIDIL 16

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 16.1

Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo trádáil earraí idir na Páirtithe a fheabhsú agus éascú trí bhacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a chosc, a shainaithint agus a dhíothú agus trí chomhar rialála níos fearr a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 16.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta uile a shainmhínítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT lena bhféadfar difear a dhéanamh don trádáil in earraí idir na Páirtithe a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

PUBLIC

2. D'ainneoin mhír 1, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí ceannaigh arna n-ullmhú ag comhlachtaí rialtais le haghaidh ceanglais táirgthe nó tomhaltais de chuid na gcomhlachtaí sin a chumhdaítear le Caibidil 28; nó

(b) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chumhdaítear le Caibidil 13.

AIRTEAGAL 16.3

Forálacha áirithe Chomhaontú BTT a ionchorprú

Déantar Airteagail 2 go 9 d'Iarscríbhinní 1 agus 3 a ghabhann le Comhaontú BTT a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid de *mutatis mutandis*.

PUBLIC

AIRTEAGAL 16.4

Caighdeáin idirnáisiúnta

1. Measfar gurb iad na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag na heagraíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn 16-A na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha de réir bhrí Airteagail 2 agus 5 agus Iarscríbhinn 3 den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil ar choinníoll gur chomhlíon na heagraíochtaí sin, agus iad á bhforbairt, na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chinneadh ó Choiste EDT um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil i ndáil le Prionsabail maidir le Caighdeáin, Treoracha agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt i ndáil le hAirteagail 2, 5 agus le hIarscríbhinn 3 den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil[1].

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach cinneadh a ghlacadh Iarscríbhinn 16-A a leasú, de bhun fhomhír (a) d'Airteagal 8.5(1).

AIRTEAGAL 16.5

Rialacháin theicniúla

1. Sainaithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé measúnú tionchair rialála a dhéanamh ar rialacháin theicniúla atá beartaithe, i gcomhréir le rialacha agus nósanna imeachta gach Páirtí féin.

[1] G/TBT/9, 13 Samhain 2000, Iarscríbhinn 4.

2. Déanfaidh gach Páirtí measúnú ar na roghanna malartacha rialála agus neamhrialála atá ar fáil in ionad an rialacháin theicniúil atá beartaithe a d'fhéadfadh cuspóirí dlisteanacha an Pháirtí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 2.2 den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil.

3. Úsáidfidh gach Páirtí caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha mar bhonn dá rialacháin theicniúla ach amháin i gcás inar féidir leis an bPáirtí atá ag forbairt an rialacháin theicniúil a léiriú go mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin ina meán neamhéifeachtach nó míchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú a bhaint amach.

4. I gcás nár bhain Páirtí leas as caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn do rialachán teicniúil, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, déanfaidh sé aon diall substaintiúil ón gcaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a shainaithint, míneoidh sé na cúiseanna ar measadh na caighdeáin sin a bheith neamhoiriúnach nó neamhéifeachtach don aidhm atá á saothrú, agus soláthróidh sé an fhianaise eolaíoch nó theicniúil ar a bhfuil an measúnú sin bunaithe.

5. I dtaca le hoibleagáid gach Páirtí de bhun Airteagal 2.3 de Chomhaontú BTT, déanfaidh gach Páirtí athbhreithniú, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin, ar a rialacháin theicniúla d'fhonn cóineasú na rialachán teicniúil sin le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a mhéadú. Cuirfidh gach Páirtí san áireamh, *inter alia*, aon fhorbairt nua sna caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus cibé atá nó nach bhfuil na himthosca ann i gcónaí as ar eascair aon dibhéirseacht ó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha.

AIRTEAGAL 16.6

Comhar rialála

1. Aithníonn na Páirtithe gurb ann do raon leathan sásraí um chomhar rialála arbh fhéidir leo a bheith cuiditheach ó thaobh cruthú bacainní teicniúla ar an trádáil a dhíothú nó a sheachaint.

2. Féadfaidh Páirtí gníomhaíochtaí comhair rialála is sonrach d’earnáil faoi leith, atá i réimsí a chumhdaítear sa Chaibidil seo, a mholadh don Pháirtí eile. Tarchuirfear na tograí sin don phointe teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 16.13, agus is éard a bheidh iontu:

(a) malartuithe faisnéise faoi chuir chuige agus cleachtais rialála; nó

(b) tionscnaimh chun rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a ailíniú níos mó leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha.

Freagróidh an Páirtí eile an togra laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Cuirfidh na pointí teagmhála dá dtagraítear in Airteagal 16.13 an Comhchoiste ar an eolas maidir leis na gníomhaíochtaí comhair a dhéantar de bhun an Airteagail seo.

4. Féachfaidh na Páirtithe le malartú agus comhoibriú a dhéanamh maidir le sásraí chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a éascú, chun bacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a dhíothú.

PUBLIC

5. Spreagfaidh na Páirtithe comhar idir na heagraíochtaí dá gcuid a bhfuil an fhreagracht as rialú teicniúil, caighdeánú, measúnú comhréireachta a dhéanamh, creidiúnú agus méadreolaíocht orthu, bídís eagraíochtaí rialtais nó neamhrialtais, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna éagsúla a chumhdaítear sa Chaibidil seo.

6. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní a chuireann ceangal ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhartha a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a bhaint amach.

7. Chun críocha an Airteagail seo agus na forálacha maidir le comhar faoi Iarscríbhinní 16-A go 16-E, gníomhóidh an Coimisiún Eorpach thar ceann an Pháirtí AE.

AIRTEAGAL 16.7

Comhar maidir le faireachas margaidh agus maidir le sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le comhar maidir le faireachas margaidh, le comhlíontacht agus sábháilteacht táirgí neamhbhia chun trádáil a éascú agus chun tomhaltóirí agus úsáideoirí eile a chosaint, agus an tábhacht a bhaineann le hiontaoibh fhrithpháirteach a fhorbairt bunaithe ar fhaisnéis chomhroinnte.

PUBLIC

2. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'táirgí tomhaltais' earraí a bheartaítear a úsáid nó ar dóigh go n-úsáidfidh tomhaltóirí iad, cé is moite de bhia, d'fheistí leighis agus de tháirgí íocshláinte; agus

(b) ciallaíonn 'faireachas margaidh' gníomhaíochtaí agus bearta a dhéanann údaráis phoiblí, lena n- áirítear gníomhaíochtaí agus bearta a dhéantar i gcomhar le hoibreoirí eacnamaíocha, ar bhonn nósanna imeachta de chuid Páirtí a chuirfidh ar chumas an Pháirtí sin faireachán a dhéanamh nó aghaidh a thabhairt ar chomhlíontacht táirgí leis na ceanglais a leagtar amach ina dhlíthe agus ina rialacháin nó ar a sábháilteacht.

3. Chun feidhmiú neamhspleách neamhchlaonta an fhaireachais margaidh a ráthú, áiritheoidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) deighilt feidhmeanna faireachais margaidh ó fheidhmeanna um measúnú comhréireachta; agus

(b) easpa aon leasa a dhéanfadh difear do neamhchlaontacht na n- údarás um fhaireachas margaidh agus rialú nó maoirseacht á déanamh ar oibreoirí eacnamaíocha.

4. Féadfaidh na Páirtithe oibriú i gcomhar agus faisnéis a mhalartú maidir le faireachas margaidh, sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) gníomhaíochtaí agus bearta faireachais margaidh agus forfheidhmiúcháin;

PUBLIC

(b) modhanna measúnúcháin riosca agus tástáil táirgí;

(c) aisghairmeacha comhordaithe táirg nó gníomhaíochtaí comhchosúla eile;

(d) ábhair eolaíocha, teicniúla agus rialála, arb é is aidhm dóibh sábháilteacht agus comhlíontacht táirgí neamhbhia a fheabhsú;

(e) saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhfuil ábharthacht shuntasach sláinte poiblí agus sábháilteachta ag baint leo;

(f) gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú; agus

(g) malartú oifigeach.

5. Féadfaidh an Páirtí AE faisnéis roghnaithe óna Chóras Mear- rabhaidh a sholáthar don tSile maidir le táirgí tomhaltais dá dtagraítear i dTreoir 2001/95/CE[1] nó leis an Treoir a tháinig ina dhiaidh, agus féadfaidh an tSile faisnéis roghnaithe a sholáthar don Pháirtí AE maidir le sábháilteacht táirgí tomhaltais agus maidir le bearta coisctheacha, sriantacha agus ceartaitheacha a glacadh maidir le táirgí tomhaltais. Féadfaidh an malartú faisnéise a bheith i bhfoirm:

(a) malartú neamhchórasach, i gcásanna sonracha cuí-réasúnaithe, seachas sonraí pearsanta; agus

[1] Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí (IO AE L 11, 15.1.2002, lch. 4).



PUBLIC

(b) malartú córasach bunaithe ar shocrú arna bhunú le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach a leagfar amach in Iarscríbhinn 16-D.

6. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach socrú a bhunú le cinneadh maidir le malartú rialta faisnéise lena n-áirítear trí mhodhanna leictreonacha, maidir le bearta a dhéanfar i ndáil le táirgí neamhbhia neamhchomhlíontacha, seachas na táirgí sin a chumhdaítear le mír 5 den Airteagal seo, a leagfar amach in Iarscríbhinn 16-E.

7. Is chun tomhaltóirí, sláinte, sábháilteacht nó an comhshaol a chosaint agus chun na críche sin amháin a úsáidfidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

8. Is mar fhaisnéis rúnda a láimhseálfaidh gach Páirtí an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhíreanna 4, 5 agus 6.

9. Sonrófar leis na socruithe a leagtar amach i bpointe (b) de mhír 5 agus i mír 6 an cineál faisnéise atá le malartú, na rialacha mionsonraithe maidir leis an malartú agus cur i bhfeidhm na rialacha maidir le rúndacht agus maidir le sonraí pearsanta a chosaint.

10. De bhun fhomhír (a) d’Airteagal 8.5(1), beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach cinntí a ghlacadh chun a socruithe a leagtar amach in Iarscríbhinní 16-D agus 16-E a chinneadh nó a leasú.

PUBLIC

AIRTEAGAL 16.8

Caighdeáin

1. D'fhonn caighdeáin a chomhchuibhiú ar an mbonn is leithne agus is féidir, spreagfaidh gach Páirtí na comhlachtaí um chaighdeánú arna mbunú laistigh dá chríoch agus na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú a bhfuil an Páirtí nó na comhlachtaí um chaighdeánú arna mbunú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh, laistigh de theorainneacha a n-acmhainní, in ullmhú caighdeán idirnáisiúnta ag comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú idirnáisiúnta;

(b) caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a úsáid mar bhonn do na caighdeáin a fhorbraíonn siad, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí, mar shampla, de dheasca leibhéal neamhleor cosanta nó tosca bunúsacha aeráide nó geografacha nó de dheasca fadhbanna bunúsacha teicneolaíocha;

(c) dúbláil nó forluí a sheachaint ar obair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(d) athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar chaighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil bunaithe ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, d'fhonn a gcóineasú le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a mhéadú;

(e) comhoibriú le comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú an Pháirtí eile i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú, lena n-áirítear trí chomhar sna comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú nó ar an leibhéal réigiúnach; agus

(f) comhar déthaobhach a chothú idir iad féin agus na comhlachtaí um chaighdeánú ón bPáirtí eile.

2. Ba cheart do na Páirtithe faisnéis a mhalartú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an úsáid a bhaineann siad faoi seach as caighdeáin chun tacú le rialacháin theicniúla; agus

(b) a bpróisis chaighdeánaithe faoi seach, agus an méid úsáide a bhaineann siad as caighdeáin idirnáisiúnta, réigiúnacha nó fhoréigiúnacha mar bhonn dá gcaighdeáin náisiúnta.

3. I gcás ina mbeidh caighdeáin éigeantach trína chorprú nó trí thagairt a dhéanamh dóibh i ndréacht-rialachán teicniúil nó i nós imeachta um measúnú comhréireachta, comhlíonfar na hoibleagáidí trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 16.10 den Chomhaontú seo agus in Airteagail 2 nó 5 den Chomhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil.

PUBLIC

AIRTEAGAL 16.9

Measúnú comhréireachta

1. Na forálacha a leagtar amach in Airteagal 16.5 a bhaineann le rialacháin theicniúla a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, beidh feidhm acu freisin maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, *mutatis mutandis*.

2. I gcás ina n- éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta mar dhearbhú dearfach go bhfuil táirge i gcomhréir le rialachán teicniúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú atá comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann;

(b) úsáid dearbhaithe comhréireachta soláthróra a mheas, faoi réir a dhlíthe agus a rialachán, mar bhealach féideartha chun comhlíonadh rialacháin theicniúil a léiriú; agus

(c) i gcás ina n-iarrfaidh an Páirtí eile air é, faisnéis a chur ar fáil maidir leis na critéir a úsáidtear chun na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú le haghaidh táirgí sonracha.

3. I gcás ina n- éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta tríú páirtí mar dhearbhú dearfach go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil, agus nach bhfuil an cúram sin tugtha aige d’údarás rialtais mar a shonraítear i mír 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) creidiúnú a úsáid mar rogha chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;

PUBLIC

(b) an úsáid is fearr is féidir a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh creidiúnú agus measúnú comhréireachta, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe na bPáirtithe, mar shampla trí shásraí an Chomhair Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne (dá ngairtear 'ILAC' anseo fosta) agus an Fhóraim Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin (dá ngairtear 'IAF' anseo fosta);

(c) beidh sé páirteach lena chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, nó, de réir mar is infheidhme, molfaidh sé dóibh a bheith páirteach in aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm chun glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta a chomhchuibhiú nó a éascú;

(d) áiritheoidh sé, má dhéanfar níos mó ná aon chomhlacht amháin um measúnú comhréireachta a ainmniú le haghaidh táirge ar leith nó foireann ar leith de tháirgí, go mbeidh rogha ag oibreoirí eacnamaíocha, idir eatarthu, an nós imeachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh;

(e) a áirithiú go bhfuil comhlachtaí um measúnú comhréireachta neamhspleách ar mhonaróirí, ar allmhaireoirí agus ar oibreoirí eacnamaíocha i gcoitinne agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa idir comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(f) a cheadú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta úsáid a bhaint as fochonraitheoirí chun tástáil nó cigireachtaí a dhéanamh i ndáil leis an measúnú comhréireachta, lena n- áirítear fochonraitheoirí atá suite i gcríoch an Pháirtí eile; ní fhorléireofar san fhomhír seo mar ní a chuireann toirmeasc ar Pháirtí a cheangal ar fhochonraitheoirí na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus a cheanglófaí ar an gcomhlacht um measúnú comhréireachta dá bhfuil sé faoi chonradh a chomhlíonadh chun na tástálacha ar conradh nó an chigireacht féin a dhéanamh; agus

(g) liosta de na comhlachtaí atá ainmnithe aige chun measúnú comhréireachta den sórt sin a dhéanamh agus an fhaisnéis ábhartha maidir le raon feidhme ainmniúcháin gach comhlachta den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomhanna gréasáin oifigiúla.

PUBLIC

4. Ní chuirfidh aon rud san Airteagal seo bac ar Pháirtí a cheangal go ndéanfaidh a údaráis rialtais shonraithe measúnú comhréireachta i ndáil le táirgí sonracha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Páirtí na nithe seo a leanas:

(a) teorainn a chur leis na táillí a bhaineann le measúnú comhréireachta do neaschostas na seirbhísí a tugadh agus, arna iarraidh sin d'iarratasóir ar mheasúnú comhréireachta, míneoidh sé an chaoi a bhfuil aon táille a fhorchuirfidh sé le haghaidh measúnú comhréireachta den sórt sin teoranta do neaschostas na seirbhísí a soláthraíodh; agus

(b) táillí na measúnuithe comhréireachta a chur ar fáil go poiblí nó iad a sholáthar arna iarraidh sin.

5. D'ainneoin mhíreanna 2, 3 agus 4, agus sna cásanna ina nglacfaidh an Páirtí AE dearbhú comhréireachta an tsoláthróra sna réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn 16-B, déanfaidh an tSile foráil, i gcomhréir lena dlíthe agus lena rialacháin, maidir le nós imeachta éifeachtúil agus trédhearcach chun deimhnithe agus tuarascálacha tástála a ghlacadh a d'eisigh comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí AE agus atá creidiúnaithe ag comhlacht creidiúnaithe atá ina chomhalta de na socruithe idirnáisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach do ILAC agus do IAF mar chinnteacht go comhlíonann táirge ceanglais rialacháin theicniúla na Sile.

6. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘dearbhú comhréireachta an tsoláthróra’ fianú céadpháirtí arna eisiúint ag an monaróir faoi fhreagracht an mhonaróra sin amháin bunaithe ar thorthaí cineál iomchuí gníomhaíochta um measúnú comhréireachta agus gan measúnú éigeantach tríú páirtí a áireamh, mar chinnteacht go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil ina leagtar amach na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta sin.

7. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, déanfaidh an Fochoiste dá dtagraítear in Airteagal 16.14 athbhreithniú ar liosta na réimsí i mír 1 d’Iarscríbhinn 16-B. Féadfaidh an Fochoiste a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach Iarscríbhinn 16-B a leasú, de bhun fhomhír (a) d’Airteagal 8.5(1).

PUBLIC

## AIRTEAGAL 16.10

### Trédhearcacht

1. I gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta faoi seach agus gan dochar do Chaibidil 36, i gcás ina mbeidh mór-rialacháin theicniúla á fhorbairt a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith aige ar thrádáil earraí, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta um thrédhearcacht ann a chuirfidh ar chumas daoine ó na Páirtithe a dtuairimí a chur in iúl trí phróiseas comhairliúchán poiblí, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha chun cinn maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint chomhshaoil nó slándáil náisiúnta nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn.

2. Ceadóidh gach Páirtí do dhaoine de chuid an Pháirtí eile páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 faoi théarmaí nach mbeidh níos neamhfhabhraí ná na téarmaí a thabharfar dá chuid daoine féin, agus cuirfidh sé torthaí an phróisis comhairliúcháin sin ar fáil go poiblí.

3. Tar éis dó rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe a tharchur chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT, féachfaidh gach Páirtí le tréimhse 60 lá ar a laghad a thabhairt don Pháirtí eile chun tuairimí i scríbhinn a thabhairt, ach amháin i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna práinneacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina mbeidh baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn. Measfaidh Páirtí aon iarraidh réasúnach ón bPáirtí eile ar shíneadh a chur leis an tréimhse barúla.

4. I gcás nach bhfuil an téacs ar tugadh fógra ina leith i gceann de theangacha oifigiúla EDT, cuirfidh gach Páirtí tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar fáil maidir le hinneachar an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe i bhformáid fógartha EDT.

5. Má fhaigheann Páirtí barúlacha i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) má iarrann an Páirtí eile air é, na barúlacha i scríbhinn a phlé le rannpháirtíocht a údaráis rialála inniúil, tráth inar féidir na barúlacha sin a chur san áireamh; agus

(b) freagra a thabhairt i scríbhinn ar na barúlacha tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta.

6. Féachfaidh gach Páirtí lena fhreagraí ar na barúlacha i scríbhinn dá dtagraítear i mír 3 a gheobhaidh sé ón bPáirtí eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin tráth nach déanaí ná an dáta a bhfoilseofar an rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta a glacadh.

7. Soláthróidh gach Páirtí, i gcás go n-iarrfaidh an Páirtí eile í, faisnéis maidir leis na cuspóirí, an bunús dlí agus an réasúnaíocht atá le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bhfuil sé beartaithe ag an bPáirtí é a ghlacadh.

8. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil rochtain ar na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha aige ar shuímh gréasáin oifigiúla nó trí irisí oifigiúla ar líne saor in aisce.

9. Trí aguisín a ghabhann leis an bhfógra bunaidh chuig Clárlann Lárnach Fógraí EDT, soláthróidh gach Páirtí faisnéis maidir le glacadh agus teacht i bhfeidhm rialachán teicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus an téacs críochnaitheach arna nglacadh.

10. Fágfaidh gach Páirt go mbeidh eatramh réasúnta idir foilsiú na rialachán teicniúil agus a dteacht i bhfeidhm, faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in Airteagal 2.12 de Chomhaontú BTT. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘eatramh réasúnach’, de ghnáth, tréimhse nach gairide ná 6 mhí, ach amháin nuair nach mbeadh sin éifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha atáthar á saothrú a chomhlíonadh.

11. Measfaidh Páirtí aon iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile, a gheofar roimh dheireadh na tréimhse barúla dá dtagraítear i mír 3, maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama idir foilsiú an rialacháin theicniúil agus a theacht i bhfeidhm, ach amháin i gcás ina mbeadh an mhoill neamhéifeachtach chun na cuspóirí dlisteanacha a saothraíodh a chomhlíonadh.



PUBLIC

AIRTEAGAL 16.11

Marcáil agus lipéadú

1. Dearbhaíonn na Páirtithe go gcomhlíontar prionsabail Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT lena gcuid rialachán teicniúil ina n- áirítear marcáil nó lipéadú nó ina dtugtar aghaidh orthu go heisiach.

2. Mura bhfuil gá leis chun cuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT a chomhlíonadh, déanfaidh Páirtí a éilíonn marcáil nó lipéadú éigeantach táirgí an méid seo a leanas:

(a) ní éileoidh sé ach faisnéis atá ábhartha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí an táirge nó faisnéis lena léirítear comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla éigeantacha;

(b) ní éileoidh sé aon fhormheas, clárú ná deimhniú roimhe ré maidir leis na marcálacha ná na lipéid ar tháirgí, ná aon eisíocaíocht táillí, mar réamhchoinníoll chun táirgí a chur ar a mhargadh lena gcomhlíontar a cheanglais theicniúla éigeantacha seachas sin;

(c) i gcás ina gceanglóidh sé ar oibreoirí eacnamaíocha uimhir aitheantais uathúil a úsáid, eiseoidh sé an uimhir sin d'oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchuí agus ar bhonn neamh- idirdhealaitheach;

PUBLIC

(d) ar choinníoll nach mbeidh sé míthreorach, contrártha nó mearbhlach i ndáil leis an bhfaisnéis a cheanglaíonn Páirtí is allmhaireoir na n- earraí, ceadófar an méid seo a leanas:

(i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir maidir leis na hearraí;

(ii) ainmníochtaí, picteagraim, siombailí nó grafaicí a nglactar leo go hidirnáisiúnta; agus

(iii) faisnéis bhreise i dteannta na faisnéise sin a éilítear i bPáirtí is allmhaireoir na n- earraí;

(e) glacfaidh sé leis go dtarlóidh an lipéadú, lena n-áirítear lipéadú forlíontach nó ceartuithe ar lipéadú, i stóir chustaim nó i limistéir ainmnithe eile sa tír allmhairiúcháin mar rogha ar lipéadú sa tír thionscnaimh mura n-éileofar go ndéanfadh daoine formheasta an lipéadú sin ar chúiseanna sláinte phoiblí nó sábháilteachta; agus

(f) féachfaidh sé le lipéid neamhbhuana nó inbhainte a ghlacadh, nó le faisnéis is ábhartha a áireamh sa doiciméadacht a ghabhann leis an táirge, seachas í a áireamh i lipéid atá i gceangal go fisiciúil leis an táirge.

PUBLIC

AIRTEAGAL 16.12

Idirphlé teicniúil agus comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis faoi aon ábhar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a sholáthar. Soláthróidh an Páirtí eile an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse réasúnta ama.

2. Má mheasann Páirtí go bhféadfadh éifeacht dhíobhálach shuntasach a bheith ag dréacht nó ag rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta de chuid an Pháirtí eile ar thrádáil idir na Páirtithe, féadfaidh sé pléití teicniúla ar an ábhar a iarraidh. Déanfar an t- iarraidh sin i scríbhinn agus sainaithneofar ann:

(a) an beart;

(b) na forálacha den Chaibidil seo lena mbaineann na hábhair imní; agus

(c) na cúiseanna atá leis an iarraidh, lena n- áirítear tuairisc ar ábhair imní an Pháirtí iarrataigh maidir leis an mbeart.

3. Cuirfidh an Páirtí iarraidh de bhun an Airteagail seo chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile arna ainmniú bhun Airteagal 16.13.

PUBLIC

4. Arna iarraidh sin do Pháirtí, tiocfaidh na Páirtithe le chéile chun na hábhair imní ardaíodh san iarraidh dá dtagraítear i mír 2 a phlé, go pearsanta nó trí fhíschomhdháil nó trí theileachomhdháil, laistigh de 60 lá ó dháta an iarrata. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar sin a bheidh chun sástacht a chéile.

5. Má mheasann an Páirtí iarrthach go bhfuil práinn leis an ábhar, féadfaidh sé a iarraidh ar an bPáirtí eile go reáchtálfar cruinniú laistigh de thréimhse ama níos giorra. Measfaidh an Páirtí eile an iarraidh sin.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an Airteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí ceachtar Páirtí faoi Chaibidil 38.

AIRTEAGAL 16.13

Pointí teagmhála

1. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun comhar agus comhordú faoin gCaibidil seo a éascú, agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina mhionsonraí teagmhála. Tabharfaidh gach Páirtí fógra pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na sonraí teagmhála sin.

2. Oibreoidh na pointí teagmhála i gcomhpháirt chun cur chun feidhme na Caibidle seo agus an comhar idir na Páirtithe maidir le gach ábhar a bhaineann le bacainní teicniúla ar thrádáil a éascú. Déanfaidh na pointí teagmhála na nithe seo a leanas:

(a) plé teicniúil agus comhairliúcháin theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 16.12 a eagrú;

PUBLIC

(b) aghaidh a thabhairt go pras ar shaincheist a tharraingeoidh Páirtí anuas maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm;

(c) arna iarraidh sin do Pháirtí, plé a shocrú maidir le haon ní a éiríonn as an gCaibidil seo; agus

(d) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí i bhfóraim neamhrialtais, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann le rialacháin theicniúla, caighdeáin, agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

3. Déanfaidh na pointí teagmhála cumarsáid lena chéile trí aon mhodh comhaontaithe a bheidh iomchuí chun a bhfreagrachtaí a dhéanamh.

AIRTEAGAL 16.14

An Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil

Déanfaidh an Fochoiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil ('an Fochoiste') a bhunaítear de bhun Airteagal 8.8(1) an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh sé faireachán ar chur chun feidhme agus riar na Caibidle seo;

PUBLIC

(b) cuirfidh sé leis an gcomhar maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a fhorbairt agus a fheabhsú;

(c) bunóidh sé réimsí tosaíochta leasa fhrithpháirtigh a ndéanfar obair ina leith amach anseo faoin gCaibidil seo agus déanfaidh sé machnamh ar thograí le haghaidh tionscnaimh nua;

(d) déanfaidh sé faireachán agus plé ar an méid a thiteann amach faoi Chomhaontú BTT; agus

(e) déanfaidh sé aon bheart eile a mheasann na Páirtithe a bheidh ina chúnamh dóibh chun an Chaibidil seo agus Comhaontú BTT a chur chun feidhme.

PUBLIC